

Buíochas

Is mian leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil aitheantas a thabhairt do na daoine agus na heagraíochtaí seo a leanas a chabhraigh le hathbhreithniú a dhéanamh ar na treoiríní seo: -

Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann.

An Bord Pleanála.

Comhairle Contae Chorcaí.

Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.

Údarás Eitlíochta na hÉireann.

Dr Eric R. Farrell, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Treoirlínte Phleanála

Clár Ábhar

LCH

Caibidil 1	Réamhrá agus Comhthéacs ó thaobh Beartais	
1.1	Feidhm agus Stádas na dTreoirlínte	1
1.2	Comhthéacs ó thaobh Beartais	1
Caibidil 2	An Teicneolaíocht agus Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt	
2.1	An Teicneolaíocht	6
2.2	Méid agus Scála Tuirbíní Gaoithe agus Fhorbairtí Fuinnimh Ghaoithe	8
Caibidil 3	Fuinneamh Gaoithe agus an Plean Forbartha	
3.1	Réamhrá	9
3.2	Cáipéisí Ábhartha maidir le Beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha	9
3.3	Comhairliúchán	9
3.4	Plean Forbartha - Aidhmeanna agus Cuspóirí Straitéiseacha	10
3.5	Treoir Chéim-ar-Chéim maidir leis an Anailís ag an Údarás Pleanála ar Limistéir Oiriúnacha le haghaidh Fuinnimh Ghaoithe	11
3.6	Córais Fhaisnéise Geografaí agus Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt	13
3.7	An Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha agus Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt	14
3.8	Ainmniúcháin Taitneamhachtaí	14
3.9	An Turasóireacht agus an Áineas	14
Caibidil 4	Iarratais Phleanála agus Measúnú Tionchair ar an gComhshaol	16
4.1	Comhairliúchán Réamh-Iarratais	16
4.2	Crainn Tomhais Ghaoithe	17
4.3	Rochtain ar an nGreille Aibhléise	17

4.4	Comhairliúchán Poiblí leis an bPobal Áitiúil	19
4.5	Nithe Ginearálta le Cur san Áireamh agus Iarratais Phleanála maidir le Fuinneamh Gaoithe á Measúnú	20
4.6	Gá le Measúnú Tionchair ar an gComhshaol	21
4.7	Forbairtí faoi bhun Thairseach an MTC	22

Caibidil 5

	Impleachtaí don Chomhshaol	23
5.1	Réamhrá	23
5.2	An Oidhreacht Nádúrtha	23
5.3	Coinníollacha Talún/ An Gheolaíocht	26
5.4	An tSeandálaíocht	28
5.5	An Oidhreacht Ailtireachta	28
5.6	Torann	28
5.7	Gnéithe Sábháilteachta	31
5.8	Gaireacht do Bhóithre agus Iarnróid	31
5.9	Gaireacht do Línte Cumhachta	31
5.10	Trasnaíocht le Córais Chumarsáide	32
5.11	Sábháilteacht Eitleán	32
5.12	Preabadh Scátha	33
5.13	Gabháil Ghaoithe	34
5.14	Díchoimisiúnú agus á Chur Ar Ais Mar a Bhí	34

Caibidil 6

	Nithe Aeistéitiúla le Cur san Áireamh agus Forbairtí á Láithreánú agus á Dhearadh	35
6.1	Réamhrá	35
6.2	Nithe Aeistéitiúla le Cur san Áireamh	36
6.3	Forbairtí Fuinnimh Ghaoithe a Láithreánú	37
6.4	Fairsinge agus Scála Spásúil	40
6.5	Éifeacht Charnach	41
6.6	Spásáil	42
6.7	Leagan Amach	43
6.8	Airde	45
6.9	Cineálacha Carachtar Tírdhreacha mar Bhonn le haghaidh Treoirlínte	46

6.10	Tionchar ar an Tírdhreach agus Forbairtí Fuinnimh Ghaoithe á dTógáil	70
6.11	Tionchar Forbartha Gaolmhaire ar an Tírdhreach	71
6.11.1	Foirgneamh Rialaithe agus Campún an Fhostáisiúin	71
6.11.2	Fálú	72
6.11.3	Nasc le Soláthraithe Aibhléise	72
6.11.4	Bóithre/cosáin	73
6.12	Dath na dTuirbíní	75
6.13	Cothabháil na dTuirbíní	75
6.14	Claochladán na dTuirbíní	76
6.15	Tionchar Fheidhmiú agus Dhíchoimisiúnú na Forbartha Fuinnimh Ghaoithe ar an Tírdhreach	76
6.16	Meastachán maidir le Méid an Tionchair is Dócha a Bheidh ar an Tírdhreach	76
Caibidil 7	Coinníollacha Pleanála	79
7.1	Réamhrá	79
7.2	Dearadh maidir le Láithreánú	80
7.3	Solúbthacht maidir le mar a Shuítear Tuirbín	80
7.4	An tSeandálaíocht	81
7.5	Torann, lena n-áirítear torann na tógála	81
7.6	Tionchar ar an gComhshaol: Bearta Maolaithe/Cúiteacha	82
7.7	Monatóireacht Chomhshaoil	82
7.8	Céim na Tógála	83
7.9	Claiseanna Iasachtaithe agus Cairéalú	83
7.10	Bóithre agus Cosáin Rochtana	84
7.11	Struchtúir agus Trealamh Foghabhálacha	84
7.12	Nasc le Dáileoirí Aibhléise	85
7.13	Saincheisteanna maidir le Láithreáin a Bhainistiú	85
7.14	Preabadh Scátha	85
7.15	Trasnaíocht Leictreamaighnéadach	85

7.16	Sábháilteacht Aerloingseoireachta	85
7.17	Gabháil Ghaoithe	86
7.18	Ranníocaíochtaí Airgeadais	86
7.19	Díchoimisiúnú agus á Chur Ar Ais Mar a Bhí	87
7.20	Teorainneacha Ama	87

Aguisíní

Aguisín 1	Modheolaíocht le hAnailís a dhéanamh ar Leochaileacht an Tírdhreacha	88
Aguisín 2	Comhairle d'Fhorbróirí maidir le Scothchleachtas sa Phróiseas Comhairliúcháin Réamh-iarratais	91
Aguisín 3	Measúnú Tionchair Tograí Forbartha Fuinnimh Ghaoithe ar an Tírdhreach	93
Aguisín 4	Scothchleachtas le haghaidh Fuinneamh Gaoithe a horbairt i bPortaigh	99
Aguisín 5	Gluais	102
Aguisín 6	Tagairtí	108

Caibidil 1

Réamhrá agus Comhthéacs ó thaobh Beartais

1.1 Feidhm agus Stádas na dTreoirlínte

Tairgtear comhairle d'údaráis phleanála leis na Treoirlínte seo maidir le pleanáil le haghaidh fuinnimh ghaoithe trí phróiseas an phlean forbartha agus maidir le hiarratais ar chead pleanála a chinneadh. Tá na treoirlínte beartaithe freisin le comhleanúnachas a chinntiú ó thaobh cur chuige ar fud na tíre maidir leis an mbealach a aithneofar suímh oiriúnacha le haghaidh fuinneamh gaoithe a fhorbairt agus maidir leis an mbealach a chaithfear le hiarratais phleanála ar fhorbairtí fuinnimh ghaoithe. Ba chóir go mbeidís ina gcúnamh ag forbróirí agus ag an bpobal ar bhonn níos leithne freisin agus forbairt an fhuinnimh ghaoithe á breithniú.

D'eisigh an Roinn treoirlínte ar dtús i mí Mheáin Fhómhair 1996 d'údaráis phleanála maidir le fuinneamh gaoithe a fhorbairt. Tagann na treoirlínte seo in áit threoirlínte 1996 agus tá siad ar cheann de shraith threoirlínte a bhfuil sé d'aidhm acu cabhrú le húdaráis phleanála agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú acu.

Eisíonn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na treoirlínte seo faoi Alt 28 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000, lena gceanglaítear ar údaráis phleanála agus ar an mBord Pleanála araon aird a thabhairt orthu agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu. Ceanglaítear ar údaráis phleanála faoi Alt 28 cóipeanna de na treoirlínte a chur ar fáil don phobal freisin lena ghrinnscrúdú. Ba chóir a thabhairt faoi deara áfach, nach mbaineann na treoirlínte seo ach amháin le saincheisteanna maidir le húsáid talún agus saincheisteanna comhshaoil a bhaineann le fuinneamh gaoithe ar talamh agus ní phléann siad le saincheisteanna ó thaobh comhaontuithe ceannacháin, ceisteanna a bhaineann le cumas greillí nó fuinneamh gaoithe ar muir.

Ba chóir go bhfeicfí don duine, oiread agus is féidir, go bhfuil na tuirbíní ina n-eilimint dhearfach laistigh de thírdhreach. Dá bharr sin, is féidir cuma dhiúltach a bheith ar dhathanna dubhliatha nó miotalacha nó a bheith ag teacht le heilimintí tionscail, ach cuireann bán íomhá na glaineachta agus na héifeachtúlachta a bhaineann

leis an bhfuinneamh gaoithe, in iúl. Ba chóir úsáid a bhaint as bailchríocha neamhlonracha neamh-fhrithchaiteacha ar gach comhchuid de thuirbíní.

1.2 Comhthéacs ó thaobh Beartais

Tá sé ina thosaíocht, go náisiúnta agus ar leibhéal Eorpach, ó thaobh beartais chomhshaoil agus fhuinnimh araon, foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, in éineacht le bearta a bhfuil sé d'aidhm acu úsáid fhuinnimh a laghdú agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as. Caithfear aird a thabhairt ar an gcomhshaol freisin agus beartais maidir le fuinneamh in-athnuaite á gcur i ngníomh. Go sonrach, tá ceanglas dlí ann chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a lánpháirtiú, rud a léiríodh agus an Coinbhinsiún maidir le Bithéagsúlacht agus ceanglais cheangailteachta Threoracha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga daingnithe ag Éirinn ina gcuid de gach treoir, plean agus beartas earnála.

Thacaigh an rialtas go dtí seo le gléasraí a fhorbairt a ghineann aibhléis atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite lena n-áirítear gineadóirí tuirbín gaoithe, trí chomórtais go príomha a riaradh faoi Chlár an Cheanglais Fhuinnimh Mharlartaigh, rud a thug margadh a raibh bannaí leis do chuideachtaí fuinnimh ghaoithe le cumhacht a dhíol leis.

Táthar ag súil go dtiocfaidh fás leanúnach ar fhorbairtí fuinnimh ghaoithe mar gheall ar an ngá le gealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta na hÉireann don fhuinneamh in-athnuaite a chomhlíonadh, agus mar gheall ar cháilíocht aitheanta fhoinsí fuinnimh ghaoithe na hÉireann. Tá an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha ag tabhairt faoi athbhreithniú faoi láthair ar roghanna maidir le targaidí beartais agus cláir amach anseo ó thaobh fuinnimh in-athnuaite. Breithneoidh an t-athbhreithniú méaduithe comharthacha in aschur fuinnimh ghlas na hÉireann idir anois agus 2020.

1.2.1 An Plean Forbartha Náisiúnta (2000-2006)

Soláthraíonn an Plean Forbartha Náisiúnta tacaíocht faoin gClár Oibriúcháin Eacnamaíoch, Sóisialta, agus Infreastruchtúir, chun fuinneamh malartach a chur chun cinn. Maidir leis seo, príomhchuspóirí is ea leathnú a dhéanamh ar an úsáid fhuinnimh in-athnuaite agus forbairt na teicneolaíochta a chur chun cinn, rud

a chabhraíonn linn ár n-oibleagáidí idirnáisiúnta ó thaobh athraithe aeráide a chomhlíonadh.

1.2.2 Forbairt Inbhuanaithe: Straitéis d'Éirinn (1997)

Is é an beartas buntábhachtach maidir le fuinneamh inbhuanaithe ná úsáid fhuinnimh a laghdú agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as agus freisin, úsáid níos mó a bhaint as fuinneamh in-athnuaite chun meath an chomhshaoil a laghdú go suntasach agus cabhrú le fadhbanna domhanda amhail athrú aeráide a mhaolú.

1.2.3 Páipéar Bán an AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite (1997)

Aithníodh leis an bpáipéar seo fás a d'fhéadfadh teacht ar an méid a chuireann fuinneamh in-athnuaite leis an soláthar fuinnimh iomlán, ó 14.3% go dtí 23.5% faoi 2010. Dá bharr sin, tugtar aghaidh i dTreoir 2001/77/CE ó Mheán Fómhair 2001 maidir le haibhléis ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn sa mhargadh aibhléise inmheánach¹, ar oibleagáid atá ar Bhallstáit le clár a bhunú chun méadú a dhéanamh ar an méid fuinnimh chomhlán a chaitear as gléasraí ginte aibhléise atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite (“aibhléis ghlas”). Ba é an targaid chomharthach a cuireadh faoi bhráid na hÉireann sa Treoir ná aibhléis ghlas a mhéadú ó 3.6% den mhéid aibhléise chomhlán a caitheadh in 1997 go dtí 13.2% faoi 2010.

1.2.4 Páipéar Uaine maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe (1999)

Leagadh targaid síos leis an bpáipéar seo go méadófaí céatadán na haibhléise arna ginniúint ag foinsí in-athnuaite ó 6.3% in 2000 go dtí 12.39% in 2005, rud a bhainfear amach trí 500 Meigeavolt breise ó fhoinsí in-athnuaite a shuiteáil faoi 2005, ó fhuinneamh gaoithe go príomha. Ag leanúint ar aghaidh ón bPáipéar Uaine, is é príomhaidhm na Straitéise chun Imlonnú an Fhuinnimh Ghaoithe a Ghéarú (Iúil 2000) ná tacú leis an targaid seo, maidir le 500 Meigeavolt de ghléasra ginte aibhléise bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, a sheachadadh.

1.2.5 An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999

D'fhoráil an tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999, le tús a chur leis an margadh aibhléise a liobrálú go mbeadh iomaíocht ann, ar aon dul le ceanlgais Threoracha an AE maidir le haibhléis agus Iomaíocht.

¹ An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite

1.2.6 Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide (2000)

Chuathas le Prótacal 1997 Kyótó a ghabhann le Creatchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide de bharr gníomhaíochta idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda an athraithe aeráide. Leagtar creatlach bheartais deich mbliana amach i Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide an Rialtais chun na laghduithe riachtanacha ar gháis cheaptha teasa a bhaint amach i dtreo is go gcomhlíonfaidh Éire a targaid um theorannú 13% ar astuithe 1990, faoi chuimsiú thargaid fhoriomlán an AE le laghdú 8% a dhéanamh, faoin gcéad tréimhse ghealltanais 2008-2012. Le cois beart a dhéanamh anois chun targaid na chéad chéime seo a shroicheadh, beidh tuilleadh aicsin riachtanach chun gealltanais is doimhne ná sin a chomhlíonadh. Is é an comhdhearcadh eolaíochta a forbraíodh sa Phaineál Idir-Rialtasach maidir le hAthrú Aeráide ná go bhfuil ciorruithe idir 60-70% ag teastáil ar líon na n-astuithe domhanda as seo go deireadh an chéid chun leibhéil na ngás ceaptha teasa a dhéanamh socair san atmaisféar ar leibhéal na dtiúchan a choisceann tionchair chontúirteacha ar chórais aeráide an domhain de bharr gníomhaíochta an duine.

1.2.7 Treoracha maidir le Gnáthóga & Éin

Ceanglaítear ar Éirinn le Treoir an AE (92/43/CEE) maidir le Gnáthóga Nádúrtha agus Fásra agus Ainmhithe Fiáine a Chaomhnú², limistéir ábhartha a mholadh lena n-ainmniú mar Limistéir Chaomhantais Speisialta chun gnáthóga agus speicis liostaithe a chaomhnú, agus chun a stádas fabhrach caomhnúcháin a choinneáil ar bun. Aistríodh an Treoir maidir le Gnáthóga isteach ina cuid de dhlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 (I.R. 94 de 1997).

Ceanglaítear le Treoir 79/409/CEE an AE maidir le hÉin Fhiáine a Chaomhnú³, go ndéanfar bearta speisialta chun gnáthóga speiceas liostaithe imirceach agus bogaigh a chaomhnú lena chinntiú go mairfidh siad agus go mbeidh siad ag síolrú go buan ina limistéar dáileacháin. Tá na limistéir is oiriúnaí le haghaidh na speiceas seo rangaithe mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta. Tá sé d'oibleagáid ar Éirinn “céimeanna cuí a ghlacadh chun seachaint is nach ndéanfar truailliú nó meath ar ghnáthóga ná aon rud a chuirfidh isteach ar na gnáthóga a fhágfaidh go gcuirfear as do na héin”. Níl inghlactha i Limistéir faoi Chosaint Speisialta ach gníomhaíochtaí nach ngabhann éifeachtaí suntasacha ar éin leo. Ceanglaítear freisin leis an Treoir maidir le hÉin go seachnófar truailliú nó meath ar

² An Treoir maidir le Gnáthóga

³ An Treoir maidir le hÉin

ghnáthóga atá lasmuigh go ginearálta de láithreáin atá faoi chosaint sonrach. Tá liostú ar láithreáin na Limistéar Caomhantais Speisialta agus na Limistéar faoi Chosaint Speisialta ar fáil ar www.heritagedata.ie.

1.2.8 Coinbhinsiún maidir le Bithéagsúlacht agus Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta (2002)

Ullmhaíodh an *Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2002* mar fhreagairt ar Airteagal 6 den *Choinbhinsiún maidir le Bithéagsúlacht*. “Tugtar aird speisialta” sa phlean sin “ar an ngá le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a lánpháirtiú isteach i ngach earnáil ábhartha. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar ceisteanna bithéagsúlachta a lánpháirtiú go hiomlán agus go héifeachtach sa phróiseas lena bhforbrófar agus lena gcuirfear i ngníomh reachtaíocht agus cláir bheartais eile má táthar le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a bhaint amach”.

1.2.9 Forbairt Inbhuanaithe á Déanamh d’Fhorbairt na hÉireann (2002)

Tháinig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Forbairt Inbhuanaithe á Déanamh d’Fhorbairt na hÉireann le haghaidh Chruinniú Mullaigh an Domhain in Johannesburg maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe a reáchtáladh in 2002. Scrúdaítear sa tuairisc dul chun cinn a rinneadh in imeacht na ndéich mbliana ó Chruinniú Mullaigh Rio de Janeiro fán Domhan, measúnaítear an dúshlán atá romhainn anois ann, agus leagtar beartais agus gníomhartha amach chun an dúshlán sin a chomhlíonadh. Déantar de chonclúid ann go bhfuil comhshaoil ardchaighdeán bunriachtanach do dhul chun cinn na heacnamaíochta agus don forbairt inbhuanaithe go ginearálta.


Caibidil 2

An Teicneolaíocht agus Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt

2.1 An Teicneolaíocht

Baintear úsáid as tuirbíní gaoithe chun aibhléis a dhéanamh d'fhuinneamh cinéiteach na gaoithe. Féadfaidh tograí le haghaidh fuinnimh ghaoithe a bheith le haghaidh tuirbíní aonair nó grúpuithe tuirbíní (forbairt fhuinnimh ghaoithe). Ba chóir go mbeadh údaráis phleanála ar an eolas go bhfuil teicneolaíocht na dtuirbíní gaoithe ag athrú go leanúnach.

Beidh na heilimintí seo a leanas san áireamh le **tuirbín gaoithe** go ginearálta (féach léaráid 2.2).



Túr: (A) D'fhéadfaidís a bheith ar airde éagsúla faoi láthair ó 35 mhéadar aníos. Bíonn trastomhas idir 3-7 méadar i mbonn na dtúr cruach feadánach go tipiciúil agus bíonn siad barrchaolaithe de bheagán i dtreo an nacelle. Féadfaidh trastomhas níos mó sa bhonn a bheith riachtanach do thúir níos mó.

Nacelle: (B) Tá comhchodanna meicniúla buntábhachtacha an tuirbín ghaoithe istigh leis seo, lena n-áirítear an gearbhosca agus an gineadóir. Baintear úsáid as meicníocht yaw chun an nacelle a chasadh ionas go mbeidh lanna an rótair ar aghaidh na príomhghaoithe.

Lanna: (C) Is de ghloine, phlaisteach atreistithe nó eapocsach adhmaid is coitianta a dhéantar na lanna, a ghabhann an ghaoth agus a bhíonn á gcur ag gluaiseacht ag an ngaoth, ach is féidir iad a bheith déanta d'alúmanam nó de chruach. Bíonn trí lann ag tuirbíní nua-aimseartha go tipiciúil. Féadfaidh trastomhais éagsúla a bheith sa rótar, ó 35 mhéadar aníos.

Claochladán: (D) Gaireas is ea é seo le voltas an tsrutha ailtéarnaigh a athrú. Gineann an tuirbín ghaoithe aibhléis ar níos lú na 1000 volta go tipiciúil agus cuireann an claochladán breis leis an voltas sin go dtiocfaidh sé le voltas an ghreille náisiúnta. Féadfaidh sé sin a bheith suite laistigh de nó taobh leis an túr.

Boinn stroighne na dúshraithe: Bíonn boinn na dtuirbíní idir 7 agus 18 méadar chearnacha ar fhad go tipiciúil agus limistéar cruu ag bonn gach tuirbín.

Féadfaidh na heilimintí seo a leanas a bheith san áireamh i bhforbairt ghaoithe thipiciúil:

Tuirbíní Gaoithe	
Crann Monatóireachta Gaoithe	
Claochladáin	Freastalaíonn ar gach tuirbín
Cosáin inmheánacha	Tugann bealach le teacht ar na tuirbíní
Campún fostáistiúin	Lena n-áirítear claochladáin, scoradáin chiorcaid agus foirgneamh rialaithe.
Cáblaí cumhachta	Faoi thalamh laistigh den l áithreán de ghnáth
Cuailí/piolóin	Nascann láithreáin na forbartha fuinnimh ghaoithe leis an ngreille náisiúnta

2.2 Méid agus Scála Tuirbíní Gaoithe agus Fhorbairtí Fuinnimh Ghaoithe

Is féidir tuirbíní gaoithe a imlonnú ina n-aonar, ina ngrúpaí beaga nó líon níos mó díobh i bhforbairtí fuinnimh ghaoithe. Féadfaidh fachtóirí éagsúla dul i bhfeidhm ar mhéid fhorbartha gaoithe, lena n-áirítear saincheistanna teicniúla a bhaineann le tréithe fisiciúla an láithreáin, an acmhainn ghaoithe agus cumas an tarchuir nó an ghreille dáileacháin áitiúil, chomh maith le nithe is gá a chur san áireamh ó thaobh tírdhreacha agus oidhreachta agus beartais i bpleananna forbartha.

Is dócha gurb é an bealach is sásúla go mbainfear leas as acmhainní gaoithe na hÉireann ná trí úsáid a bhaint as scálaí difriúla forbartha agus as tuirbíní ar airde difriúla. Cé gur dócha go leanfar ar aghaidh le forbairtí ar scála níos mó a mholadh i limistéir tuaithe, is féidir a bheith ag súil le scéimeanna ar scála níos lú ar láithreáin uirbeacha agus tuaithe araon.

Caibidil 3

Fuinneamh Gaoithe agus an Plean Forbartha

3.1 Réamhrá

Tá sé tábhachtach go mbeidh an dá rud seo a leanas curtha isteach ina gcuid de gach plean forbartha: ráiteas maidir le beartais agus cuspóirí an údaráis phleanála i ndáil le fuinneamh gaoithe a fhorbairt chomh maith le ceisteanna a thógfaidh sé san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála ar thograí sonracha maidir le fuinneamh gaoithe a fhorbairt.

Caithfidh an plean forbartha cothromaíocht réasúnach a bhaint amach idir a bheith ag freagairt do Bheartas foriomlán an Rialtais maidir le fuinneamh in-athnuaite agus a bheith ag cumasú acmhainní fuinnimh ghaoithe limistéar an údaráis phleanála go mbeifear in ann leas a bhaint astu ar bhealach a thagann leis an gceartphleanáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

Ní mór an measúnú ar thograí aonair le fuinneamh gaoithe a fhorbairt, a dhéanamh faoi chuimsiú chomhthéacs chur chuige atá “faoi stiúir phlean”. Is éard atá i gceist leis sin ná limistéir a aithint a mheastar a bheidh oiriúnach nó mí-oiriúnach le haghaidh fuinneamh gaoithe a fhorbairt. Ba chóir na limistéir seo a leagan amach sa phlean forbartha ansin chun soiléireacht a sholáthar d’fhorbróirí, don údarás phleanála, agus don phobal.

3.2 Cáipéisí Ábhartha maidir le Beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha

Tá gach treoirlíne agus treoirnóta phleanála ábhartha ó Airí san áireamh i gcáipéisí tábhachtacha atá le breithniú ag údaráis phleanála i gcomhthéacs a bheith ag ullmhú agus ag dul le beartais agus cuspóirí straitéiseacha i ndáil le forbairt fhuinnimh ghaoithe ina bpleananna forbartha.

3.3 Comhairliúchán

Tá sé de cheangal ar údaráis phleanála dul i gcomhairle le comhlachtaí cuí lena chinntiú go dtugtar aird i mbeartais phleananna forbartha ar shaincheisteanna, bheartais agus dhearcaí ábhartha (Alt 11(3)(c) den *Acht Pleanála agus Forbartha, 2000*). I

gcomhthéacs fuinneamh gaoithe a fhorbairt, beidh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, san áireamh leis seo, ó thaobh na hoidhreachta nádúrtha agus tógtha, agus soláthraithe aibhléise. Le cois a bhfuil thuas, tá sé inmholta dul i gcomhairle le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann, comhlachtaí áineasa agus turasóireachta, agus eagraíochtaí eile oidhreachta de réir mar a mheastar a bheith cuí.

3.4 Plean Forbartha – Aidhmeanna agus Cuspóirí Straitéiseacha

Tar éis an comhthéacs straitéiseach, ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta, a bhreithniú maidir le fuinneamh gaoithe, agus tar éis comhairliúcháin iomláin leis na comhlachtaí cuí freisin, ba chóir go leagfaí na beartais agus na cuspóirí seo a leanas amach sa phlean forbartha:

- ráiteas dearfach tacaíoch maidir le tábhacht an fhuinnimh ghaoithe mar fhoinsé fhuinnimh inathnuaite ar féidir léi ról láirthábhachtach a imirt ó thaobh targaidí náisiúnta a bhaint amach i ndáil le laghduithe ar an spleáchas ar bhreosláí iontaise agus mar sin ar astuithe gáis cheaptha teasa, in éineacht le cuspóir le daingne an tsoláthair fhuinnimh a chinntiú;
- cuspóirí leis an uasphoitéinseal ó acmhainní fuinnimh ghaoithe limistéar an údaráis phleanála a dhaingniú i gcomhriar le bheith ag tacú le forbairt a thagann leis an gceartphleanáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe;
- na limistéir bhuntábhachtacha laistigh de limistéar feidhme an údaráis phleanála mar a bhfuil poitéinsealsuntasach maidir le fuinneamh gaoithe, a aithint ar léarscáileanna na bpleananna forbartha, chomh maith le cá háit a mbeidh forbairt fhuinnimh ghaoithe inghlactha i bprionsabal ach critéir amhail ceisteanna maidir le dearthóireacht agus pleanáil tírdhreacha, an oidhrecht nádúrtha, an comhshaoil agus taitneamhachtaí a shásamh;
- na critéir shonracha le fuinneamh gaoithe a fhorbairt a thógfaidh an t-údarás phleanála san áireamh agus aon tograí le haghaidh fuinnimh ghaoithe nó tograí gaolmhara ⁴ á mbreithniú sna limistéir bhuntábhachtacha a aithníodh, bunaithe ar na critéir mholta maidir le láithreánú agus

⁴ Féadfaidh líonraí fuinnimh agus ainéimiméadair shealadacha ghaoithe lena dtomhaistear poitéinseal na gaoithe a bheith san áireamh leo sin.

dearthóireacht a dtagraítear dóibh sna treoirlínte seo. Bíonn creatlach shoiléir ag teastáil ó fhorbróirí tionscadal fuinnimh ghaoithe, ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile le tabhairt le fios cá háit gur chóir forbairt fhuinnimh ghaoithe a shuíomh, agus céard iad na fachtóirí a thógfar san áireamh agus tograí den sórt sin idir lámha; agus

- an grinnscrúdú ar an bpoitéinseal le haghaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe ar scála réasúnta beag laistigh de limistéir uirbeacha agus tionscail, agus le haghaidh tograí beaga pobalbhunaithe lasmuigh de na limistéir bhuntábhachtacha a aithnítear mar limistéir a bheadh oiriúnach le haghaidh fuinneamh ghaoithe a fhorbairt. Cuireann úinéireacht an phobail ar thionscadail fhuinnimh ghaoithe ar chumas pobal áitiúil leas a bhaint go díreach as acmhainní fuinnimh ghaoithe áitiúla atá á bhforbairt ina limistéir áitiúla, ag cinntiú ioncaim fhadtéarmaigh do phobail tuaithe.

3.5 Treoir Chéim-ar-Chéim maidir leis an Anailís ag an Údarás Pleanála ar Limistéir Oiriúnacha le haghaidh Fuinnimh Ghaoithe

Chun cabhrú le húdaráis phleanála limistéir bhuntábhachtacha a aithint ar léarscáileanna pleananna forbartha mar a bhfuil acmhainní maithe d'fhuinneamh ghaoithe a bhféadfaí a shaothrú ar bhealach a thagann leis an gceartphleanáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe, moltar cur chuige chéim-ar-chéim. Baineann criatharanailís mhapála leis an gcur chuige ordúil sin ar na critéir bhuntábhachtacha comhshaoil, tírdhreacha, theicniúla agus eacnamaíochta nach mór a chothromú chun an áit is oiriúnaí le fuinneamh ghaoithe a fhorbairt, a aithint. Agus an cleachtadh seo á dhéanamh, tá sé inmholta go rachfaí i gcomhairle le húdaráis phleanála chomharsanacha le cur chuige comhleanúnach a chinntiú trasna teorainneacha contae.

Tá an mhodheolaíocht don chur chuige seo leagtha amach sna hailt seo a leanas.

Céim 1

Measúnú a dhéanamh ar na limistéir lena mbaineann poitéinseal ghaoithe idir limistéir a mbaineann acmhainní forleathana d'fhuinneamh ghaoithe leo agus limistéir nach mbaineann an oiread sin acmhainní ghaoithe leo agus úsáid á baint as Atlas Gaoithe d'Éirinn le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann. Tá luasa ghaoithe ar 50 méadar, 75 mhéadar agus 100 méadar os cionn leibhéal na talún

léirithe san Altas Gaoithe d'Éirinn. Léiríonn an trí airde airde mhoil na teicneolaíochta tuirbín ghaoithe mar atá faoi láthair agus mar a bheidh go gairid amach anseo. Is féidir cúnaimh maidir leis seo a fháil ón Oifig Fhaisnéise um Fhuinneamh In-athnuaite le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann i gCorcaigh (teil: 023-42193, r-phost: renewables@reio.ie).

Céim 2

Ullmhaigh nó bain úsáid as meastóireacht ar an tírdhreach agus ar a leochaileacht ó thaobh forbairtí fuinnimh ghaoithe. Ar na fachtóirí ar féidir leo faisnéis a thabhairt maidir le leochaileacht an tírdhreacha d'fhorbairt fhuinnimh ghaoithe, tá cáilíocht, annamhacht, uathúlacht an radhairc, agus ceisteanna ó thaobh na hoidhreachta nádúrtha agus cultúir. (Tá léarscáileanna maidir le carachtracht tírdhreacha ullmhaithe ag roinnt údarás áitiúil, rud a d'fhéadfadh tacú leis an bpróiseas seo). Leagtar modheolaíocht amach le leochaileacht tírdhreacha a mhapáil ag Aguisín 1.

Céim 3

Ullmhaigh forleagan ar an meastóireacht ar an tírdhreach agus an anailís ar leochaileacht, agus mapáil na leochaileachta agus an fhuinnimh ghaoithe, in éineacht le faisnéis maidir leis an oidhreacht thógtha agus nádúrtha, agus áiteanna atá ainmnithe maidir le gnéithe seandálaíochta agus taitneamhachta sa Plean Forbartha. Aithneofar leis sin na limistéir sin a thagann faoi oibleagáidí reachtúla agus éascóidh sé leis an radharc ar an bhforbairt a lánpháirtiú sa tírdhreach ar an mbealach is barrmhaitheasaí agus an oiread leasa agus is féidir a bhaint as acmhainní fuinnimh ghaoithe ag an am céanna. Táirgfídh an próiseas maidir le hainmniúcháin an phlean forbartha a fhorleagan ar mhapáil an fhuinnimh ghaoithe agus an measúnú ar an tírdhreach, bonn leis na limistéir, mar a mbeadh forbairtí fuinnimh ghaoithe 'inghlactha i bprionsabal' a aithint a bheag nó a mhór, chomh maith le háiteanna mar a mbeadh an scéal 'oscalte lena bhreithniú', agus cá háit 'nach mbeidís incheadaithe de ghnáth'.

Céim 4

Na limistéir a aithníodh i gcéim 3 a lánpháirtiú le faisnéis maidir le hinrochtaineacht ar ghreillí tarchuradóireachta agus dáileacháin aibhléise. Soláthraítear mionsonraí ar an líonra tarchuradóireachta agus dáileacháin aibhléise in Altas Gaoithe d'Éireann le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann. Lena chois sin, déantar mionsonraí maidir leis an líonra tarchuradóireachta, a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil sa Ráiteas Réamhaisnéise le hOibreoir an Chórais Tarchuradóireachta, a bhíonn ar fáil ar an idirlíon ag www.eirgrid.com. Má bhíonn tuilleadh faisnéise faoin líonra ag teastáil, moltar go rachfadh an t-údarás pleanála i gcomhairle le hOibreoir an Chórais Tarchuradóireachta (Greille Náisiúnta) nó le hOibreoir an Chórais Dáileacháin (Líonra an Bhoird Soláthair Leictreachais) de réir mar is cuí.

Déanfar amach leis an bpróiseas seo, ar leibhéal ginearálta, limistéir mar a bhféadfar acmhainní fuinnimh ghaoithe a fhorbairt go réidh chomh maith le limistéir eile mar a bhféadfar acmhainní fuinnimh ghaoithe a fhorbairt ach mar a bhfuil gá le bonneagar an ghreille aibhléise a fhorbairt ar aon dul leis.

Treoirlínte um Phleanáil Réigiúnach

Moltar le go leor Treoirlínte um Phleanáil Réigiúnach go mbeadh comhordú ann idir údaráis phleanála i ndáil le fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt. Chabhródh cur chuige na criatharanailise a leagadh amach thuas le húdaráis réigiúnacha comh-chreatlach a fhorbairt laistigh de agus idir réigiúin, le fuinneamh gaoithe a fhorbairt.

3.6 Córais Fhaisnéise Geografaí agus Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt

Bíonn sochair áirithe ann d'údaráis phleanála maidir le húsáid a bhaint as Córais Fhaisnéise Geografaí speisialaithe ó thaobh saincheisteanna a bhaineann le fuinneamh gaoithe. Tá trí phríomhréimse ann, go háirithe, a spreagtar údaráis phleanála saineolas maidir le Córais Fhaisnéise Geografaí a fhorbairt ina dtaobh, viz:

3.6.1 Limistéir a Aithint

Is féidir le Córais Fhaisnéise Geografaí cuid lártábhachtach a dhéanamh den phróiseas le beartais a fhoirmliú. Bíonn úsáid ar leith leo agus a oiriúnaí is a bheadh limistéir le fuinneamh gaoithe a imlonnú iontu, á aithint, mar gheall ar an méid faisnéise agus nithe le cur san áireamh a bhíonn i gceist le hanailís den sórt sin. Bíonn go leor de na tacair sonraí a bhíonn riachtanach in anailís a dhéantar de réir limistéir, amhail faisnéis maidir le luas na gaoithe agus áiteanna atá ainmnithe maidir le cúrsaí nádúir agus oidhreachta, ar fáil go réidh anois i bhformáid na gCóras Faisnéise Geografaí.

3.6.2 Tograí maidir le Fuinneamh Gaoithe a Mheasúnú

Ba chóir d'údaráis phleanála, sa chás gur féidir, leas a bhaint as bogearraí na gCóras Faisnéise Geografaí le tograí maidir le fuinneamh gaoithe a mheasúnú agus a fhíorú go himmheánach. Is minice mar a bhíonn na samhlacha bunúsacha a mbaintear úsáid astu chun measúnú a dhéanamh ar thograí maidir le fuinneamh

gaoithe a fhorbairt, amhail ríomhaireachtaí ó thaobh Criosanna Tionchair ar an Radharc agus Criosanna Infheictheachta Teoiriciúla⁵, ina ngné chaighdeánach de chuid mhór bogearraí leis na Córais Fhaisnéise Geografaí (CFG), agus is coitianta naisc a bheith istigh iontu le cláir lena dtáirgtear frámaí sreanga agus fótamontáiseanna. Mar gheall ar rogha agus infhaighteacht bhogearraí den sórt sin de dhéanamh branda, is féidir iad sin a fháil réasúnta éasca anois agus ar bhealach costéifeachtach.

3.6.3 Monatóireacht ar Fhorbairt an Fhuinnimh Ghaoithe

Ba chóir d'údaráis phleanála, sa chás gur féidir, córais a chur ar bun, a mbeidh comhchuid maidir le Córais Fhaisnéise Geografaí ina gcuid díobh, chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an fhuinnimh ghaoithe (lena n-áirítear cinní maidir le hiarratais phleanála). Is féidir leis sin cabhrú le hathbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid is atá beartais agus cuspóirí an phlean forbartha á mbaint amach.

3.7 An Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha agus Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt

Ní ionann limistéar a bheith ainmnithe leis an oidhreacht nádúrtha nó thógtha a chosaint, nó mar limistéar taitneamhachta, agus forbairt fhuinnimh ghaoithe a bheith curtha as an áireamh go huathoibríoch. Caithfear an próiseas lena mbreithnítear aon fhorbairt fhuinnimh ghaoithe laistigh de nó in aice leis na limistéir sin a bheith faoi réir ag oibleagáidí na hÉireann faoin Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), Treoir an AE (Éin) (79/409/CEE) agus an Treoir maidir le Measúnú Tionchair ar an gComhshaol áfach. Ba chóir go mbeadh treoir shoiléir ar bheartais agus ar chuspóirí ar fáil i bpleananna forbartha maidir leis an oidhreacht nádúrtha agus thógtha, agus ba chóir go mbeadh an fhaisnéis laistigh díobh sin maidir le suíomh agus stádas, cruinn agus cothrom le dáta.

3.8 Ainmniúcháin Taitneamhachtaí

Ní gá go mbeadh limistéar curtha as an áireamh go huathoibríoch maidir le fuinneamh gaoithe a fhorbairt ann amach anseo mar

⁵ Airítear gur cur síos níos cruinne an teideal “Crios Infheictheachta Teoiriciúla” na “Crios Tionchair ar an Radharc” – bíonn na léarscáileanna a tháirgtear teoiriciúil toisc go ndéantar meastacháin iontu maidir lena mhéad de na tuirbíní a bheidh le feiceáil bunaithe ar shonraí maidir leis an tírghné amháin agus ní chuirtear san áireamh ar chor ar bith leo aon cheilt eadrannach a thugann fásra nó struchtúir dóibh. Thairis sin, déantar meastachán leis na léarscáileanna maidir lena infheicthe is a bheidh na tuirbíní sa tírdhreach mórthimpeall agus ní maidir lena “dtionchar ar an radharc”.

gheall go mbeadh forbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe le feiceáil ó radhairc ainmnithe, ach chuirfí cuspóirí den sórt sin san áireamh i bplean forbartha agus bheadh sin ina fhachtóir ábhartha a thógfáir san áireamh agus iarratas pleanála á mheasúnú. Dá réir sin, ba chóir go mbeadh cuspóirí den sórt sin cothrom le dáta agus cruinn, agus go léireoidís an scéal mar atá ar an talamh faoi láthair.

3.9 An Turasóireacht agus an Áineas

Ní mór an éifeacht a bheidh ag forbairt fhuinnimh ghaoithe ar ghníomhaíochtaí turasóireachta agus áineasa a mheasúnú. Maidir leis seo, tá sé inmhianaithe go rachfaí i gcomhairle leis an údarás turasóireachta ábhartha. Tá an turasóireacht agus an áineas mar bhonn is mar thaca ag an eacnamaíocht áitiúil i gcuid mhaith limistéar in Éirinn agus féadfaidh sin a bheith ag brath, idir chuid mhór agus chuid bheag, ar cháilíocht an chomhshaoil. Níl forbairtí fuinnimh ghaoithe contrátha le leasa turasóireachta agus scíthe, ach ní mór a bheith cúramach lena chinntiú nach n-imríonn forbairtí fuinnimh ghaoithe a shuítear go míthuisceanach tionchar diúltach ar an bpoitéinseal turasóireachta. Tugann torthaí oibre suirbhé le fios gur féidir leis an turasóireacht agus fuinneamh gaoithe maireachtáil taobh le chéile go suaimhneach⁶

Ba chóir an poitéinseal a bhaineann le forbairtí fuinnimh ghaoithe ó thaobh an oideachais a bhreithniú freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh scóp a bheith ann le haghaidh ionad mínithe faoi fhoinsí malartacha fuinnimh a bheith suite ag suímh inrochtana gar do roinnt forbairtí fuinnimh ghaoithe. Bheadh sé ina chúnamh dá mbeadh bealaí daingne siúil fad-achair/cearta slí le haghaidh taitneamhachtaí, aitheanta agus mapáilte sa Phlean Forbartha. Chumasódh sé sin measúnú ar idir a mhéid agus is féidir socrúithe a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí áineasa agus iad a éascú laistigh de nó in aice le forbairtí fuinnimh ghaoithe.

⁶ Dearcaí i leith Feirmeanna Gaoithe a Fhorbairt in Éirinn – Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann, 2003.

Caibidil 4

Iarratais Phleanála agus Measúnú Tionchair ar an gComhshaol

Is é feidhm na Caibidle seo ná comhairle a thabhairt d'údaráis phleanála maidir le saincheistanna a thiofadh chun cinn roimh agus i rith an phróisis phleanála araon. Tá comhairle san áireamh ann maidir le comhairliúcháin réamh-phleanála, naisc le greille, comhairliúcháin poiblí, agus na ceanglais i ndáil le ráitis tionchair ar an gcomhshaol.

4.1 Comhairliúchán Réamh-Iarratais⁷

Is é príomh-fheidhm an chomhairliúcháin ná cáilíocht iarratais a thiofadh ina dhiaidh a fheabhsú, ionas go seachnófar an gá le faisnéis bhreise a lorg agus i roinnt cás, go spáráilfear na costais a bhainfeadh le hiarratas ar dóigh nach n-éireodh leis.

Féadfaidh fiúntas a bheith leis an gcomhairliúchán ó thaobh:

- cuspóirí plean forbartha maidir le fuinneamh gaoithe a chur chun suntais faoi mar ar tagraíodh dó i gCaibidil 3, agus
- gá le hionchur saineolach a mholadh faoi mar ar tagraíodh dó i gCaibidilí 5 agus 6.

Bheadh sé ina chúnaimh dá gcoinneodh údaráis phleanála bunachar sonraí cothrom le dáta le haghaidh gach forbairt fuinnimh ghaoithe dá ndeonaítear agus “dá tógtar” lena n-áirítear faisnéis maidir le cúrsaí trasna teorainneacha sa chás go mbaineann sin le hábhar.

Lena chinntiú go bhfaighfear an oiread as comhairliúchán réamh-iarratais agus is féidir, féadfar cuireadh a thabhairt d'fhorbróir íosleibhéal cáipéisíochta a chur isteach roimh an gcruinniú. D'fhéadfadh léarscáileanna maidir le suíomh an láithreáin a bheith san áireamh leis sin, cur síos tosaigh ar an bhforbairt lena n-áirítear aon fhachtóirí tosaigh ó thaobh na heacnamaíochta nó an

⁷ Forálann Alt 247 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000, go bhféadfaidh duine a bhfuil leas i dtalamh aige agus a bhfuil faoi iarratas pleanála a dhéanamh, dul isteach i gcomhairliúcháin leis an údarás pleanála chun aon fhorbairt atá beartaithe i ndáil leis an talamh a phlé. Níl aon teidlíocht reachtúil ag duine nach bhfuil leas den sórt sin aige.

mhargaidh, criosanna samplacha maidir le hinfheictheacht theoiriciúil, srl.

Moltar go láidir go rachaidh an t-údarás pleanála i gcomhairle le hAonad na nIarratas Forbartha na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ag na céimeanna pleanála agus dearthóireachta is luaithe i ndáil le forbairtí fuinnimh ghaoithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an oidhreacht thógtha agus nádúrtha. Féadfar moilleanna agus speansas nach gá a sheachaint agus láithreáin mhí-oiriúnacha á mbreithniú má dhéanann gach páirtí taighde maith agus comhairliúchán forleathan ag an gcéim go bhfuil an láithreán á roghnú.

4.2 Crainn Tomhais Ghaoithe

Ní lorgáitear iarratais phleanála le haghaidh ainéimiméadar agus crann tomhais ghaoithe ach amháin le haghaidh tréimhse teoranta go ginearálta. Ba chóir ceadanna a dheonú ar feadh amuigh is istigh ar thréimhse dhá bhliain, i gcomhairliúchán leis an bhforbróir, ionas go mbeifear in ann anailís ar acmhainn ghaoithe a dhéanamh. Ní bheadh sé inmholta go ndeonódh an t-údarás pleanála cead pleanála le haghaidh crainn tomhais ghaoithe i limistéar mar a nglactar leis sa phlean forbartha go bhfuiltear i gcoinne fuinneamh ghaoithe a fhorbairt ann. Sa chás gur mian le forbróir síneadh a chur le tréimhse an cheada, ní mór cur isteach air sin leis an údarás pleanála chun an crann tomhais ghaoithe a choinneáil, sin nó ba chóir iallach a chur ar an bhforbróir é a thabhairt ar shiúl.

4.3 Rochtain ar an nGreille Aibhléise

Le cois comhairliúcháin le húdaráis phleanála agus comhlachtaí reachtúla, ba chóir d'fhorbróirí fuinnimh ghaoithe dul i gcomhairle leis na hoibreoírí ábhartha tarchuradóireachta aibhléise nó greillí dáileacháin a bhfuil freagracht orthu as rochtain ar chóras an ghreille áitiúil i ndáil le cineál agus suíomh na nasc atá beartaithe leis an ngreille.

Sa chás nach bhfuil na hoibreacha is gá a dhéanamh chun an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe a nascadh leis an líonra áitiúil tarchuradóireachta/dáileacháin aibhléise, díolmhaithe, beidh sé riachtanach iarratas pleanála a chur faoi bhráid an údaráis phleanála. Tá moladh le fáil ón scothchleachtas gur chóir gurb iarratas pleanála lánpháirtithe lena gcomh-cheanglófar faisnéis maidir le hidirnaisc an ghreille le mionsonraí ar an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe, is

cóir a chur faoi bhráid an údaráis phleanála. Mura féidir seo áfach, ba chóir don údarás pleanála an fhaisnéis, atá riachtanach dar leo ar an nasc leis an ngreille chun cur ar a gcumas iarratas pleanála don tionscadal fuinnimh ghaoithe a mheasúnú ina iomláine, agus a bheidh an forbróir i riocht a sholáthar, a chomhaontú leis an bhforbróir roimh ré.

Ba chóir go mbeadh mionsonraí ar roghanna comharthacha agus a bheadh indéanta le haghaidh línte agus áiseanna idirnasc an ghreille, leordhóthaineach go ginearálta go mbeadh údarás pleanála in ann iarratas ar fhuinneamh gaoithe a bhreithniú toisc nach mbeidh a fhios acu cén toilleadh beacht a bheidh riachtanach le haghaidh naisc go dtí go bhfaighfear cead pleanála. San áireamh san ábhar a mholtar le haghaidh na roghanna comharthacha agus indéanta sin bheadh (a) treoir ghinearálta an naisc (b) toilleadh líne an naisc (m.sh. 38 Cileavat, 110 cV) agus (c) struchtúr tacaíochta don líne (m.sh. cuaille aonair, cuaille cúpla, túr laitíse).

Ba chóir don údarás pleanála a thabhairt faoi deara go mb'fheidir nach bhféadfar, mar gheall ar chúiseanna nach dtagann faoi smacht an iarratasóra, faisnéis a sholáthar maidir le naisc chomharthacha an ghreille ag céim an chomhairliúcháin réamh-phleanála nó an iarratais phleanála den fhorbairt fhuinnimh ghaoithe.

Ní cuí mar sin go gceanglódh an t-údarás pleanála nó an Bord Pleanála, ar achomharc, coinníollacha le ceadanna pleanála le haghaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe maidir le suíomh an naisc leis an ngreille. Sna cáis seo, beidh iarratas ar leithligh riachtanach don nasc leis an ngreille.

Sa chás go bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil áfach agus go gcuirtear isteach é mar chuid d'iarratas pleanála, ba chúí, dá measfaí gur ghá é, coinníollacha a cheangal maidir leis an nasc leis an ngreille.

Chun líon na rioscaí maidir leis an tionscadal a fhorbairt, a íoslaghdú, agus lena chinntiú go mbeidh bonneagar cuí ann ó thaobh an ghreille lena dtógtar san áireamh an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar an oidhreacht thógtha nó nádúrtha, ba chóir d'fhorbróirí fuinnimh ghaoithe agus do chuideachtaí aibhléise dul i gcomhairle leis an údarás pleanála agus le hAonad na nIarratas Forbartha na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le hiarratas ar leithligh a chur isteach le haghaidh naisc le greille.



Líne Meánvoltais Thipiciúil (10cV nó 20cV). Scóip riachtanach le haghaidh cead a slí ach níl cead pleanála riachtanach, ach amháin i gcúinsí áirithe.



Líne thipiciúil (38cV). Cead slí agus cead pleanála riachtanach

4.4 Comhairliúchán leis an bPobal Áitiúil

Ba chóir d'údaráis phleanála forbróirí a spreagadh le dul i mbun comhairliúcháin phoiblí leis an bpobal áitiúil. Cé nach ceanglas éigeantach é, moltar go láidir gur chóir d'fhorbróir tionscadail fhuinnimh ghaoithe dul i mbun comhairliúcháin agus comhphlé ghníomhaigh leis an bpobal áitiúil ag céim luath sa phróiseas pleanála, go hidéalach, sular gcuirtear iarratas pleanála isteach.

Ba chóir don fhorbróir oibriú leis an bpobal áitiúil maidir le formáid aon chomhairliúchán amach anseo ionas go mbeadh faisnéis ag dul ina sruth go réidh idir an pobal agus an forbróir fuinnimh ghaoithe ag gach céim sa tionscadal. Ba chóir go mbeadh brí leis an gcomhairliúchán agus go dtabharfadh sé deis don phobal áitiúil tuairimí a thabhairt agus le hionchur a bheith acu i bpleanáil agus i ndearadh na scéime. Féadfaidh sé a bheith ina chúnamh nósanna imeachta foirmiúla a chur i bhfeidhm chun déileáil le fiosrúcháin agus le gearáin ón bpobal ginearálta.

De réir an scothchleachtais, ba chóir don fhorbróir duine a cheapadh a mbeadh teacht ag an bpobal áitiúil air nó uirthi ó chéimeanna na tógála go dtí an choimisiúnaithe ionas go mbeifear in ann comhphlé agus cumarsáid a dhéanamh agus chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi mar atá an tionscadal ag dul chun cinn. B'fhéidir gur chuí uimhir ló-ghlaoigh a cheapadh le haghaidh tuilleadh teagmhála ina dhiaidh freisin. B'fhéidir go mb'fhiú cuimhneamh ar dheis a sholáthar do chónaitheoirí i limistéar mar a bhfuil sé beartaithe tionscadal fuinnimh ghaoithe a fhorbairt, le hinfheistiú sa scéim, go háirithe sa chás go bhfuil spéis le hinfheistiú a dhéanamh curtha in iúl ag an bpobal áitiúil. Tá treoir maidir le

scotchleachtas ó thaobh comhairliúcháin phoiblí réamh-iarratais in Aguisín 2.

4.5 Nithe Ginearálta le Cur san Áireamh agus Iarratais Phleanála maidir le Fuinneamh Gaoithe á Measúnú

Ba chóir go mbeadh aird ag údaráis phleanála ar bheartais náisiúnta maidir le foinsí malartacha agus dúchasacha fuinnimh a fhorbairt agus astuithe gás ceaptha teasta a íoslaghdú agus iarratas pleanála maidir le fuinneamh gaoithe a fhorbairt á bhreithniú.

Lena chois sin, chun tionchar forbartha fuinnimh gaoithe a mheasúnú go hiomlán, féadfaidh faisnéis a bheith ag teastáil ó údarás pleanála maidir le roinnt de na ceisteanna seo a leanas, murab ionann agus iad ar fad:

- Coinníollacha talún, lena n-áirítear buanseasmhacht phortaigh;
- Draenáil an láithreáin agus éifeachtaí hidreolaíocha, amhail soláthar agus cáilíocht an uisce agus trasrianta cúrsaí uisce;
- Méid, scála agus leagan amach agus a mhéid is atá an tionscadal fuinnimh ghaoithe le feiceáil thar limistéir áirithe;
- Tionchar féideartha an tionscadail ar an oidhreacht nádúrtha, lena n-áirítear éifeachtaí díreacha agus indíreacha ar láithreáin faoi chosaint, ar ghnáthóga lena mbaineann éiceolaíocht leochaileach agus luach ó thaobh na bithéagsúlachta agus, sa chás gur gá, pleananna bainistíochta go mbeidh an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe agus an speiceas/gnáthóg áirithe a aithníodh in ann maireachtáil in éineacht le chéile go sásúil;
- Tionchar féideartha an tionscadail ar an oidhreacht thógtha lena n-áirítear an oidhreacht seandálaíochta;
- Ceisteanna ó thaobh an tírdhreacha;
- Tionchar forbartha fo-ghabhálaí ar an radharc, amhail bóithre rochtana;

- Tionchair ar an gcomhshaol áitiúil lena n-áirítear torann, preabadh scátha, trasnaíocht leictreamaighnéadach, srl.;
- Leordhóthaineacht líonra na mbóithre rochtana áitiúla chun éascú leis an tionscadal a thógáil agus le hinnealra agus codanna móra tuirbíní a iompar chuig an láithreán;
- Faisnéis ar aon éifeachtaí carnacha mar gheall ar thionscadail eile, lena n-áirítear éifeachtaí ar an oidhreacht nádúrtha agus éifeachtaí ar an radharc;
- Faisnéis ar shuíomh cairéalacha a bhfuil úsáid le baint astu nó ar chlaiseanna iasachtaithe atá beartaithe i rith chéim na tógála agus oibreacha gaolmhara leigheasacháin ina dhiaidh sin;
- Diúscairt nó díothú fuíollábhair/barraíochta ábhair ón láithreán tógála, glanadh an láithreáin, rud a bhaineann go suntasach le láithreáin ar thalamh portaigh ach go háirithe; agus
- Nithe maidir le díchoimisiúnú nach mór a chur san áireamh.

4.6 Gá le Measúnú Tionchair ar an gComhshaol

Tá Measúnú Tionchair ar an gComhshaol éigeantach d'fhorbairtí fuinnimh ghaoithe a théann thar na tairsigh seo a leanas:

- níos mó ná cúig thuirbín acu, nó
- a mbeidh aschur iomlán ar mó ná 5 mheigeavata acu.

Sna cúinsí seo, ní mór Ráiteas Tionchair ar an gComhshaol a chur isteach in éineacht leis an iarratas pleanála ábhartha (Alt 176 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, agus Airteagal 93 agus Sceideal 5, de na Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha, 2001). Bíonn Measúnú Tionchair ar an gComhshaol riachtanach le haghaidh forbairtí áirithe faoi bhun na dtairseach freisin.

Ba chóir go mbainfí úsáid as an bhfaisnéis a bhailítear i rith phróiseas an Mheasúnaithe Tionchair ar an gComhshaol chun an bealach a phleanálfar agus a dhearfad an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe a threorú ionas go seachnófar limistéir atá leochaileach ó thaobh na héiceolaíochta nó ó thaobh cúrsaí hidreolaíocha, agus go n-íoslaghdófar aon tionchair dhiúltacha oiread agus is féidir.

Tá sé ina chomhchuid bhunúsach den Mheasúnú Tionchair ar an gComhshaol, ó thaobh ceanglais dlí agus scothchleachtais araon, go seachnófar nó go laghdófar tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol agus go mbreithneofar roghanna malartacha. Agus tionscadail fhuinnimh ghaoithe á ndearadh, tá poitéinseal ollmhór ann le tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a sheachaint nó a laghdú, mar gheall ar mhéid bheag an loirg choise a fhágann an fhorbairt iarbhír ar an talamh féin.

4.7 Forbairtí faoi bhun Thairseach an MTC

Déanfar Measúnú Tionchair ar an gComhshaol le haghaidh forbairtí gaoithe atá faoi bhun na dteorainneacha éigeantacha thuas má mheasann an t-údarás pleanála (nó an Bord Pleanála ar achomharc) gur dóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt ar an gcomhshaol, trí thagairt do na critéir shuntasacha in Annéacs III den Treoir maidir le Measúnú Tionchair ar an gComhshaol faoi mar a aistríodh i Sceideal 7 de na Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha, 2001. Ba chóir aird a thabhairt freisin ar an treoir atá sa Treoir maidir le Measúnú Tionchair ar an gComhshaol (MTC) d'Údaráis Toiliúcháin maidir le Forbairt Faoi Bhun Tairsigh, arna heisiúint ag an Roinn i mí Lúnasa 2003.

Caibidil 5

Impleachtaí don Chomhshaol

5.1 Réamhrá

Tá sé de phoitéinseal ag an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe, cosúil le gach forbairt, tionchar a imirt ar an gcomhshaol nádúrtha agus tógtha. Tá poitéinseal ollmhór ann le tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a sheachaint nó a laghdú agus tionscadail fhuinnimh ghaoithe á ndearadh, mar gheall ar mhéid bheag an loirg choise a fhágann an fhorbairt ar an talamh féin.

Ba chóir comhairle a ghlacadh ó Phlean Forbartha an Údaráis Áitiúil ábhartha i ndáil leis an oidhreacht nádúrtha, thógtha agus gheolaíochta, go háirithe na limistéir sin atá ainmnithe nó faoi chosaint le reachtaíocht. Lena chois sin, bíonn Aonad na nIarratas Forbartha na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil go rachfaí i gcomhairle leis maidir le gnéithe oidhreachta tógtha agus nádúrtha na forbartha fuinnimh ghaoithe atá beartaithe, cibé ag céim na réamh-phleanála nó an iarratais phleanála.

Pléifear leis na tionchair fhéideartha ar an oidhreacht chomhshaoil sna hailt seo a leanas.

5.2 Oidhreacht Nádúrtha

Tagraíonn an oidhreacht nádúrtha do ghnáthóga agus do speicis fhásra agus ainmhithe. Féadfaidh na gnéithe seo den oidhreacht nádúrtha a bheith suite laistigh de láithreáin atá ainmnithe mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta, Limistéir Chaomhantais Speisialta, limistéir atá ina n-iarrthóirí le bheith ina Limistéir Chaomhantais Speisialta, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, limistéir atá beartaithe le bheith ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Tearmainn Dúlra, Tearmainn d'Fhásra agus d'Ainmhithe agus mar Pháirceanna Nádúrtha⁸. Baineann gnéithe leochaileacha den oidhreacht nádúrtha atá aitheanta go dtí seo, le tionchair ar ghnáthóga áirithe, amhail portaigh, speicis áirithe, go háirithe éin, agus sláine láithreán atá ainmnithe chun críocha a gcosanta (caomhnúcháin).

⁸ Cosnaíonn Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus limistéir atá beartaithe le bheith ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Tearmainn Dúlra agus Tearmainn d'Fhásra agus d'Ainmhithe, gnáthóga, speicis agus gnéithe geolaíochta atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Baineann tábhacht idirnáisiúnta le Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus le limistéir atá ina n-iarrthóirí le bheith ina Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chaomhantais Speisialta, arb ionann iad sin agus cuid de Líonra Natura 2000 an AE de láithreáin atá faoi chosaint ar mhaithe le gnáthóga agus speicis.

Féadfaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe tionchar a imirt ar an oidhreacht nádúrtha i rith na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin araon. Féadfaidh na tionchair seo a bheith sealadach nó buan.

Ba chóir go mbeadh aird iomlán ag údaráis phleanála ar nithe ó thaobh na bithéagsúlachta nach mór a chur san áireamh agus iarratais maidir le forbairtí fuinnimh ghaoithe á gcinneadh. Ba chóir gach gné den togra a d'fhéadfadh, astu féin amhain, nó in éineacht le tograí eile, dul i bhfeidhm ar chuspóirí caomhnúcháin an limistéir, a aithint.

Caithfidh Údaráis Phleanála a chinntiú nach n-údaráítear ach an méid de thogra, ar dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach aige ar LCS nó ar limistéar ainmnithe eile, a gcinntítear don údarás phleanála nach n-imreoidh tionchar aimhleasach ar shláine an limistéir. Agus cinneadh á dhéanamh faoi thograí maidir le fuinneamh gaoithe a fhorbairt laistigh de limistéir ainmnithe, nó faoi thograí a d'imreodh tionchar ar limistéir den sórt sin, níor chóir d'údaráis phleanála cuimhneamh ar thionscadail a fhaomhadh ach amháin na tionscadail sin a gcinntítear dóibh nach n-imreoidh tionchar aimhleasach ar shláine an limistéir ainmnithe. Más gá, féadfaidh siad athruithe a iarraidh ar an bhforbairt atá beartaithe nó coinníollacha cuí phleanála a chur leis.

Agus iad ag teacht ar chinneadh, ba chóir d'údaráis phleanála cuimhneamh ar an tábhacht a bhaineann le tionscadail fhuinnimh ghaoithe a fhorbairt, lena n-áirítear iad siúd a bheartaítear ar láithreáin ainmnithe, i bhfianaise an tábhacht straitéiseach a bhaineann leo maidir le bheith ag cabhrú go suntasach leis na targaidí a leagadh amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide a bhaint amach trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, le laghduithe ina dhiaidh sin ar astuithe gáis cheaptha teasa.

I gcúinsí inar dóigh go mbeidh éifeacht aimhleasach ag tionscadal fuinnimh ghaoithe ar shláine láithreáin lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta ó thaobh an dúlra a chaomhnú (m.sh., LCS nó LfCS), níor chóir cead phleanála a dheonú ach amháin sa chás nach bhfuil aon réiteach malartach ann agus sa chás go bhfuil cúiseanna fíorphráinneacha i gceist a fhágann gur leas an phobail is tábhachtaí, lena n-áirítear cúiseanna a bhaineann le cúrsaí sóisialta nó eacnamaíochta. Caithfear bearta maolaithe chun cur in aghaidh na dtionchar diúltach a bhreithniú, nó láithreáin chúiteacha a sholáthar.

5.2.1 Gnáthóga

Ar na gnáthóga a bhféadfadh forbairtí fuinnimh ghaoithe dul i bhfeidhm orthu tá portaigh (bratphortach, fraochmhánna, sruthluithe go príomha agus gnáthóga éagsúla eile i mbogaigh lena n-áirítear cúrsaí uisce agus lochanna), córais dumhcha gainimh, lena n-áirítear, machair, féaraigh agus coillearnaigh leath-nádúrtha. Tá siad ar fad leochaileach, ach baineann leochaileacht ar leith leo siúd atá suite sna hardtailte mar gheall ar a suíomh i limistéir mar a dtiteann líon ard báistí agus mar a bhfuil an séasúr fáis gairid.

Is iad na príomh-thionchair fhéideartha ar ghnáthóga a d'fhéadfadh a fhágáil go laghdófar, nó go gcaillfear bithéagsúlacht ná:

- Gnáthóg a bheith cailte go díreach mar gheall ar bhonneagar na forbartha, lena n-áirítear dúshraitheanna an tuirbín, foirgnimh, bóithre, cairéalacha agus claiseanna iasachtaithe;
- Meath gnáthóg trí athrú nó cur isteach orthu, go háirithe de bharr athruithe ar an hidreolaíocht a d'fhéadfadh sruthanna agus leibhéil uisce ar an dromchla nó an screamhuisce a athrú, agus pátrúin draenála atá criticiúil i bportaigh agus in uiscí uachtair na n-aibhneacha;
- Gnáthóga á bhfágáil ina bpíosáí scaipthe agus méadú ar éifeachtaí ar an imeall; agus
- Meath agus cailiúint ghnáthóg lasmuigh den láithreán forbartha, go háirithe maidir le gnáthóga bogaigh, rud a d'fhéadfadh tarlú de bharr truaillithe, siolta in aibhneacha agus creimeadh a thagann as laistigh den láithreán forbartha.

5.2.2 Speiceas

Éin

Beidh a mhéid is a imreoidh forbairtí fuinnimh ghaoithe tionchar ar éin éagsúil ag brath ar speiceas, shéasúr agus shuíomh, agus féadfaidh na tionchair sin a bheith sealadach nó buan.

Is iad na grúpaí speiceas is mó a mheastar a bheith i mbaol ná éin chreiche, Ealaí, Géanna, Lómaí, lapairí goir agus áiteanna mar a mbíonn cuid mhór éan uisce ann in éineacht. Ní mór tionchair fhéideartha ar éin imirceacha agus ar ghluaiseachtaí na n-éan áitiúil

idir a bheith ar gor, ag beathú agus ar fara, a bhreithniú go cúramach.

Tá na príomh-thionchair fhéideartha ar éin ó fhorbairtí fuinnimh ghaoithe aitheanta mar:

- fhágann go ndíláthritear éin ón láithreán forbartha agus a bhfuil thart air go sealadach nó go buan;
- Básanna toisc go mbuaileann siad faoin bhforbairt, cé go bhfuil sé tar éis a bheith léirithe le staidéir gur riosca íseal é sin;
- Bacainn ar ghluaiseacht, cé go bhfuil staidéir tar éis a thabhairt le fios go bhféadfaidh freagairt na n-éan d'fhorbairt fhuinnimh ghaoithe a bheith athraitheach agus bainteach le speiceas agus/nó séasúr; agus
- Gnáthóga mar áiteanna le bheith ar gor, ag beathú agus/nó ar fara, go háirithe i láithreáin bhogaigh, a bheith cailte nó meata go díreach mar gheall ar an bhforbairt.

Speicis Eile

Chaithfí an tionchar féideartha ar fhásra, mhamaigh, éin agus amfaibiaigh agus éisc thearca eile lena n-áirítear iad siúd atá liostaithe lena gcosaint san Fhásra (Ordú Cosanta), 1999, a mheasúnú freisin.

5.3 Coinníollacha Talún/Geolaíocht

Agus forbairtí fuinnimh ghaoithe á measúnú, tá cúrsaí geolaíochta faoi bhun na forbartha atá beartaithe ina bhfachtóir criticiúil. Ní mór faisnéis ar na saincheisteanna seo a leanas a chur isteach mar chuid d'iarratas pleanála chun cur ar chumas an údaráis pheanála measúnú leordhóthaineach a dhéanamh ar thionchar na forbartha fuinnimh ghaoithe atá beartaithe agus ar aon bhearta maolaithe a bheartaítear chun cur in aghaidh na dtionchar:

- Measúnú geolaíochta ar an dúiche;
- Measúnú geotheicniúil ar an bhforchlúdach agus ar an mbuncharraig;
- Measúnú ar an riosca go dtarlóidh sciorradh talún agus ar bhuanseasmhacht na fána don láithreán le haghaidh gach

céim den tionscadal, le bearta maolaithe beartaithe sa chás gur cuí (ba chóir go mbreithneodh sé sin na héifeachtaí a d'fhéadfadh bheith ag baint le hábhar tochailte a bheith á stóráil);

- Measúnú ar cibé an bhféadfadh an fhorbairt contúirt a chruthú go bpléascfaidh portach nó go dtarlóidh sciorradh talún;
- Suíomh an láithreáin i ndáil le haon limistéar nó láithreán atá aitheanta ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha geolaíoch, mar limistéir atá beartaithe le bheith ina Limistéar Oidhreachta Nádúrtha nó mar Láithreán Geolaíochta Contae. (Más amhlaidh an scéal, an bpléitear aon tionchair nó an mbeartaítear bearta maolaithe);
- Suíomh an láithreáin i ndáil le limistéir lena mbaineann poitéinseal suntasach ó thaobh mianraí nó greanmheall;
- Measúnú ar aon tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt ar screamhuisce; agus
- Ba chóir mionsonraí ar aon chlaiseanna iasachtaithe atá beartaithe ar an láithreán a bheith taispeáinte ar an iarratas pleanála agus mionsonraí tugtha maidir leis an áit a bhfuil sé beartaithe pléascadh a dhéanamh, amhail maidir le sleamhnú talún a sheachaint agus a leigheas.

Ní mór socruithe a dhéanamh le himscrúduithe geotheicniúla a dhéanamh a bhainfidh go sonrach leis an láithreán, chun an suíomh is barrmhaitheasáí le haghaidh gach tuirbín a aithint. D'fhéadfaí mionchoigeartuithe maidir le suíomh na dtuirbíní a mholadh de bharr na n-imscrúduithe seo. Chun an cleachtas seo a chuimsiú, ba chóir go mbeadh roinnt solúbthachta curtha isteach ina cuid den chead pleanála agus den MTC. Bainfidh méid na solúbthachta leis an láithreán go sonrach ach níor chóir go rachfadh sé thar 20 méadar go ginearálta. Theastódh cead pleanála le haghaidh aon athruithe breise ó thaobh an tsuímh de a théann thar na teorainneacha comhaontaithe.

Lena chinntiú go bhfuil aghaidh tugtha ar na saincheisteanna thuas ina iomláine, ba chóir d'fhorbróir dul i gcomhairle le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus comhairle/tuairiscí foinseacha gairmiúla a fháil ó innealtóirí geotheicniúla, gheolaithe innealtóireachta nó gheolaithe atá cáilithe go cuí, de réir mar is cuí. Má mholtar láithreáin in ardtailte, ba chóir go mbeadh ráiteas ó gheolaí, hidreolaí nó innealtóir a bhfuil saineolas acu sa mheicnic ithreach, in éineacht leis an iarratas.

5.4 An tSeandálaíocht

Ba chóir tionchar féideartha na forbartha fuinnimh ghaoithe atá beartaithe ar oidhreacht seandálaíochta an láithreáin a mheasúnú. Ba chóir go dtabharfaí aghaidh sa mheasúnú ar thionchair dhíreacha ar shláine agus thaitneamhacht séadchomharthaí ó thaobh a radhairc agus ba chóir go mbeadh bearta maolaithe cuí san áireamh ann, amhail trí staidéar ó dheasc agus scrúdú allamuigh, sa chás gur gá.

5.5 An Oidhreacht Ailtireachta

Ba chóir don údarás pleanála tionchar féideartha na forbartha fuinnimh ghaoithe atá beartaithe ar oidhreacht ailtireachta na dúiche agus comhthéacs a tírdhreacha a mheasúnú, sa chás go mbaineann sin le hábhar. Baineann riachtanas ar leith leis sin i gcás struchtúr atá curtha san áireamh i gClár na Struchtúr Faoi Chosaint.

5.6 Torann

Tá dhá fhoinse shuaithinseacha torainn a bhaineann le tuirbíní gaoithe a bheith á bhfeidhmiú; torann aeraidinimiciúil arb iad lanna ag dul tríd an aer is cúis leis, agus torann meicniúil arna chruthú de bharr eilimintí meicniúla sa nacelle a bheith á bhfeidhmiú – an gineadóir, gearbhosca agus codanna eile den tsraith tiomána. Tagann torann aeraidinimiciúil de bharr go leor factóirí a idirghníomhaíonn le chéile lena n-áirítear dearadh na lann, luas rothlach, luas gaoithe agus suaiteacht insreafa; bíonn sé de chineál leathanbhandach go ginearálta agus is féidir leis roinnt “carachtar” (seabhrán) a léiriú. Torann de chineál tonúil is ea an torann ó thuirbín gaoithe.

Tá laghdú tagtha ar astuithe torainn de bharr dul chun cinn i dteicneolaíocht agus i ndearadh na dtuirbíní. Ar na mionathruithe chun feabhais ó thaobh cúrsaí aeraidinimiciúla atá tagtha le chéile le tuirbíní a fhágáil níos ciúine, tá an t-athrú ó thúir laitise go dtí túir fheadánacha, úsáid a bheith á baint as oibríochtaí ar luasa inathraithe, agus an t-athrú go dtí dearáí tuirbíní lena mbaineann 3 lann. Tá laghduithe suntasacha ar thorann meicniúil tagtha de bharr feabhsuithe ar dhearadh an gearbhosca agus úsáid a bheith bainte as teicnící frith-chreatha le deich mbliana anuas. Níl aon chomhchodanna meicniúla ardluasa ag na meaisíní tiomána díri is déanaí agus ní tháirgeann siad torann meicniúil mar geall air sin.

Méadaíonn torann ó thuirbíní de réir mar a théann luasa gaoithe in airde, ach ar ráta níos moille ná mar a mhéadaíonn torann sa chúlra a ghintear de bharr na gaoithe. Is dócha mar sin go mbeidh tionchar torainn a bhaineann le forbairt fhuinnimh ghaoithe níos mó ar luasa gaoithe níos ísle sa chás gur dóigh go mbeidh an difríocht idir torann na forbartha fuinnimh ghaoithe agus torann an chúlra níos mó. Ní oibríonn tuirbíní gaoithe faoi bhun an luasa gaoithe a dtagraítear dó mar luas gearr-isteach, thart timpeall 5 mhéadar in aghaidh an tsoicind de ghnáth. Tugann tuirbíní gaoithe atá níos mó agus lena mbaineann luasa inathraithe leibhéil torainn níos ísle ar luas gearr-isteach ná mar a thugann tuirbíní níos lú lena mbaineann luas seasta. Is mó mar a théann torann ó thuirbíní gaoithe amach i roinnt treonna seachas treonna eile, agus téann na leibhéil torainn is airde dá dtuartar do limistéir le gaoth. Bíonn sé d'éifeacht ag luasa gaoithe níos airde go gceileann torann ón gaoth torann na dtuirbíní gaoithe a bheag nó a mhór.

Tá sé bunriachtanach go mbeadh dearadh maith fuaimiúil leis na tuirbíní agus go suífi go cúramach iad, lena chinntiú nach mbeidh aon mhéadú suntasach ar leibhéil an torainn chomhthimpeallaigh ag aon suímh atá cóngarach agus a ngoillfeadh torann orthu. Is féidir aschur fuaimne ó thuirbíní gaoithe nua-aimseartha a rialáil, rud a mhaolaíonn fadhbanna torainn, cé go gcailltear roinnt cumhachta. Ní mór cothromaíocht chúil a bhaint amach idir cumhacht a ghiniúint agus tionchar an torainn.

Ba chóir tionchar torainn a mheasúnú trí thagairt a dhéanamh do chineál agus do charachtar suíomh a ngoillfeadh torann orthu. I gcás forbartha fuinnimh ghaoithe, tá aon teach áitribh, bhrú, fhoirgneamh sláinte áitithe nó ionad adhartha san áireamh i suímh a ngoillfeadh torann orthu, agus féadfaidh limistéir lena mbaineann cáilíocht sciamhach ar leith nó tábhacht speisialta mar thaitneamhacht áineasa leo a bheith san áireamh. Ba chóir nach mbainfeadh teorainneacha torainn ach amháin leis na limistéir sin a mbaintear úsáid astu go minic le scíth a ligean nó le haghaidh gníomhaíochtaí a mbeadh timpeallacht ciúin iontach inmhianaithe lena n-aghaidh. Ba chóir go mbainfeadh teorainneacha torainn le suímh sheachtracha, agus go léireoidís an éagsúlacht in idir thorann arb é an tuirbín a fhoinsé agus thorann an chúlra le luas gaoithe. Ba chóir úsáid a bhaint as an tuairisceoir⁹, a fhágann go mbítear

⁹ LA90, 10mm

in ann tomhais iontaofa a dhéanamh gan iad a bheith loitithe ag imeachtaí torainn neamhbhuana atá réasúnta ard agus a thagann ó fhoinsí eile, chun torann na forbartha fuinnimh ghaoithe agus torann an chúlra a mheasúnú. Níor chóir aon tuirbíní atá ann faoi láthair a bhreithniú mar chuid den torann cúlra coitianta.

Go ginearálta, meastar gur cuí teorainn sheasta níos ísle, mar atá, 45 dB(A)¹⁰ nó uasmhéadú de 5dB(A) os cionn thorann an chúlra ag suímh atá cóngarach agus a ngoillfeadh torann orthu, le cosaint a thabhairt do chomharsana le forbairt fhuinnimh ghaoithe. I limistéir atá an-chiúin áfach, ní gá úsáid a bhaint as corrlach de 5dB(A) os cionn thorann an chúlra ag maoine cóngaracha a ngoillfeadh torann orthu, chun cosaint réasúnta a thabhairt agus féadfaidh sé srian gan ghá a chur le forbairtí fuinnimh ghaoithe, ar chóir a aithint mar fhorbairtí a mbaineann sochair náisiúnta agus domhanda níos leithne leo. Ina áit sin, i dtimpeallachtaí lena mbaineann leibhéal íseal torainn mar a bhfuil torann an chúlra níos ísle ná 30 dB(A), moltar go dteorannófaí leibhéal thorann LA90, 10min na forbartha fuinnimh ghaoithe i rith an lae go dtí leibhéal absalóideach laistigh den raon 35-40 dB(A).

Ba chóir go bhfeidhmeofaí teorainneacha torainn ar leithligh don lá agus don oíche. Téann an tábhacht go gcosnófaí taitneamhacht lasmuigh i laghad i rith na hoíche agus ba chóir go mbeadh an bhéim ar a bheith ag seachaint nach gcuirfear isteach ar dhaoine agus iad ina gcodladh. Cosnóidh teorainn sheasta de 43dB(A) an codladh laistigh de mhaoine i rith na hoíche.

Go ginearálta, ní dóigh go mbeadh torann ina fhadhb shuntasach sa chás go bhfuil an t-achar ón tuirbín is gaire d'aon mhaoine a ngoillfeadh torann air, níos mó ná 500 méadar. Féadfaidh údarais phleanála fianaise a lorg go mbainfidh an cineál/na cineálacha tuirbíní atá beartaithe, úsáid as an gcleachtas innealtóireachta reatha is fearr maidir le torann a chruthú agus a chur faoi chois.

¹⁰ 'Deicibeil A-oiriúnaithe' - tomhas ar an leibhéal torainn foriomlán trasna an raoin mhinicíochta inchloiste (20Heirts-20 ciliHeirts) le hoiirúnacht mhinicíochta A chun leochaileacht athraitheach chluas an duine d'fhuaim ar mhinicíochtaí difriúla a chúiteamh. Scála logartamach atá sa scála deicibil. Is ionann méadú de 10 dB(A) ar an leibhéal fuaime agus dúblú threise na fuaime. Athrú 3 dB(A) an mhéid is lú atá inbhraite i gcúinsí normálta.

5.7 Gnéithe Sábháilteachta

Níl aon nithe sonracha ar gá a chur san áireamh ó thaobh sábháilteachta i ndáil le tuirbíní gaoithe a fheidhmiú. Níl fálú ná srianta eile riachtanach ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta. Is féidir le daoine nó ainmhithe siúl go sábháilte chomh fada le bonn na dtuirbíní.

Tá féidearthacht an-chaol ann go ngortófaí daoine nó ainmhithe de bharr bloghanna leaca oighir a bheadh i sruth an aeir nó ó lann a mbeadh damáiste déanta uirthi.

Struchtúir ilchodacha is ea formhór na lann gan aon bholtaí nó chomhchodanna ar leithleigh agus íoslaghdaítear an chontúirt dá thoradh sin. Ní dóigh go mbeadh fadhbanna ann de bharr leac oighir a bheith carntha ar lanna na dtuirbíní. Tá braiteoirí frithchreatha suiteáilte ar fhormhór na dtuirbíní gaoithe, a bhraithfidh aon éagothromaíocht de thoradh leac oighir a bheith ar na lanna. Tabharfaidh na braiteoirí ar an tuirbín fanacht go dtí go mbeidh an leac oighir imithe de na lanna sula tosnóidh sé ar a bheith ag feidhmiú.

5.8 Gaireacht do Bhóithre agus Iarnróid

Go ginearálta, féadfaidh tuirbíní aird ghluaisteanaithe a bhaint óna gcúram agus iad á dtógáil nó sa chás gur tuirbíní nua atá iontu. Déanann na tuirbíní cuid den tírdhreach le himeacht ama agus go ginearálta, ní bhaineann siad aird ghluaisteanaithe óna gcúram an oiread sin. Is féidir cabhrú leis an mbaol sin a laghdú ach áiteanna i leataobh a bheadh suite go cuí a sholáthar go mbreathnódh daoine orthu, rud a thabharfadh deis chun breathnú ar an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe go sábháilte; ba chóir go mba leor méid na háite i leataobh go bhfreastalódh sé ar bhusanna turasoíreachta. Cé go mbíonn tuirbíní gaoithe a thógtar de réir cleachtas caighdeánach innealtóireachta ina struchtúir bhuanseasmhacha, tugann an scothchleachtas le fios go bhfuil sé innholta achar siar, a bhaint amach ó bhóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha agus ó iarnróid ar mhaithe le sábháilteacht, a bheadh comhionann le hairde an tuirbín agus na lainne.

5.9 Gaireacht do Línte Cumhachta

Ba chóir scóip leordhóthaineach a sholáthar idir struchtúir agus línte cumhachta lasnairde faoi mar atá sonraithe ag an ngealltóir aibhléise. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil oibleagáid

reachtúil ann le forbairtí beartaithe a bheadh laistigh de 23 mhéadar d'aon líne tarchúradóireachta nó dáileacháin a chur in iúl don dáileoir aibhléise.

5.10 Trasnaíocht le Córais Chumarsáide

Táirgeann tuirbíní gaoithe, cosúil le gach trealamh leictreach, radaíocht leictreamaighnéadach, agus is féidir leis sin cur isteach ar chumarsáidí craolacháin. Is féidir an trasnaíocht le cumarsáid chraolacháin a shárú trí shraonairí nó athbhualteoirí a shuiteáil. Ba chóir d'údaráis phleanála comhairliú don fhorbróir dul i dteagmháil leis na craoltóirí aonair, idir náisiúnta agus áitiúil, agus na tograí a chur in iúl dóibh. Tá liosta na n-oibreoirí ceadúnaithe ar fáil ar shuíomh idirlín ComReg ag www.comreg.ie. Ba chóir oibreoirí guthán soghluaiste a chur ar an eolas faoin bhforbairt bheartaithe freisin.

5.11 Sábháilteacht Eitleán

Féadfaidh impleachtaí a bheith leis an mbealach a láithreánófar tuirbíní gaoithe d'oibríochtaí na gcóras Cumarsáidí, Loingseoireachta agus Faire a mbaintear úsáid astu ar mhaithe le hAerthrácht a Rialú chun eitleán a choinneáil amach óna chéile agus a choinneáil sábháilte. Féadfaidh impleachtaí a bheith leis an mbealach a láithreánófar tuirbíní gaoithe do bhealaí eitleoireachta na n-eitleán freisin.

Ní mór aird a thabhairt ar an *Ordú maidir le Constaicí d'Eitleáin ag Eitilt, 2002*, (I.R. 14 de 2002), le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann faoi mar a leasaíodh, lena sonraítear na critéir a mbaintear úsáid astu lena dhéanamh amach cibé an meastar go bhfuil rud áit ar bith sa Stát ina chonstaic a rachfadh i bhfeidhm ar oibríochtaí eitleán. Lena chois sin, le sábháilteacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí eitleán mórthimpeall ar aerfoirt a dhearbhu, tá líon aerspáis sainmhínithe ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) nach bhfuil rudaí nua ceadaithe os a chionn. Níor chóir d'aon chuid den tuirbín gaoithe dul isteach sna dromchlaí sainmhínithe seo.

Dá réir sin, ba chóir comhairliú d'fhorbróirí fuinnimh ghaoithe dul i dteagmháil le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann ag céim réamh-pleanála an chomhairliúcháin, le mionsonraí ar na suímh agus na hairde atá beartaithe maidir le tuirbíní, lena chinntiú nach

gcruthóidh an fhorbairt atá beartaithe deacrachtaí le sábháilteacht na haerloingseoireachta.

5.12 Preabadh Scátha

Is féidir le tuirbíní gaoithe, cosúil le struchtúir arda eile, scáthanna fada a chaitheamh agus an ghriain íseal sa spéir. Tarlaíonn an éifeacht a dtugtar preabadh scátha air nuair a chaitheann lanna tuirbín gaoithe scáth thar fhuinneog i dteach in aice láimhe agus go bhfágann rothlú na lann go preabann an scáth ann agus as. Ní mhaireann an éifeacht seo ach ar feadh achair ghairid agus ní tharlaíonn sé ach nuair a thagann cúinsí sonracha áirithe le chéile, amhail sa chás:

- go bhfuil an ghriain ag taitneamh agus í ar uillinn íseal (tar éis fháinniú an lae agus roimh dhul faoi na gréine), agus
- go bhfuil an tuirbín go díreach idir an ghriain agus an mhaoin atá i gceist, agus
- go bhfuil dóthain fuinnimh ghaoithe ann lena chinntiú go bhfuil lanna an tuirbín ag bogadh.

Má roghnaítear, dheartar agus phleanáiltear an láithreán go cúramach, agus má bhaintear dea-úsáid as bogearraí ábhartha, is féidir leis sin cabhrú leis an bhféidearthacht a sheachaint go dtarlóidh preabadh scátha ar an gcéad dul síos. Moltar nár chóir go mbeadh preabadh scátha ag tarlú ag oifigí agus áitribh chomharsanacha laistigh de 500m ar feadh níos mó ná 30 uair a chloig in aghaidh na bliana nó níos mó ná 30 nóimeád in aghaidh an lae¹¹.

Bíonn an poitéinseal go dtarlóidh preabadh scátha an-íseal agus teach srl. níos faide ná 10 dtrastomhas rótair amach ó thuirbín. Sa chás go bhféadfadh preabadh scátha fadhb a chruthú, ba chóir d'fhorbróirí ríomhaireachtaí a sholáthar chun an éifeacht a chainníochtú agus sa chás gur cuí é, bearta a dhéanamh chun an éifeacht fhéideartha a chosc nó a mhaolú, amhail trí tuirbín áirithe a chur as ag amanna áirithe.

¹¹ Tá na moltaí maidir le preabadh scátha bunaithe ar thaighde le Predac, eagraíocht arna hurrú ag an Aontas Eorpach a chuireann scothchleachtas chun cinn maidir leis an mbealach a mbaintear úsáid as agus a sholáthraítear fuinneamh agus a tharraingíonn as taithí ón mBeilg, Dánmhairg, bhFrainc, Ísiltír agus ón nGearmáin.

5.13 Gabháil Ghaoithe

Ba chóir déileáil leis an gceist ó thaobh gabhála gaoithe ag céim na scópála agus/nó i rith comhráite réamh-iarratais, lena chinntiú go dtófar san áireamh in aon leagan amach atá beartaithe maidir le turbíní gaoithe, poitéinseal forbartha láithreáin taobh leis na turbíní le haghaidh forbartha comhchosúla.

Go ginearálta, le feidhmíocht bharrmhaitheasach a chinntiú agus éifeachtaí maidir le suaiteacht agus marbhshruth a chur san áireamh, beidh na íosachair idir turbíní gaoithe a thrí oiread níos mó go ginearálta ná trastomhas an rótair (=3t) i dtreo na gaoithe trasna agus a sheacht n-oiread níos mó ná trastomhas an rótair (=7t) i dtreo na príomhghaoithe. Cuimhnítear ar na ceanglais le haghaidh feidhmíochta barrmhaitheasaí – beidh achar nach lú ná dhá lann rótair ó theorainneacha maoine in aice láimhe inghlactha go ginearálta, mura gcomhaontaítear achar is lú ná sin i scríbhinn le húinéirí talún in aice láimhe. Sa chás go bhfuil cead deonaithe le haghaidh forbartha fuinnimh ghaoithe ar láithreán in aice láimhe, ba chóir géilleadh don phrionsabal a tugadh le fios thuas maidir leis na híosachair dheighilte idir turbíní i dtreo na gaoithe trasna agus na príomhghaoithe.

5.14 Díchoimisiúnú agus á Chur Ar Ais Mar a Bhí

Ní mór díchoimisiúnú forbartha fuinnimh ghaoithe nuair a thagann deireadh le giniúint aibhléise, a mheasúnú. Ba chóir pleananna le haghaidh díchoimisiúnaithe a leagan amach ag céim na pleanála. Ar na saincheisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu, tá bearta athchóiriúcháin, struchtúir agus trealamh os cionn talún a thabhairt ar shiúl, tírdhreachadh agus/nó bóithre a athnuachan. B'fhéidir gur chúil cead a thabhairt go bhfanfaidh cosáin, m.sh. mar chuid de bhealach siúil tar éis an díchoimisiúnaithe.

Chapter 6

Nithe Aeistéitiúla le Cur san Aireamh agus Forbairtí á Láithreánú agus á Dhearadh

6.1 Réamhrá

Is é príomh-fheidhm na caibidle seo ná treoir a sholáthar d'údaráis phleanála maidir le cinní a dhéanamh i ndáil le forbairtí fuinnimh ghaoithe a láithreánú agus a dhearadh sa tírdhreach agus iarratais ar chead pleanála á measúnú.

Treoir chomharthach ghinearálta a sholáthraítear. Tá sé ina shampla de na réitigh is fearr a a bheadh oiriúnach do chúinsí is dócha a bheidh ann agus mar sin, tá sé réamhghníomhach. Ní mholtar leis an treoir gur cuí forbairtí fuinnimh ghaoithe in aon chúinsí ar bith. Is féidir leis na luachanna a cheanglaíonn daoine le tírdhreach na ceisteanna seo a threorú agus/nó a mhaolú chomh maith trína a leochailí is atá siad a mheas tríd an gcriatharanailís ar cuireadh síos air i gCaibidil 3 maidir le próiseas an phlean forbartha, nó ina áit sin, ar leibhéal straitéiseach agus/nó leibhéal a bhaineann le tionscadal sonrath.

Ba chóir go mbeifí ag súil leis na caighdeáin is airde maidir le láithreánú agus dearadh le haghaidh forbartha fuinnimh ghaoithe, faoi mar a chuirtear i láthair sa chaibidil seo, sa chás go bhfuil leibhéal ard leochaileachta ag baint leis an tírdhreach agus go bhfuil na suímh ónar féidir an fhorbairt a fheiceáil, criticiúil. Sa chás go bhfuil forbairt fhuinnimh ghaoithe gar do agus le feiceáil ó limistéar ardleochaileach, ba chóir é a dhearadh go mbainfear caighdeáin chomhchosúla amach agus é á fheiceáil ó ionaid amhairc bhuntábhachtacha sa limistéar sin. B'fhéidir nach mbeidh tírdhreacha áirithe a mbaineann an-ardleochaileacht leo feiliúnach le haghaidh forbartha fuinnimh ghaoithe.

Pléann an chéad chuid den chaibidil seo leis an bprionsabal ginearálta ó thaobh gaoth a láithreánú sa tírdhreach agus a dhearadh. Tá sraith léaráidí líneacha ann a léiríonn go coincheapúil fadhbanna agus réitigh thipiciúla agus iad á bhfeiceáil ó shuíomh seasta idéalaithe. Cuirtear na léaráidí seo i láthair faoi na teidil seo a leanas:

- Láithreánú
- Fairsinge agus scála spásúil
- Éifeacht charnach
- Spásáil tuirbíní (rialta, neamhrialta, céimnithe)
- Leagan amach tuirbíní (líne aonair, líne thuislithe, chnuasaithe, greille)
- Airde tuirbíní (ard, ar mheánairde, gearr)¹²

Breithnítear sa dara cuid cén chaoi is fearr na prionsabail seo a fheidhmiú laistigh de chineálacha difriúla tírdhreach. Tugtar treoir freisin i ndáil le forbairt ghaolmhar, lena n-áirítear campúin fhostáisiúin, cosáin rochtana agus fálú.

Soláthraítear míniú níos mionsonraithe in Aguisín 3 ar na huirlisí a bheidh riachtanach le measúnú a dhéanamh ar thionchar tograí forbartha fuinnimh ghaoithe ar an tírdhreach.

6.2 Nithe Aeistéitiúla le Cur san Áireamh

Cé gur féidir go leor saincheisteanna i ndáil le fuinneamh gaoithe a fhorbairt, a mheasúnú go cainníochtúil, tá cúrsaí aeistéitiúla a bheidh le cur san áireamh, níos suibiachtúla agus cáilíochtúla. Is ionann iad sin áfach, agus roinnt de na saincheisteanna is criticiúla i ndáil le fuinneamh gaoithe a fhorbairt, agus is féidir iad a phlé le leibhéal réasúnach oibiachtúlachta.

Is féidir cabhrú le hanailís chruthaitheach agus chriticiúil a dhéanamh ar shaincheisteanna aeistéitiúla i ndáil le forbairtí fuinnimh ghaoithe ach forbairt fhuinnimh ghaoithe a bhreithniú i leith na gcoincheap seo a leanas, agus is féidir leis an bpróiseas sin cabhrú le leibhéal réasúnach oibiachtúlachta a bhaint amach maidir leis an ábhar:

- Gnáthaeistéitic ó thaobh radhairc, amhail cothromaíocht a bheith i gceist sa radharc agus a chomhchodanna ag teacht le chéile, rithim, teannas dearfach, ord agus soiléire aeistéitiúil agus dearcaí i leith forbairtí fuinnimh ghaoithe mar eilimintí dealbhacha sa tírdhreach.
- Comhcheangal dearfach, sa chás, mar shampla, go dtagann forbairt fhuinnimh ghaoithe le téama struchtúr nua-

¹² Tíocfaidh athrú le himeacht ama ar a mbeidh i gceist le tuirbíní arda, tuirbíní ar mheánairde agus tuirbíní gearra agus an teicneolaíocht ag dul chun cinn chomh maith le hathrú dá bharr sin ar airde na dtuirbíní i goibhneas lena gcumas. In 2005, meastar go bhfuil lanna is lú ná 60m go rinn na lainne gearr, 75-100m ar mheánairde agus ard má tá siad os cionn 100m ar airde.

aimseartha ó thaobh crutha, feidhme agus/nó oibriucháin, fiú ag dearbhú féiniúlachta i dtírdhreach ar leith.

- Siombalachas, sa chás gurb ionann forbairt fhuinnimh ghaoithe agus éifeachtúlacht teicneolaíochta, dul chun cinn, glaine agus fóntas comhshaoil, nó go bhfuil an fhorbairt ina comhartha poiblí air sin.

Soláthraíonn na coincheapa seo an bonn coincheapúil a bhíonn riachtanach le haghaidh treorach praiticiúla maidir le gaol forbairtí fuinnimh ghaoithe le tírdhreacha agus tréithe tipiciúla tírdhreacha agus is féidir iad a fheidhmiú i leith saincheistanna buntábhachtacha a bhaineann le forbairt a láithreánú i dtírdhreach agus í a dhearadh.

6.3 Forbairtí Fuinnimh Ghaoithe a Láithreánú

6.3.1 Suíomh

Airde agus riocht forbartha fuinnimh ghaoithe i gcomhthéacs charachtar agus ghnéithe an tírdhreacha. San áireamh sna saincheistanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu tá:

- B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach, i dtírdhreacha leochaileacha, talamh níos ísle a bhreithniú, sa chás gurb indéanta sin, ach ina áit sin, féadfaidh suíomh ar dhromanna sléibhte agus ar bhairr chnoic a bheith inghlactha mar radharc.
- Nithe suntasacha a chlúdaíonn an talamh agus struchtúir shuntasacha a bhreithniú, nó gnéithe den radharc ar féidir le forbairt fhuinnimh ghaoithe a chothromú.
- A mhéid is a bhíonn an fhorbairt le feiceáil ó shuímh amhairc i leith na próifíle gearrtha, a bhainistiú, agus dícheall á dheanamh oiread agus atá indéanta, go mbeidh iomlán na dtuirbíní le feiceáil ó ionaid amhairc leochaileacha, toisc go bhfuil an bhraistint i leith tuirbíní iomlána níos taitneamhaí ó thaobh cúrsaí aeistéitiúla ná tuirbíní craptha.
- Buntáiste a bhaint as an bhféidearthacht go mbeidh gaol idir forbairt fhuinnimh ghaoithe agus, abair, lonnaíocht uirbeach.
- Seachaint is nach bhfágfar an radharc trína chéile agus go mbeidh an fhorbairt níos suntasaí ná aon rud eile sa spás mórthimpeall, sa chás go bhfuil tírdhreacha lán le rudaí cheana féin, ach buntáiste a bhaint as an acmhainn réasúnta a d'fhéadfadh struchtúir agus/nó bonneagar atá ann cheana féin a sholáthar leis an bhforbairt a shú isteach sa radharc.

6.3.2 Próifil Thopagrafach

Ba chóir forbairt fhuinnimh ghaoithe a bheith suite sa chaoi is go mbainfear an leas is barrmhaitheasaí as cáilíochtaí aeistéitiúla an tírdhreacha mórthimpeall agus as cáilíochtaí aeistéitiúla na forbartha fuinnimh féin. Ba chóir dó, mar sin, freagairt do phróifil thopagrafach, ag baint cothromaíochta amach sa radharc agus an tírghné á fhágáil níos suntasaí.




Léar. 1: Forbairt fhuinnimh ghaoithe suite ar bhinn.



Léar 2: Forbairt fhuinnimh ghaoithe suite i ndiallait idir beanna – á bhfrámú agus, mar sin, tírghné fágtha níos suntasaí.


6.3.3 Próifil Ghearrtha



Léar. 3: Forbairt fhuinnimh ghaoithe suite os cionn fána cuasaí, ag fágáil iomlán na forbartha le feiceáil.



Léar 4: Forbairt fhuinnimh ghaoithe suite os cionn agus taobh thiar d'fhána dhronnach, ag ceilt cuid de na tuirbíní.



Léar. 5: Cuid den fhorbairt fhuinnimh ghaoithe ceilte taobh thiar de chírin mar a gcrapann an scáth an radharc ar na túir.


6.3.4 Gaoil Chumaisc

Má bhíonn rudaí móra ar theorainn forbartha fuinnimh ghaoithe, d'fhéadfaidís an radharc a chothromú dá bharr nó gan é a chothromú. Sa léaráid thíos, tá próifíl fhoraoise ann a chruthaíonn gné sa radharc a chothromaíonn an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe. Glactar leis anseo go bhfuil an cleachtas tipiciúil ar siúl ó thaobh a bheith ag cur fáschoillte tráchtála athuair tar éis fómhar na gcrann a bhaint.




Léar. 6: Forbairt fhuinnimh ghaoithe ag teacht go tuisceanach le foraois sa radharc.

Féadfaidh rudaí móra amhail línte agus túir chumhachta, foirgnimh talmhaíochta, tithe agus bóithre, comhthéacs a chruthú lena súifear forbairt fhuinnimh ghaoithe isteach sa radharc, go háirithe i dtalamh feirme (cumas le gnéithe a shú isteach sa radharc), cé go bhféadfaí an radharc a fhágáil trína chéile i suímh ardtailte níos leochailí. Is féidir le radhairc chasta, chomh maith le comhcheangal idir an fhorbairt agus struchtúir tionscail ó thaobh íomhá agus/nó téama, mar shampla, cabhrú le forbairt fhuinnimh ghaoithe a chomhshamhlú, á fhágáil nach bhfuil ann ach díreach eilimint amháin sa bhreis sa tírdhreach.



Léar. 7: Forbairt fhuinnimh ghaoithe suite i dtírdhreach a bhfuil an radharc air casta ó thaobh na n-eilimintí atá ann, á fhágáil go bhfuil an radharc trína chéile

Sa chás go bhfuil an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe réasúnta gar agus os cionn nóid bhig uirbigh, ba chóir go ngéillfeadh sé do scála a suímh agus ba chóir seachaint is nach mbeidh sé níos suntasaí ná aon rud eile sa spás mórthimpeall.




Léar. 8: Forbairt fhuinnimh ghaoithe suite ar theorainn lárionaid uirbigh.

6.4 Fairsinge agus Scála Spásúil


Is éard is fairsinge spásúil ann ná an limistéar atá faoi chlúdach ag forbairt fhuinnimh ghaoithe, rud a léiríonn líon na dtuirbíní atá i gceist agus mar atáthar tar éis iad a spásáil óna chéile.

Ba chóir fairsinge spásúil forbartha fuinnimh ghaoithe a bheith cothromaithe agus ag teacht le comhthéacs a thírdhreacha ó thaobh scála. Is éard a bhíonn i gceist leis sin ná méid (fairsinge agus airde) (mar a fheictear don duine) na tírghné, an chlúdaigh talún agus struchtúr a bhreithniú i gcoibhneas leis an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe.

Beidh go leor tuirbíní a mbreathnaítear orthu agus duine gar dóibh i limistéar atá iata ó thaobh cúrsaí spásúlachta, amhail móinteán cnocach sléibhe nó limistéar talún feirme, mór agus measfar go bhfuil dornán tuirbíní ar mhóinteán oscailte, beag.¹³



Léar. 9: Tá an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe ró-theoranta ó thaobh a fairsinge spásúla i gcoibhneas le scála a suímh leathain mhóir.



Léar. 10: Tá fairsinge spásúil na forbartha fuinnimh ghaoithe níos feiliúnaí maidir le scála a suímh leathain mhóir.

¹³ Seachnaítear an téarma 'méid' d'aon ghnó anseo toisc go mbaintear úsáid as laistigh den tionscal chun cumas tuirbíní le haibhléis a ghiniúint (arna thomhas de réir meigeavataí) a thabhairt le fios de ghnáth.




Léar. 11: Forbairt fhuinnimh ghaoithe atá ró-fhairsing ó thaobh cúrsaí spásúlachta i gcoibhneas le scála an chnoic.

Léar. 12: Fairsinge spásúil na forbartha fuinnimh ghaoithe níos feiliúnaí i gcoibhneas le scála an chnoic.

6.5 Éifeacht Charnach

Is éard is éifeacht charnach ann ná éifeacht dhá fhorbairt ghaoithe nó níos mó ar an tírdhreach, mar a fheictear don duine, agus na forbairtí le feiceáil ó aon áit amháin ar leith.

- Soláthraíonn tírdhreach lena mbaineann tírghné agus clúdach talún casta féidearthacht níos mó go gceilfear níos mó ná forbairt fhuinnimh ghaoithe amháin.
- Is fearr go mbeadh an cur chuige i leith an fhorbairt a láithreánú agus a dhearadh cosúil le chéile sa chás go bhfuil roinnt forbairtí fuinnimh ghaoithe suite i limistéar lena ngabhann an carachtar céanna leis an tírdhreach, go háirithe laistigh den chró amhairc chéanna. Féadfaidh cur chuige malartach a bheith inghlactha áfach sa chás go bhfuil éifeacht aeistéitiúil áirithe á lorg.
- Féadfaidh cuma a bheith ar fhorbairtí difriúla fuinnimh ghaoithe gur comhaonad aonair iad má shuítear iad gar dá chéile.
- Is fearr seachaint is nach suífear tuirbíní sa chaoi go mbeifear in ann iad a fheiceáil ceann i ndiaidh a chéile, agus duine ag breathnú orthu ó ionaid amhairc bhuntábhachtacha atá iontach leochaileach (mar shampla, ionaid amhairc cois bhealaí siúil nó bhealaí sciamhacha, nó ó radhairc nó amhairc ainmnithe), toisc go bhfágann sé sin go mbeidh nithe anuas ar a chéile sa radharc agus go mbíonn sé trína cheile dá bharr. B'fhéidir nach mbeidh sé sin criticiúil, áfach, sa chás go bhfuil an fhorbairt fhuinnimh atá ar deireadh sa chúlra i bhfad i gcéin.



Léar. 13: Forbairtí fuinnimh ghaoithe atá neamhchosúil le chéile ó thaobh na fairsinge spásúla, na spásála agus an leagain amach, agus iad i gcineálacha difriúla tírdhreach ach laistigh den chró amhairc céanna.

Féadfaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe atá réasúnta gar dá chéile, cé go bhfuil siad i gcomhthéacsanna difriúla ó thaobh charachtar an tírdhreacha, a bheith chomh gar is go mbeidh siad san aonad céanna den radharc agus, mar sin, ba chóir go mbeadh an cur chuige céanna i gceist i leith láithreánú agus dhearadh na bhforbairtí.

6.6 Spásáil

Baineann spásáil le riocht na dtuirbíní i gcoibhneas lena chéile agus na bearnaí idir tuirbíní.


- Bíonn spásáil rialta níos feiliúnaí d'fhorbairtí fuinnimh ghaoithe i dtírdhreacha a mbaineann pátrúin soiléir ordúil leo ó thaobh mar a chlúdaítear an talamh nó i dtírdhreacha comhréidhe nach bhfuil fálaíthe srl.
- Bíonn spásáil neamhrialta níos feiliúnaí i dtírdhreacha a mbaineann pátrúin éagsúla leo ó thaobh mar a chlúdaítear an talamh nó i dtírdhreacha cnocacha agus/nó garbha.
- Bíonn spásáil chéimnithe maidir le tuirbíní inghlactha le haghaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe lena bhfuiltear ag iarraidh gné tírdhreacha a dhéanamh níos suntasaí nó braistint a chruthú go bhfuil barrchéim sa radharc.
- Go ginearálta, ba chóir go mbeadh spásáil de chineál aonfhoirmeach ann in aon fhorbairt fhuinnimh ghaoithe ar leith, seachas meascán spásála.
- Ba chóir go mbeadh roinnt solúbthachta ina dlúthchuid de chead pleanála le cead a thabhairt le hobair riachtanach a dhéanamh ar an láithreán le leagan amach na dtuirbíní a mhionathrú chun feabhais mar gheall ar nithe áirithe gur gá a chur san áireamh amhail tacaíocht gheolaíochta le haghaidh iarsmaí dúshraithe nó seandálaíochta, srl (féach alt 7.3 agus 7.4).



Léar. 14: Forbairt fhuinnimh ghaoithe agus spásáil rialta idir tuirbíní – rithin shimplí fhollasach.



Léar. 15: Forbairt fhuinnimh ghaoithe agus spásáil neamhrialta idir tuirbíní – gan aon rithim fhollasach ann, .i. neamh-atriallach.




Léar. 16: Forbairt fhuinnimh ghaoithe agus spásáil chéimnithe ar thaobh cnoic - tarraingteach toisc go bhfuil an chuma go bhfuiltear dul in airde, fágtha níos suntasaí, agus toisc braistint na barrchéime atá leis.


6.7 Leagan Amach

Baineann leagan amach le riocht na dtuirbíní, ag soláthar fhoirm nó chumraíocht fhoriomlán na forbartha fuinnimh ghaoithe agus an dlús nó castacht a bhaineann léi faoi mar a fheictear don duine.


- Go ginearálta, ba chóir gur foirm aonfhoirmeach a bheadh i gceist le leagan amach, cibé an líne aonair, líne thuislithe, líne spréite, randamach nó ar nós greille, seachas meascán;
- Ba chóir go seachnófaí nach gcruthófar éifeacht lena bhfágtar “nithe anuas ar a chéile sa radharc” ó ionad amhairc leochaileach;
- Bheadh leagan amach ar chruth cnuasaigh chiorclaigh / ubhchruthaigh feiliúnach ar bhairr chnoc;
- Bheadh leagan amach líneach nó leagan amach líneach tuislithe feiliúnach gar do bhóthar nó do ghnéithe líneacha eile den sórt sin; agus
- Bheadh leagan amach randamach nó ar nós greille feiliúnach ar thírdhreach ollmhór oscailte.




Léar. 17: Plean agus radharc ar leagan amach a bhfuil líne aonair i gceist leis.




Léar. 18: Plean agus radharc ar leagan amach a bhfuil líne thuislithe i gceist leis.



Léar. 19: Plean agus radharc ar leagan amach líneach spréite




Léar 20: Plean agus radharc ar leagan amach randamach.



Léar. 21: Plean agus radharc ar leagan amach ar nós greille.



Léar. 22: Radharc ar leagan amach líneach ar bhinn.



Léar. 23: Radharc ar leagan amach líneach mar fhreagairt ar bhóthar, líne an chladaigh nó aille.

6.8 Airde


Baineann airde le fairsinge iomlán na dtuirbíní, arna ndéanamh den túr, nacelle agus uasfhad na lann ina seasamh cruinn díreach. Tá idir an airde iarbhír agus/nó an airde faoi mar a fheictear don duine i gcoibhneas leis an topagrafaíocht, i gceist leis an airde. Tá próifíl na forbartha fuinnimh ghaoithe mar aonad iomlán san áireamh leis an airde, cibé cothrom nó míchothrom. Tá féidearthachtaí difriúla inghlactha, ag brath ar chomhthéacs.

- Bíonn airde na dtuirbíní criticiúil i dtírdhreacha lena mbaineann scála réasúnta beag, nó atá comhdhéanta de ghnéithe agus struchtúir amhail tithe, agus ní mór é a bhreithniú go cúramach ionas go mbainfear cothromaíocht amach sa radharc agus nach mbeidh na tuirbíní níos suntasaí ná aon rud eile sa radharc;
- Féadfaidh forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbainfidh dhá airde dhifriúla leis na tuirbíní, a bheith inghlactha, fhad agus go mbreithneofar an comhdhéanamh a bheidh ann dá thoradh, ionas go mbainfear éifeacht aeistéitiúil amach. Féadfaidh cúinsí mar seo teacht de thoradh seanfhorbairt agus forbairt nua fuinnimh ghaoithe a bheith in éineacht le chéile nó sa chás go mbeadh tuirbíní áirithe criticiúil sa radharc ó ionad amhairc leochaileach. Seachas an difríocht san airde, ba chóir go mbeadh forbairtí fuinnimh ghaoithe sa chró amhairc ceánna ag teacht le chéile maidir lena bpríomhghnéithe ó thaobh dearaidh agus datha;
- Sa chás gur féidir, ba chóir seachaint is nach mbraitheofar ó ionaid amhairc níos leochailí go bhfuil tacar lann na dtuirbíní ag gearradh na léaslíneach; agus
- Bíonn próifíl ar fiar ina mbraitear go bhfuil tuirbín amháin nó níos mó ag rith ar uillinn i gcoibhneas leis an léaslíne inghlactha i dtírdhreacha nach mbaineann ardleochaileacht leo nó sa chás gur féidir éifeacht aeistéitiúil éigin a léiriú.




Léar. 24: Tá na tuirbíní ró-ard i gcoibhneas le scála an chnoic - fágánn sin go bhfuil an tuirbín níos suntasaí ná aon rud eile sa spás.

Léar. 25: Tá na tuirbíní ró-ghearr (dingthe) i gcoibhneas le scála an chnoic - fágánn sin go gcuirtear isteach ar an radharc.



Léar. 26: Aird na dtuirbíní feiliúnach.



Léar. 27: Forbairt fhuinnimh ghaoithe ina bhfuil tuirbíní ar dhá airde dhifriúla agus úsáid bainte astu le héifeacht aeistéitiúil a thabhairt - baintear réiteach a n-éireoidh leis amach ach tuirbíní a spásáil go cúramach agus de bharr shimplíocht an leagain amach. Féadfaidh seichimh agus rithimí malartacha a bheith feiliúnach freisin.

6.9 Cineálacha Carachtar Tírdhreacha mar Bhonn le haghaidh Treoirlínte

Soláthraíonn cineálacha carachtar tírdhreacha bonn úsáideach le treoirlínte maidir le forbairtí a láithreánú agus a dhearadh, a fheidhmiú go praiticiúil i ndáil le fuinneamh gaoithe a fhorbairt agus is féidir iad a chur isteach ina chuid den chur chuige faoi stiúir phlean a pléadh i gCaibidil 3.

Tá sé chineál charachtar tírdhreacha roghnaithe le formhór na gcúinsí a bheadh ann a léiriú:

- Móinteán sléibhe
- Talamh feirme cnocach agus comhréidh
- Portach comhréidh

- Talamh imeallach idirthréimhseach
- Uirbeach / tionsclaíoch
- Cósta

Tá sé coitianta, áfach, go suítear forbairt fhuinnimh ghaoithe i gcineál carachtar tírdhreacha amhain agus go mbíonn sé le feiceáil ó cheann eile, mar shampla, sa chás gur droim mhóinteáin neamhiata atá sa láithreán agus é ina sheasamh os cionn talún feirme comhréidhe. I gcás den sórt sin, ba chóir aonad iomlán an radhairc a thógáil san áireamh. Beidh sé riachtanach cinneadh a dhéanamh cé acu droim an mhóinteáin nó an talamh feirme a d'fhéadfadh tionchar níos láidre a imirt ar an gcur chuige.

Tugann an treoir maidir leis na féidearthachtaí ó thaobh forbairtí a láithreánú agus a dhearadh i ngach ceann de na cineálacha carachtar tírdhreacha, comharthaí go réamhghníomhach maidir leis an mbealach is fearr go dtiocfaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe le tírdhreacha difriúla agus tá sé neamhspleách, mar is éigean dó a bheith, ar cheist na leochaileachta, is é sin, cibé an bhfuil forbairtí fuinnimh ghaoithe feiliúnach in aon suíomh ar leith. Mar sin, d'fhéadfadh duine a bheith in ann a léiriú conas a d'fhéadfadh forbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe teacht leis an tírdhreach go haeistéitiúil agus a mhí-fheiliúnaí is atá sé, mar gheall, mar shampla, ar ghné chritiúil den tírdhreach atá ainmnithe as a luach ó thaobh na hoidhreachta.

Ba chóir a bhéimniú freisin nach mbíonn sé indéanta na réitigh is fearr leis na húdaráis srl. mar a léirítear sna treoirlínte seo a fhíorú go hiarbhir i gconaí mar gheall ar ghnéithe éagsúla chineál áirithe de thírdhreach agus mar gheall ar na féidearthachtaí éagsúla le haghaidh gach ceann ó thaobh an radhairc a bheidh orthu.

6.9.1 Móinteán Sléibhe

Tréithe buntábhachtacha den tírdhreach seo ná:

- Sléibhte bioracha, droimneacha nó réchnocacha agus ardtalamh agus fánaí géara air nó gleannta gan taobha ró-ard
- Neamhiata go ginearálta
- Clúdach talún arna chomhdhéanamh de bhratphortach, breac le fraoch, féara fiáine agus roinnt giolcach i limistéir fhliucha

- Cineál tírdhreach atá réasúnta scoite amach agus a bhfuil tírdhreacha sárghlana, neamhloite agus iargúlta ann.

Mar gheall ar a nochtaithe agus a réidhe is atá an tír-raon, is minic a lorgáitear na tírdhreacha seo le fuinneamh gaoithe a fhorbairt iontu. Fágтар go mbíonn siad an-fheiceálach mar gheall ar na sléibhte a bheith nochtaithe agus mar gheall gur fearr leis na húdaráis srl. forbairtí fuinnimh ghaoithe a bheith lonnaithe ar airde arda.

Féadfaidh móinteán sléibhe a bheith mí-fheiliúnach le fuinneamh gaoithe a fhorbairt ann mar gheall ar chúiseanna a bhaineann leis an oidhreacht nádúrtha agus mar gheall ar an bhfíric go mbaineann radhairc sciabhacha le roinnt de na tírdhreacha seo nach bhfeictear ach go hannamh agus/nó go dtacaíonn siad le roinnt de na limistéir fhiáine deiridh lena mbaineann tírdhreacha réasúnta sárghlan, neamhloitithe agus iargúlta.

Ba chóir go mbeadh go leor samplaí de na tírdhreacha sin oscailte lena mbreithniú áfach ach an dearadh agus an láithreánú sa tírdhreach a bheith feiliúnachionas go n-íoslaghdófar tionchar aimhleasach agus go mbainfear an leas is barrmhaitheasaí as éifeachtaí aeistéitiúla.

Treoir maidir le forbairtí a láithreánú agus a dhearadh i móinteán sléibhe

Suíomh

Féadfaidh sé a bheith inghlactha forbairtí fuinnimh ghaoithe a shuíomh ar dhromanna agus ar bheanna sléibhe. Féadfaidh siad a bheith feiliúnach freisin, i gcúinsí áirithe, i ndiallait idir dhá bheann mar a mbeidh cuid díobh coinnithe isteach nó “frámaithe”. Tríú suíomh inghlactha ná níos ísle síos ar thaobhanna fairsinge sléibhte.

Fairsinge Spásúil

Mar gheall ar na limistéir fhorleathana thipiciúla de thalamh leanúnach neamhiata, is féidir socrúithe a dhéanamh go ginearálta le haghaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe atá níos mó toisc go bhfreagraíonn siad don tírdhreach ó thaobh scála. Chaithfí fairsinge spásúil forbartha fuinnimh ghaoithe a laghdú áfach sa chás go dtugann gnéithe de thírdhreach in aice láimhe le fios gur scála níos lú ab fheiliúnaí.



1(a) *Forbairt mhór fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann leagan amach randamach, spásúil neamhrialta agus tuirbíní arda – tá an rogha seo maidir le láithreánú agus dearadh feiliúnach mar gheall ar scála an tírdhreacha seo. .*



1(b) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe agus go leor tuirbíní ar mheánairde i gceist leis – féadfaidh seo a bheith mí-feiliúnach. Is féidir fairsinge spásúil forbartha fuinnimh ghaoithe a laghdú ach úsáid a bhaint as tuirbíní níos airde. Féadfaidh sin a bheith ina réiteach gurbh fhearr leis na húdaráis srl. i roinnt cás.*



1(c) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe agus gan ach líon réasúnta beag de thuirbíní arda ag gabháil leis*

Spásáil

Bíonn gach rogha maidir le spásáil inghlactha de ghnáth. Sa chás go bhfuil forbairt fhuinnimh ghaoithe le feiceáil go soiléir ar chír nó ar dhroim sléibhe, bíonn scóp nach beag ann leis an rithim a éagsúlú, cé go bhféadfadh spásáil rialta a bheith níos feiliúnaí ar dhromanna simplí. D'fhéadfadh spásáil níos rialta a bheith ar an rogha is inmhianaithe ar limistéir fairsinge de mhóinteán sléibhe atá cothrom go leanúnach nó ar archláir ardtailte.

Leagan Amach

Bíonn gach rogha maidir le leagan amach inghlactha de ghnáth. Is iad na réitigh ab fhearr áfach ná leagan amach randamach, agus cnuasaithe sa chás go bhfuil an suíomh ar chnoic agus ar dhromanna sléibhe (léar. 1(a)), nó leagan amach ar nós greille ar limistéir fairsinge de mhóinteán nó ardchláir atá cothrom go leanúnach (léar. 1(b)). Sa chás go bhfuil forbairt fhuinnimh ghaoithe gar d'eilimint líneach, amhail abhainn, bóthar nó scairp fhada, d'fhéadfadh leagan amach líneach nó líneach tuislithe a d'fhreagródh dó a bheith ar an gceann ab inmhianaithe.



- 1(d) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann leagan amach ar nós greille le tuirbíní arda – bíonn an leagan amach rithimeach greilleach feiliúnach d'fhairsinge oscailte an mhóinteáin, go háirithe nuair a thagann sé le blocáin gheoiméadracha na mbuaircíní.*

Airde

Ní bheadh aon srianta ar airde go ginearálta ar mhóinteáin sléibhe mar gheall go mbíonn scála an tírdhreacha chomh mór. Féadfaidh tuirbíní níos giorra a bheith níos feiliúnaí áfach sa chás go bhfuil siad suite ar bheanna agus ar lomáin bheaga ionas go gcoinneofar scála feiliúnach ar bun. Braitheann próifil, cibé cothrom nó míchothrom, ar an topagrafaíocht: dá ghairbhe agus dhroimní (m.sh. tuláin agus creigeanna), is ea is míchothroime a bheidh sé. Ní gá go ritheadh próifil na forbartha fuinnimh ghaoithe go comhthreomhar le próifil na topagrafaíochta.



1 (e) Éifeacht charnach agus dhá fhorbairt fhuinnimh ghaoithe i gceist – d'fhéadfadh an scéal sin a bheith inghlactha b'fheidir mar gheall ar an gcur chuige comhchosúil i leith láithreánaithe agus dearaidh a ndeachthas leis le haghaidh gach forbairt fhuinnimh ghaoithe.

Éifeacht charnach

Féadfaidh fairsinge oscailte tírdhreach den sórt sin roinnt forbairtí fhuinnimh ghaoithe a shú isteach, ag brath ar a ghaire dá chéile is atá siad. Braithfidh an tionchar carnach ar a chasta is a bhíonn radharc iarbhír na tírghné freisin, cibé réchnocach agus crochta, droimneach nó bog fairsing timpeall ar chnoic. Dá ilghnéithí agus dá dhroimní limistéar ó thaobh na topagrafaíochta, is ea is mó an cumas a bheidh aige forbairtí fhuinnimh ghaoithe a shú isteach agus a cheilt. Bíonn éifeacht aeistéitiúil forbairtí fhuinnimh ghaoithe sna tírdhreacha seo inghlactha sa chás go mbíonn gach ceann discréideach agus ina sheasamh leis fein amháin, a bheag nó a mhór.

6.9.2 Talamh Feirme Cnocach agus Comhréidh

Tréithe buntábhachtacha a ghabhann leis an tírdhreach seo ná:

- Talamh feirme a ndéantar dianbhainistiú air, cibé talamh comhréidh, droimneach nó cnocach é;
- Páirceanna mar a bheadh paistí ann agus fála sceaigh ar mhéideanna éagsúla á ndealú ó chéile;
- Bíonn áitimh agus tithe scaipthe tríd, chomh maith le sráidbhailte agus bailte móra anseo is ansiúd;
- Bíonn bóithre, agus línte agus cuailí teileagraif agus cumhachta ina gcomhchodanna suntasacha; agus
- Cineál tírdhreach a mbíonn daoine ag obair agus ina gcónaí ann.

Is é an rud fíor-bhuntábhachtach anseo ná ord réasúnach agus simplíocht, chomh maith le bheith ag géilleadh do scála agus do ghníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag daoine. Más pátrún páirceanna a bhíonn go mór i gceist i dtírdhreach, tugann sé sin struchtúr eagraithe paistí isteach ó thaobh mar a chlúdaítear an talamh, rud a spreagann ní amháin freagairt chomhchosúil ó thaobh mar a láithreánófar agus a dhearfair forbairtí fuinnimh ghaoithe, ach a sholáthraíonn struchtúr agus rithim spásúil freisin. Cé nach mbíonn talamh feirme de chineál cnocach agus comhréidh iontach leochaileach de ghnáth ó thaobh an amhairc tíre, ní mór aird chuí a thabhairt ar thithe, áitimh agus ar lárionaid daonra.

Treoir maidir le láithreánú agus dearadh le haghaidh talún cnocáil agus comhréidhe

Suíomh

Is fearr leis na húdaráis srl. go mbeidís suite ar dhromanna agus ar ardchláir shléibhte, ní amháin chun a mhéid is a bheidh na tuirbíní nochtaithe don ghaoth a uasmhéadú, ach le hachar réasúnach a chinntiú idir iad agus áitribh freisin. Ba chóir leordhóthain achair a choinneáil idir iad agus áitimh, tithe agus lárionaid daonra lena chinntiú nach mbeidh forbairtí fuinnimh ghaoithe níos suntasaí ná aon rud eile sa radharc. Is mó is dócha go mbainfear an éifeacht aeistéitiúil is barrmhaitheasaí amach le suímh ardaithe freisin. D'fhéadfadh an radharc a bheith ró-lán le rudaí agus trína chéile má fheictear don duine go bhfuil tuirbíní an-ghar, do nó ag dul trasna ar eilimintí eile den tírdhreach, amháil foirgnimh, bóithre agus cuailí agus línte cumhachta nó teileagraif. Ce gur féidir cur suas leis sin go praiticiúil, ba chóir gach dícheall a dhéanamh lena sheachaint i dtírdhreacha atá iontach leochaileach.

Fairsinge Spásúil

Is féidir a bheith ag súil go mbeidh sé seo sách teoranta mar fhreagairt ar scála páirceanna agus gnéithe topagrafaíocha amhail cnoic agus tuláin. Ní mór leordhóthain achair ó fhoirgnimh a leagan síos, rud is dócha a bheidh criticiúil ar airde níos ísle, le seachaint nach mbeidh an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe níos suntasaí ná aon rud eile sa tírdhreach.



2(a) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann fairsinge mhór spásúil – tá an sampla seo mí-fheiliúnach mar gheall ar scála an tírdhreacha seo.*



2(b) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann fairsinge bheag spásúil – tá an sampla seo feiliúnach mar gheall ar scála an tírdhreacha seo.*



2(c) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann leagan amach randamach – tá an fhreagairt seo mí-fheiliúnach mar gheall go bhfuil pátrún na bpáirceanna sa tírdhreach sin mar a bheadh paistí ann.*



2(d) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann leagan amach ar nós greille – tá an fhreagairt seo, ina mbíonn foirm ar bith de leagan amach líneach agus spásáil rialta i gceist, feiliúnach mar gheall go bhfuil pátrún na bpáirceanna sa tírdhreach seo mar a bheadh paistí ann.*



- 2(e) *Forbairt bheag fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann leagan amach líneach rialta – bíonn an t-ord rithimiúil níos feiliúnaí don tírdhreach seo mar gheall ar an ord arna chruthú ag pátrún na bpáirceanna.*

Spásáí

Is dóigh gurb é an pátrún rialta an pátrún spásála is barrmhaitheasaí, ag freagairt don phátrún atá mar bhonn is mar thaca ag pátrún na bpáirceanna. Féadfaidh na páirceanna a dhéanann an láithreán an struchtúr a sholáthar leis na tuirbíní a spásáil. B'fhéidir nach mbeidh sé sin amhlaidh i gcónaí áfach agus caithfear cothromaíocht a bhaint amach idir spásáil leordhóthaineach chun inoibritheacht a bhaint amach, agus a bheith ag freagairt do phátrún na bpáirceanna.

Leagan Amach

An leagan amach is barrmhaitheasaí ná leagan amach líneach, agus líneach tuislithe ar dhromanna sléibhe (atá fadaíthe) agus bairr chnoic (atá biorach), ach bheadh leagan amach cnuasaithe feiliúnach ar bharr cnoic freisin. Sa chás gur féidir forbairt fhuinnimh ghaoithe a fheidhmiú ar thírdhreach comhréidh, bheadh leagan amach ar nós greille inghlactha ó thaobh cúrsaí aeistéitiúla.

Airde

Ba chóir go mbeadh tuirbíní ag teacht le heilimintí den tírdhreach ó thaobh scála agus ní gnách go mbeidh siad ard mar sin. Eisceacht uaidh seo áfach sa chás go bhfuil siad ar dhroim ard sléibhe nó ar bharr cnoic lena mbaineann scála sách mór. Dá dhroimní é an topagrafaíocht, is ea is mó seans gur féidir glacadh le próifíl éagothrom, fhad is nach bhfágann sé go bhfuil an radharc an-trína cheile agus go bhfuil rudaí i gcoimhlint le chéile sa radharc.



- 2(f) *Forbairt bheag fhuinnimh ghaoithe suite gar d'fhoirgnimh fheirme nua-aimseartha– déantar comhcheangal ó thaobh téama a bhaineann le hábhair agus nósanna tógála nua-aimseartha. Ní mór tuirbíní arda a bhreithniú go cúramach sa tírdhreach seo mar gheall go bhféadfadh tithe a bheith gar don fhorbairt.*

Éifeacht Charnach

Bíonn sé tabhachtach nach bhfeictear riamh don duine go bhfuil forbairt fhuinnimh ghaoithe níos suntasaí ná aon rud eile sa radharc. Mar gheall go mbíonn na tírdhreacha seo comhdhéanta d'fhálta sceach agus chnoic go minic áfach, agus gur dóigh go mbeidh radhairc trasna an tírdhreacha eadrannach agus cuid de ceilte, bíonn sé inghlactha de ghnáth go mbeadh dhá fhorbairt fhuinnimh ghaoithe nó níos mó le feiceáil.



2(g) *Éifeacht charnach de bharr dhá fhorbairt fhuinnimh ghaoithe – cé go bhfuil siad cosúil le chéile ó thaobh mar atá siad láithreánaithe agus deartha, d'fhéadfadh sé a bheith iomarcach an dá fhorbairt a bheith oscailte le feiceáil go hiomlán mar gheall go bhfuil daoine ina gcónaí sa tírdhreach atá i gceist.*

6.9.3 Portach Comhréidh

Tréithe buntábhachtacha a ghabhann leis an tírdhreach seo ná:

- Bíonn tírdhreacha den chineál seo comhdhéanta d'fhairsinge ollmhór phlánach de phortach agus bíonn poitéinseal suntasach acu le fuinneamh gaoithe a fhorbairt amach anseo iontu;
- Agus iad sa riocht mar atá siad, gan aon rud tar éis cur isteach orthu a bheag nó a mhór agus iad i riocht réasúnta nádúraíoch, déanann na portaigh fhliucha clúdach talún a bhíonn comhdhéanta go príomha d'fhraoch, fhéara fiáine agus den cheannbhán gaelach, chomh maith le paistí d'fháschoill bhuaircíneach;
- Táthar tar éis roinnt de na portaigh seo a bhaint le haghaidh móna agus féadfaidh siad a bheith comhdhéanta de dhromanna fada comhthreomhara de mhóin mheilte charntha agus de dhraenálacha doimhne;
- Is tearc fianaise ar dhaoine a bheith ina gcónaí ann;
- Ritheann bóithre i línte díreacha de ghnáth thar achair mhóra, agus línte aibhléise agus/nó teileafóin á leanúint; agus
- Bíonn an cineál tírdhreach seo cothrománach, oscailte, forleathan, agus braistint go bhfuiltear scoite amach ón saol mór de thréithe aige freisin.

Is é an cur chuige is fearr le húdaráis srl. anseo ná freagairt ar mhórsála. Soláthraíonn an oscailteacht ollmhór sa radharc, agus gan ach dornán d'eilimintí geoiméadracha le feiceáil go suntasach ann, más ann dóibh ar chor ar bith, saoirse áirithe maidir le forbairtí fuinnimh ghaoithe a láithreánú agus a dhearadh.

Treoir maidir le láithreánú agus dearadh le haghaidh portaigh chomhréidh

Suíomh

Is féidir forbairtí fuinnimh ghaoithe a chur beagnach áit ar bith sna tírdhreacha seo ó thaobh cúrsaí aeistéitiúla. Is dócha gurbh fhearr go mbeidís suite ar shiúl ó thaobhanna na mbóithre le braistint réasúnach a thabhairt go bhfuil siad deighilte. D'fhéadfadh an fhéidearthacht go mbeifí ag tiomáint trí fhorbairt fhuinnimh ghaoithe a dtabharfadh dhá thaobh an bhóthair go dlúth leis, a bheith ina eispéireas iontach corraitheach ag daoine áfach.



3(a) *Leagan amach randamach – níl an spásáil randamach iomlán feiliúnach do shimplíocht an tírdhreacha seo.*



3(b) *Leagan amach líneach tuislithe – cruthaíonn an spásáil agus leagan amach rithimiúil chomh maith le próifíl chothrom na dtuirbíní comhdhéanamh a fheileann do shimplíocht an tírdhreacha seo agus ceann a fhreagraíonn do na dromanna mar a bhfuiltear tar éis móin a bhaint.*



3(c) *Leagan amach ar nós greille – cruthaíonn an leagan amach rithimiúil rialta comhdhéanamh a fheileann do shimplíocht an tírdhreacha seo.*

Fairsinge Spásúil

Fágann scála ollmhór an chineál seo tírdhreach go bhfuil fairsinge spásúil ollmhór ann le haghaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe a d'fhreagródh don scála sin.

Spásáil

Spásáil rialta is fearr leis na húdaráis srl. go ginearálta, go háirithe i limistéir mar a bhfuil dromanna sa phortach de bharr móin a bheith bainte go meicniúil.

Leagan Amach

I limistéir fhairsinge oscailte, bíonn leagan amach d'fhorbairt fhuinnimh ghaoithe, lena mbaineann doimhneacht, agus a bheadh comhdhéanta de ghreille, rud ab fhearr leis na húdaráis srl, níos feiliúnaí ná leagan amach líneach simplí. Sa chas go bhfuil forbairt fhuinnimh ghaoithe suite gar do ghné amhail abhainn, bóthar nó scairp áfach, bheadh leagan amach líneach nó líneach tuislithe feiliúnach freisin.

Airde

Tuirbíní arda ab fheiliúnaí ó thaobh cúrsaí aeistéitiúla. Ó thaobh a inmharthana is a bheidís, is dócha gurbh iad siúd a bheadh riachtanach ar aon chaoi mar gheall ar na luasa gaoithe réasúnta íseal a bhíonn ar fáil. Próifil chothrom ab fhearr leis na húdaráis srl.

Éifeacht Charnach

Fágfaidh oscailteacht an radhairc fhada trasna na dtírdhreach seo go mbeidh forbairtí fuinnimh ghaoithe eile sa limistéar le feiceáil go soiléir. Mar gheall gur dócha go mbeidh na forbairtí fuinnimh ghaoithe forleathan agus ard, bíonn sé tábhachtach nach bhfeictear don duine go ndéanann siad an tírdhreach a phulcadh agus go mbeidh siad níos suntasaí ná aon rud eile sa tírdhreach comhréidh. Féadfaidh níos mó ná forbairt fhuinnimh ghaoithe amháin a bheith inghlactha sa chúlra i bhfad siar fhad is nach mbeadh sé le feiceáil ach ar éigean faoi ghnáthchoinníollacha atmaisféaracha.

Leagtar tuilleadh mionsonraí amach i ndáil le Scothchleachtas maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt i bPortaigh in Aguisín 4.

Treoirlínte Phleanála

58



Éifeacht charnach dhá fhorbairt fhuinnimh ghaoithe – bíonn sé seo inghlactha sa chás go bhfuil fairsinge spásúil na bhforbairtí fhuinnimh ghaoithe teoranta agus iad suite achair mhóra óna chéile.

6.9.4 Tírdhreacha Imeallacha Idirthréimhseacha

Tréithe buntábhachtacha a ghabhann leis an tírdhreach seo ná:

- Comhdhéanta de ghnéithe éigin de mhóinteán sléibhe agus thalamh feirme araon, rud a fhágann go bhfuil meascán ann de pháirceanna beaga, fála scean dlútha agus criosanna foscaidh;
- D'fhéadfadh tír-raon réasúnta garbh creagach a bheith san áireamh, agus d'fhágfadh sin go mbeadh leibhéal réasúnta d'imfhálú spásúil ann;
- Bíonn talamh níos airde fliuch agus seascannach de ghnáth. Bíonn limistéir níos ísle á saothrú agus á mbainistiú mar pháirceanna de ghnáth.
- Bíonn tithe agus áitimh réasúnta coitianta; agus
- Déanann an cineál tírdhreach seo droichead idir an talamh feirme a bhíonn eagraithe agus á dhianbhainistiú, agus an móinteán a bhíonn níos nádúraíche.

Is é an rud fíor-bhuntábhachtach anseo ná a bheith ag géilleadh do scála agus ghníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag daoine. Is minic a mbaineann scála réasúnta beag leis na tírdhreacha seo mar gheall ar imfhálú spásúil a sholáthraíonn cnoic agus agus ba chóir d'fhorbairtí fuinnimh ghaoithe freagairt go tuisceanach don dlúthaíocht seo. Bíonn radhairc na dtírdhreach seo casta freisin mar gheall ar thírghné agus chlúdach talún ilghnéitheach, agus mar gheall ar thithe agus chuailí agus línte cumhachta agus teileagraif. Ba chóir d'fhorbairtí fuinnimh ghaoithe seachaint is nach gcuirfidh siad le castacht den sórt sin mar gheall ar an riosca go gcruthófar radhairc a bheidh trína chéile agus a mbeidh gnéithe de i gcoimhlint lena chéile.

Treoir maidir le láithreánú agus dearadh le haghaidh tírdhreacha imeallacha idirthréimhseacha

Suíomh

Toisc gur gnách go mbeidh forbairtí fuinnimh ghaoithe, mar gheall ar chúiseanna a bhaineann le hinmharthanacht na bhforbairtí ó thaobh cúrsaí tráchtála, suite ar dhromanna agus bhinn sléibhte, bainfear idirdhealú soiléir amach sa radharc ó chastacht talún atá níos ísle. Féadfaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe a bheith suite ar leibhéil níos ísle freisin i limistéir fhairsinge den chineál tírdhreach seo áfach, mar a bhfeicfear iad i gcoinne cúlra réasúnta casta. Sna cúinsí seo, bíonn sé tábhachtach a mhéid is a bhíonn an radharc

trína chéile, a íoslaghdú, m.sh. tacair lann ag dul trasna ar spéirlínte, ar fhoirgnimh, línte fóntais agus ar chlúdach talún ilghnéitheach.

Fairsinge Spásúil

Ba chóir d'fhorbairtí fuinnimh ghaoithe a bheith réasúnta beag sna tírdhreacha seo ó thaobh fairsinge spásúla. Bíonn se tábhachtach nach mbíonn siad níos suntasaí ná aon rud eile sa tírdhreach ach go mbaintear cothromaíocht amach lena bhfuil timpeall orthu, go háirithe mar gheall go mbíonn páirceanna beaga agus tithe forleathan.



4(a) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann spásáil rialta agus leagan amach líneach - b'fhéidir nach mbeidh sé feiliúnach mar gheall ar chruth droimneach na tírghné chomh maith le pátrún teoranta na bpáirceanna.*



4(b) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann spásáil neamhrialta agus leagan amach randamach – níos feiliúnaí mar gheall ar an suíomh a bheith réasúnta droimneach.*



4(c) *Forbairt mhór fhuinnimh ghaoithe a théann trasna ar dhá chineál charachtar tírdhreacha laistigh den aonad céanna sa radharc – cruthaíonn sé seo easpa cothromaíochta sa radharc agus, mar gheall air sin, teannas diúltach idir an dá chineál carachtar atá i gceist.*

Spásáil

Gach rogha infhéideartha, ag brath ar thréithe iarbhíre an tírdhreacha. Is dóigh gur spásáil neamhrialta a bheidh ar an gceann is feiliúnaí áfach, mar gheall ar chastacht na tírghné agus an chládaigh talún a bhaineann leis na tírdhreacha seo go tipiciúil, agus mar gheall nach mbíonn stráicí fairsinge de pháirceanna iontu a mbaineann pátrúla rialta dronlíneach leo.

Leagan Amach

Mar gheall gur dócha go suítear forbairtí fuinnimh ghaoithe ar dhromanna sléibhe, tugann sin le fios gur chóir leagan amach líneach nó líneach tuislithe a úsáid, agus ar bhairr chnoic atá níos leithne, d'fhéadfaidís a bheith líneach nó cnuasaithe. Is lú seans go n-éireoidh le leagain amach ar nós greille ó thaobh cúrsaí aeistéitiúla mura mbíonn leanúnachas oscailte de chlúdach talún comhchosúil ann.

Airde

I limistéir imfhálaithe ar scála beag, is fearr leis na húdaráis srl. tuirbíní gearra le seachaint is nach mbeidh siad níos suntasaí ná aon rud eile sa spás agus le cothromaíocht sa radharc a chinntiú. Sa chás go mbíonn an talamh uachtarach réasúnta oscailte agus radharc forleathan leis áfach, féadfaidh tuirbíní níos airde a bheith níos oiriúnaí. Ó thaobh na hairde mar a fheictear don duine, is féidir leis an bpróifíl a bheith cothrom nó éagothrom, ag brath ar phróifíl agus ar chastacht radharc an tír-raoin atá i gceist. Dá ghairbhe agus dá dhroimní é, is ea is inghlactha a bheidh próifíl éagothrom fhad is nach bhfágann sé an radharc trína chéile go suntasach agus gnéithe den radharc i gcoimhlint lena chéile.

Éifeacht Charnach

Chaithfí é seo a mheas ina gcás agus ina gcás, ach ba chóir a bheith iontach cúramach faoi. Is dóigh go bhfágadh an t-imfhálú spásúil a fhaightear go minic i dtírdhreacha imeallacha idirthréimhseacha nach mbeifí in ann forbairt fhuinnimh ghaoithe eile a fheiceáil. Sa chás go mbeadh dhá fhorbairt fhuinnimh ghaoithe nó níos mó le feiceáil laistigh de shuíomh fálaithe áfach, d'fhéadfadh sin éifeacht aimhleasach criticiúil a fhágáil, ag brath ar airde na dtuirbíní agus ar fhairsinge na bhforbairtí agus ar a ghaire dá chéile is atá siad.

6.9.5 Uirbeach agus Tionsclaíoch

Tréithe buntábhachtacha a ghabhann leis an tírdhreach seo ná:

- Castacht uirbeach, foirgnimh tionscail, bonneagar tionscail nó meascán díobh seo a bheith go mór i gceist; agus
- Go bhfuil an tírdhreach dianathraithe agus struchtúir níos suntasaí ná aon rud eile ann.

Is é an rud fíor-bhuntaibhachtach anseo ná ord réasúnach agus simplíocht. Is féidir le forbairtí fuinnimh ghaoithe téama teicneolaíochta comhaimseartha na dtírdhreach seo a chomhlánú agus teacht lena mbuntréithe feidhmiúla sa radharc.

Treoir maidir le láithreánú agus dearadh le haghaidh limistéar uirbeach agus tionscail

Suíomh

Is féidir forbairt fhuinnimh ghaoithe a chur sách gar do na struchtúir atá i gceist le gaol a bhunú eatarthu sa radharc ach sách fada amach ó na struchtúir le go mbeidís sách inaitheanta mar struchtúir atá leo féin. Ba chóir go mbeadh sé de chuma ar an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe gurb aonán idirdhealaithe discréideach atá ann.

Fairsinge Spásúil

Ba chóir go ndéanfaí seo amach de réir fhairsinge spásúil agus airde na struchtúr atá ann cheana féin agus a bhfuil an comhthéacs uirbeach agus/nó tionscail comhdhéanta díobh. Go ginearálta, mar sin, is dócha go mbeidh sé réasúnta teoranta.



5(a) Forbairt mhór fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann leagan amach randamach agus atá ar theorainn bhaile mhóir, agus a fhéadfaidh a bheith mí-fheiliúnach – cé go mbaintear comhcheangal amach idir an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe agus struchtúir uirbeacha chomh maith le heilimintí den bhonneagar; tá an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe níos suntasaí sa spás ná an cnoc ná an baile mór.



5(b) Forbairt bheag fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann leagan amach rialta agus atá ar theorainn bhaile mhóir. Maidir lena fairsinge spásúil, tá an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe seo feiliúnach do scála an chnoic agus an bhaile mhóir agus cruthaítear comhcheangal téamach leis na túir theileachumarsáide ó thaobh íomhá na teicneolaíochta.



5(c) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe atá ar theorainn fhoirgneamh tionscail lena mbaineann leagan randamach – cruthaítear radharc nach dtagann na gnéithe de go maith lena chéile ann.*



5(d) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann leagan amach líneach tuislithe agus atá ar theorainn fhoirgneamh tionscail - spásáil rithimeach feiliúnach d'íomhá tionscail agus teicneolaíochta an chomhthéacs.*

Spásáil

Soláthróidh spásáil rialta an fhéidearthacht is mó go mbeidh gnéithe den radharc ag teacht le chéile le radharc maith aonair a dhéanamh. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as spásáil chéimnithe áfach, ar mhaithe leis an éifeacht aeistéitiúil, ag brath ar an mbealach a cuireadh le chéile i ndáil le comhthéacs na bhfoirgneamh é.

Leagan Amach

Chun simplíocht a bhaint amach, is dócha go mbeidh líne aonair nó tuislithe ar an gcur chuige ab fhearr leis na húdaráis srl. I gcás coimpléics fhorleathain uirbhig agus/nó tionscail, d'fhéadfadh plean beagán níos doimhne a bheith inghlactha.

Airde

Sa chás nach bhfuil ach forbairt fhuinnimh ghaoithe an-bheag i gceist, d'fhéadfadh turbíní arda codarsnacht mhórthaibhseach a chruthú le struchtúir atá ann cheana féin. Seachas sin, ba chóir turbíní a roghnú ionas nach mbeidh siad níos feiceálaí ná struchtúir atá ann cheana féin. B'fhearr próifíl chothrom leis na húdaráis srl. go tipiciúil le simplíocht a chinntiú agus leis an seans go mbeidh gnéithe den radharc trína chéile a laghdú, ach d'fhéadfadh próifíl éagothrom a bheith inghlactha ag brath ar ghaoil idir nithe sa chomhthéacs.

Éifeacht Charnach

Is beag mar a chuirtear suas le níos mó ná forbairt fhuinnimh ghaoithe amháin, má chuirtear suas leis ar chor ar bith, i limistéir uirbeacha, mar gheall ar an mbraistint go mbeidh an iomarca nithe sa radharc agus go mb'fhéidir go mbrathfaí go raibh an fhorbairt níos suntasaí ná aon rud eile sa radharc.



- 5(e) Forbairt fhuinnimh ghaoithe agus é lonnaithe sa chaoi is go bhfuil sé ag teacht go maith le baile mór agus le foirgnimh tuaithe sa radharc – tagann tuirbíní bána le dath fhoirgneamh an lárionaid uirbigh chomh maith leis na tithe agus na háitim atá scaipthe trasna na tuaithe.

6.9.6 *Crios an Chósta*

Tréithe buntábhachtacha a ghabhann leis an tírdhreach seo ná:

- Tránna, dumhcha, carraigeacha, cinn tíre agus/nó aillte;
- Féadfaidh creaga ard sceireacha a bheith faoi chlúdach talún arna dhéanamh de scrobarnach, fhraoch, raithneach agus aiteann, agus is mó is dócha gur talamh feirme a bheidh i limistéir níos comhréidhe;
- Is féidir le cuain, gráigeanna, sráidbhailte agus bailte móra a bheith san áireamh le boird na farraige agus féadfaidh ionaid saoire cois farraige a bheith forbartha as roinnt díobh seo; agus
- Bíonn oscailteacht, an dúlra agus áineas i gceist leis an tírdhreach seo agus féadfaidh sé a bheith leochaileach dá bharr. B'fhéidir nach mbeidh tírdhreacha cósta a aithnítear trí anailís leochaileachta mar thírdhreacha lena mbaineann radhairc sciabhacha nach bhfeictear ach go hannamh, feiliúnach le fuinneamh gaoithe a fhorbairt iontu.

Is é an rud fíor-bhuntábhachtach anseo ná ord réasúnach agus simplíocht. Is mór mar a thaitníonn an áit mar a dtagann tír is muir le chéile leis an duine. Cruthaíonn tréith na líneachta nó, b'fhéidir níos dóichí ná sin, tréith na cuarlíneachta a bhaineann leis, codarsnacht aeistéitiúil an-laidir le cáilíocht phlánach na farraige ó thaobh cúrsaí geoiméadracha. Tá an dá cheann, dá aineoinn sin, simplí agus eiliminteach go bunúsach. Seachas bac a chur ar fhorbairtí fuinnimh ghaoithe a bheith á dtabhairt isteach, cuireann na nithe a chomhcheanglaítear in aigne an duine le bord na farraige agus a shiombalachas, dúshlán roimh dhearthóirí sármhaitheas a bhaint amach ó thaobh cúrsaí aeistéitiúla leis an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe. Spreagann simplíocht go leor líntí cósta simplíocht chomhfhreagrach maidir le forbairtí fuinnimh ghaoithe a thabhairt isteach.

Treoir maidir le láithreánú agus dearadh le haghaidh limistéar cois chósta

Suíomh

Ba chóir go mbeadh forbairtí fuinnimh ghaoithe suite siar ón bhfarraige agus suite go soiléir ar thalamh daingean. Oireann siad do líntí ísle cladaigh na trá chomh maith le cinn tíre creagacha.

Fairsinge Spásúil

Braitheann sé seo ar fhad líne an chladaigh. Chun simplíocht a bhaint amach, ba chóir nach sínfeadh forbairt fhuinnimh ghaoithe

thar chineál amháin de chladach áirithe. Dá réir sin, ba chóir go mbeadh baint fhisiciúil idir é agus trá nó ceann tíre creagach, ach gan a bheith ina droichead idir an dá cheann.

Spásáil

Bheadh spásáil rialta idir tuirbíní ar an gceann ab fheiliúnaí chun suaimhneas agus socracht a bhaint amach a léireodh tréithe sin na farraige. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as ceann tíre le héifeacht aeistéitiúil mhórthaibhseach a bhaint amach agus úsáid á baint as spásáil chéimnithe in éineacht leis an dlúthú a tharlaíonn de réir a chéile i dtreo na farraige.



- 6(a) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann spásáil neamhrialta agus leagan amach líneach ar cheann tíre cois chósta – cruthaítear easord sa radharc de bharr na héagsúlachta sa spásáil agus in airde na mol (próifil na forbartha fuinnimh ghaoithe) rud nach bhfeileann do shimplíocht chomhthéacs an tírdhreacha / muirdhreacha.*



- 6(b) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann spásáil rialta agus leagan amach líneach ar cheann tíre cois chósta – feileann an tsimplíocht agus an rithim, arna gcruthú ag spásáil rithimiúil agus próifil chomhréidh, do shimplíocht chomhthéacs an tírdhreacha / muirdhreacha.*

Leagan Amach

Ba chóir go léireodh forbairtí fuinnimh ghaoithe líneacht an chladaigh trí leagan amach líneach nó líneach tuislithe a d'fhreagródh do ghné sin an chladaigh. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as leagan amach cnuasaithe ar cheann tíre lena mbaineann binn nó cnoc, chun a bheith mar choróin ar an ngné sin agus é a fhágáil níos suntasaí dá bharr.



6(c) *Bíonn forbairt fhuinnimh ghaoithe lena mbaineann neamhrialtacht ó thaobh na spásála, scaipthe agus cruthaíonn sé cuma nach bhfuil rudaí ag teacht go maith lena chéile sa radharc ar an líne chósta chuartha shimplí seo.*



6(d) *Forbairt fhuinnimh ghaoithe a mbaineann spásáil rialta, leagan amach líneach agus próifil chomhréidh de shimplíocht leis an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe, is fearr sin de ghnách leis na húdaráis srl.*



- 6(e) *Spásáil chéimnithe agus leagan amach líneach ar cheann tíre cois chósta – leagtar na tuirbíní amach agus iad níos gaire agus níos gaire dá chéile de réir a chéile agus tarraingíonn sin aird ar bhíor an chinn tíre agus ar a nasc leis an bhfarraige.*



- 6(f) *Leagan amach cnuasaithe ar dheireadh an chinn tíre – fágann an leagan amach seo deireadh an chinn tíre níos suntasaí freisin, á cheiliúradh chomh maith lena chomhéadan leis an bhfarraige.*

Airde

Is féidir le tuirbíní a bheith ard go ginearálta, go háirithe gar do agus go comhthreomhar le trána. B'fhéidir go gcaithfí bheith níos cúramaí maidir le cinn tíre mar ar chóir scála mhais na talún atá ag gobadh amach, a bhreithniú. Ba chóir go mbeadh an phróifíl ag teacht go cothrom le comhréidhe na farraige.

Éifeacht charnach

Is féidir le forbairt fhuinnimh ghaoithe amháin a bheith le feiceáil sa neastulra nó i lár báire feadh aon fhad de líne chladaigh go ginearálta. Féadfaidh an dara ceann a bheith inghlactha i bhfad siar, fhad is nach bhfuil sé le feiceáil ach ar éigean faoi ghnáthchoinníollacha atmaisféaracha ionas go gcaomhnófar sláine spásúil, théamach agus radhairc an chladaigh. Is é an príomhchuspóir ná a chinntiú nach mbíonn forbairtí iliomadacha fuinnimh ghaoithe le feiceáil gar d'aon suíomh ar bith cois farraige mar gheall ar an leochaileacht a bhaineann leo siúd go ginearálta.

6.10 Tionchar ar an Tírdhreach agus Forbairtí Fuinnimh Ghaoithe á dtógáil

Is féidir le próiseas na tógála tionchar aimhleasach a imirt ar an tírdhreach agus ar an radharc mar gheall, mar shampla, ar struchtúir agus ábhair shealadacha ar an láithrean, athruithe ar chúrsaí draenála, mar gheall ar dheannach, dhlúthú na talún, obair thochailte, bhóithre a bheith á dtógáil, chreimeadh na hitheach agus mhianraí a bheith á láisteadh, chomh maith le gluaiseacht tráchta. Chun cabhrú leis na tionchair seo a mhaolú, ba chóir cloí leis na cleachtais seo a leanas chomh dlúth agus is féidir:

- Ba chóir, go hidéalach, go mbeadh oifigí ar an láithreán, bothaí agus leithreasa na n-oibrithe, ábhair agus campún an láithreáin suite sa chaoi is go n-íoslaghdófar a infheicthe is a bheidh siad, ag cuimhneamh ar chúrsaí ó thaobh éifeachtacht na hoibríochta ó thaobh cúrsaí tógála agus bhainistiú an láithreáin, agus ó thaobh choinníollacha an tírdhreacha. Ba chóir iad a thabhairt ar shiúl agus an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe tógtha;
- Ba chóir gluaiseacht tráchta agus innealra a bhaineann leis an obair thógála a bheith srianta oiread agus a bheidh praiticiúil do na bóithre agus na cosáin atá ina gcuid den fhorbairt fhadtéarmach chun dlúthú neamhriachtanach a íoslaghdú;
- Sa chás go dteastaíonn oibreacha sealadacha cré, ba chóir talamh agus fásra a chur ar ais mar a bhí a luaithe agus is féidir;
- Ba chóir caoi a choinneáil ar an láithreán agus bruscar tógála a choinneáil i ngabhdán go néata;
- Níor chóir trucaílí stroighne a ghlanadh ar láithreán mar a bhfuil riosca go sceithfidh an t-uisce agus go ndéanfar dochar d'fhásra agus do chúrsaí uisce;
- Ba chóir nach spréifí ach an oiread is lú agus is féidir de dheannach ar fhásra mórthimpeall - ba chóir é a thabhairt ar shiúl sa chás go mbíonn cuid mhór deannaigh i gceist agus é feiceálach i dtírdhreacha leochaileacha, tríd an bhfásra a spré le huisce tar éis don obair thógála a bheith críochnaithe;
- Ba chóir go mbeadh an áit mar a ndáiltear breosla agus mar a mbíonn dabhcha stórála ola coinnithe isteach in aon suíomh fálaithe amháin ionas go n-íoslaghdófar an riosca go ndéanfar dochar de bharr é a bheith doirte; agus

- Sa chás gur feidir, tar éis don obair thógála a bheith críochnaithe, ba chóir fásra a chur ar ais mar a bhí ar thaobhanna agus ar imill bhóithre arna dtógáil chun éascú le hinnealra agus trucaílí tógála dul thar bráid. Bíonn sé sin criticiúil go háirithe sa chás gurbh éigean gearradh is líonadh a dhéanamh.


6.11 Tionchar Forbartha Gaolmhaire ar an Tírdhreach

Bíonn na bóithre agus na cosáin, cuailí agus línte cumhachta, an foirgneamh rialaithe, an crann tomhais ghaoithe agus an campún san áireamh leis na heilimintí seachas tuirbíní a bhaineann le forbairtí fuinnimh ghaoithe. Astu féin agus in éineacht le chéile, ba chóir na heilimintí sin a bhreithniú, a shuíomh agus a dhearadh go ngéillfear do charachtar an tírdhreacha mórthimpeall.

6.11.1 Foirgneamh Rialaithe agus Campún Fostáisiúin

- Ba chóir ardchaighdeán dearthóireachta a fheidhmiú i leith gach struchtúr a bhaineann leis an bhfostáisiún, agus ba chóir nach dtógfaí feidhm an fhostáisiúin amháin san áireamh sa dearadh, ach a cháilíocht aeistéitiúil freisin, chun aon bhraistint go bhfuil sé ag cur isteach ar an tírdhreach a íoslaghdú.
- Ba chóir go mbeadh dathanna na forbartha ag teacht lena chéile agus go mbeadh an foirgneamh rialaithe agus campún an fhostáisiúin ceilte a ndóthain. Sa chás go bhfuil crainn agus/nó toim sa tírdhreach mórthimpeall, is feidir úsáid a bhaint as ábhar den sórt sin leis na gnéithe sin a cheilt. I dtírdhreacha leochaileacha, ba chóir cuimhneamh ar na foirgnimh rialaithe agus an campún a cheilt le cosáin dreapa cré chomh maith le hath-fhóid d'fhásra áitiúil a chur síos chun an tionchar a bheidh ag na foirgnimh ar an radharc a mhaolú.
- Ba chóir go mbeadh an foirgneamh rialaithe, sa chás go mbeidh sé indéanta, suite i bhfána nó log ach ar shiúl ó limistéir ná gnéithe atá leochaileach ó thaobh na héiceolaíochta. I gcás suíomh cois chósta, níor chóir go mbeadh sé suite ar chinn tíre, mura bhfuil sé deanta de réir dearaidh speisialta a fheileann don suíomh.
- Ba chóir foirgnimh rialaithe a bheith deartha go ngéillfear do charachtar na bhfoirgneamh a bhíonn le fáil sa tírdhreach mórthimpeall go tipiciúil.

- D'fhéadfadh comhthéacsanna uirbeacha/tionsclaíocha fónamh do dhearadh an fhoirgnimh freisin, a fhreagraíonn ar bhealach níos sonraí don fhoirgneamh /na foirgnimh ar chomhthearainn leis.



Léar. 28: Tarraingíonn foirgneamh rialaithe agus campún uilleach atá nochtaithe le feiceáil sa radharc, aird ar an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe agus á fhágáil nach bhfuil gnéithe den radharc ag teacht lena chéile.

Léar 29: Bíonn foirgneamh rialaithe ceilte, nó foirgneamh a bhfuil cuid de ceilte, agus cruth cruinn an champúin, níos tuisceanaí don tírdhreach.

6.11.2 Fálú

- Ba chóir an fálú a bheith teoranta go dtí limistéar champún an fhostáisiúin.
- Is fearr leis na húdaráis srl. nasc slabhra seachas sonnach toisc go mbíonn sé níos trédhearcaí.
- Níor chóir go gcuimseodh an fálú an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe ar fad, toisc go gcuirfeadh sin isteach ar dhaoine a bheadh ag iarraidh teacht ar limistéir tuaithe, agus ní gá sin, agus chuirfeadh sé as do bhraistint na simplíochta chomh maith atá de dhlúth is d'inneach cháilíocht aeistéitiúil na dtuirbíní. Theorannódh limistéir fhairsinge de thalamh fálaithe talamh féaraigh freisin rud a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh éagsúlachtaí ar dhath an fhásra.
- Féadfaidh fálú sealadach (m.sh. fálú aibhléise) a bheith riachtanach chun ainmhithe ar féarach a choinneáil amach ó ithreacha loma agus clúdach an fhásra nó fréamhacha scraitheanna á ndaingniú féin athuair.
- Ba chóir cuimhneamh, agus bairr chnoic ar Mhóinteáin Sléibhe i gceist, ar chruth cuarlíneach a chruthú don champún agus é leagtha amach de réir an fhálaithe, toisc go mb'fhéidir nach mbeidh an cruth dronlíneach atá níos gnásúla, ag teacht le hoscailteacht agus le braistint an tsuímh nádúrtha oscailte.


6.11.3 *Nascadh le Soláthraithe Aibhléise*

- Ba chóir go mbeadh naisc línte cumhachta idir tuirbíní agus ó thuirbíní leis an bhfoirgneamh rialaithe, faoi thalamh.
- Ba chóir go mbeadh línte cumhachta leagtha síos taobh le bóithre rochtana na dtuirbíní ionas go n-íoslaghdófar a fhairsinge is a dhéanfar dochar do/a chuirfear isteach ar chúrsaí ithreach/hidreolaíocha agus ar an bhfásra.
- Bíonn an costas a bhaineann le nasc faoi thalamh ón gcampún go dtí an greille náisiúnta ró-ard go ginearálta go bhféadfaí é a roghnú. Is féidir leis an nasc sin a bheith os cionn na talún mar sin i ngach tírdhreach seachas na cinn is leochailí ar fad.
- I dtírdhreacha áirithe, amhail an Móinteán Sléibhe a bhíonn iontach leochaileach ar fad, ba chóir cuimhneamh ar na cáblaí a chur i dtalamh ar feadh cibé achar is gá go dtí go mbeadh sé inghlactha radharc a bheith ar na cuailí agus na cáblaí, mar shamplaí, in áit mar a bhfuil línte eile cumhachta ann.
- Chun an tionchar ar an radharc a laghdú, b'fhearr go n-íomprófaí na naisc ar chuailí adhmaid seachas túir laitíse, ach amháin sa chás go bhfuil sé riachtanach mar gheall ar athruithe sa treo agus laistigh den champún.
- Ba chóir go seachnófaí nach mbeidh naisc línte cumhachta leis an ngreille ag rith go hingearach le comhairde na talún, go háirithe ar fhánaí Móinteáin Sléibhe. Sa chás go mbeidh sé indéanta, níor chóir go rachfadh sé trasna na léaslíne ar leibhéal dhroim sléibhe ach amháin sa chás gurb ann do líne cheana féin. Sa chás go dtéann sé trí fhoraois, ba chóir go leanfadh naisc línte cumhachta na toibhearnaí nó bóithre atá ann cheana féin. Is féidir leis an mbealach a leagfar na línte cumhachta amach a bheith níos solúbtha i gcineálacha tírdhreach mar a bhfuil sé tipiciúil daoine a bheith i láthair agus pátrúin dronlíneacha tírdhreacha a bheith ann.

6.11.4 *Bóithre/Cosáin*

Is féidir tionchar bealaí rochtana ar an tírdhreach a íoslaghdú trí na bealaí a leagan amach agus a dhearadh go tuisceanach.

- Ba chóir go gcoinneofaí líon agus fairsinge na mbóithre/na gcosán a fhreastalaíonn ar an láithreán chomh híseal agus is féidir. Ba chóir go mbainfí úsáid as bóithre atá ann cheana féin le haghaidh na mbealaí rochtana sa chás gur féidir.
- Ba chóir go dtiocfadh bóithre/cosáin rochtana le tréithe buntábhachtacha an tírdhreacha, m.sh., níor chóir go leanfadh na bóithre líne dhíreach suas fána Mhóinteáin Sléibhe go díreach chuig an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe, ach líne thrasnánach a leanfaidh comhairde na talún. Ba chóir limistéir leochaileacha amhail láithreáin seandálaíochta a sheachaint oiread agus is féidir agus ba chóir droichid nó lintéir chearta a chur thar ghnéithe tábhachtacha amhail sruthanna.
- Ba chóir go mbeadh dath ábhar an bhóthair ar dhath lena n-íoslaghdófar codarsnacht leis an gclúdach talún mórthimpeall. Clocha meilte a fhoinsítear go háitiúil is fearr leis na húdaráis srl.
- Ba chóir go ndéanfaí cosáin rochtana a thírdhreachadh i gceart go díreach tar éis críoch a bheith curtha le hoibreacha agus ba chóir damáiste ar fhálta sceach a bhí ann cheana féin, de bharr na tuirbíní a bheith á n-iompar, a chur ina cheart.
- Ba chóir gearradh agus líonadh a bhíonn riachtanach le bóithre a thógáil, a chothromú a bheag nó a mhór ionas go n-íoslaghdófar an gá le hithir a bhaint amach as an láithreán. Ba chóir go mbeadh dromchlaí a d'fhágfaí de bharr oibre gearrtha is líonta, comhdhéanta d'ábhar a chabhródh le fásra áitiúil a chur ag fás ar ais mar a bhí.
- Ba chóir ithir ar cuireadh isteach uirthi, cibé taobhanna a gearradh nó ithir a leagadh síos, a athnuachan nó a chur síos athuair chun teacht le coinníollacha mórthimpeall i dtírdhreacha leochaileacha. Bíonn an obair sin bunriachtanach ar phortaigh ar ardtailte agus ar thalamh íseal, agus ar gach láithreán eile ar ardtailte, toisc gur dócha nach n-éireoidh leis an athnuachan agus gur dócha go gcreimfear móin atá gan chosaint. Níor chóir fásra nach mbaineann le láithreán na forbartha a thabhairt isteach ar láithreáin leath-nádúrtha amhail portaigh.



Léar. 30: Fágann cosáin nach gá go mbíonn an radharc trína chéile i Móinteán Sléibhe. Fágann gearradh a dhéantar go domhain agus carnáin arda líonta le haghaidh bóithre coilm ar thaobhanna sléibhte, agus gníomhaíonn siad mar bhealaí draenála rud a fhágann tionchair ar chúrsaí hidreolaíocha ar limistéir/ghnáthóga in aice leo, agus a d'fhéadfadh creimeadh a thionscnamh de bharr go ndéantar sruthanna uisce a thiubhú.

6.12 Dath na dTuirbíní

Tagann an tionchar a bheidh ag forbairt fhuinnimh ghaoithe ar an radharc faoi anáil dhath agus bhailchríoch dhromchla na dtuirbíní gaoithe. I bhformhór thírdhreacha na hÉireann, is iad na dathanna is feiliúnaí go ginearálta ná bán, neasbhán nó fionnliath ach féadfaidh dathanna eile a bheith inghlactha ag brath ar na cúinsí. Mar shampla, d'fhéadfaí dhá dhath a úsáid go h-éifeachtach -i. le dath nadúrtha ag bun an tuirbín, le dath bán, neasbán nó liath ar an mbarr.

Ba chóir go bhfeicfí don duine, oiread agus is féidir, go bhfuil na tuirbíní ina n-eilimint dhearfach laistigh de thírdhreach. Dá bharr sin, is féidir cuma dhiúltach a bheith ar dhathanna dubhliatha nó miotalacha nó a bheith ag teacht le heilimintí tionscail, ach cuireann bán íomhá na glaineachta agus na héifeachtúlachta a bhaineann leis an bhfuinneamh gaoithe, in iúl. Ba chóir úsáid a bhaint as bailchríocha neamhlonracha neamh-fhrithchaiteacha ar gach comhchuid de thuirbíní.

6.13 Cothabháil na dTuirbíní

Bíonn sé tábhachtach tuirbíní a chothabháil go rialta i gcomhthéacs thaitneamhacht ghinearálta na forbatha fuinnimh ghaoithe mar radharc ann féin. Maidir leis seo:


- Ba chóir go gcoinneofaí na rótair ag rothlú agus ba chóir seachaint nach mbeidh tacair lann ag rothlú i dtreonna difriúla le rótair eile. Ba chóir aon tuirbíní nach bhfuil ag feidhmiú mar is ceart a dheisiú nó a thabhairt ar shiúl, in

éineacht le struchtúir fho-ghabhálacha agus aon fhuíollábhair eile, faoi cheann tréimhse sé mhí ar a mhéad go hidéalach.

- Ba chóir nacelles agus túir a choinneáil amach ó leachtanna inmhéanacha a sceithear.

6.14 Claochladán na dTuirbíní

Mar gheall go mbíonn siad réasúnta beag agus nach n-imríonn siad tionchar ach ar an radharc áitiúil, is féidir claochladáin tuirbíní a shuíomh laistigh den túr, cuid díobh faoin talamh nó in aice leis an túr. Sa chás go bhfuil siad le feiceáil i suímh níos leochailí, is féidir scáthlán a sholáthar agus úsáid á baint as cairn chré agus/nó fásra, de réir mar atá feiliúnach dá bhfuil mórthimpeall. Sa chás go mbíonn siad le feiceáil sa radharc, is féidir claochladáin a phéinteáil chun oiriúint don chúlra. Ba chóir go ndéanfaí cinní maidir le mar a suítear claochladáin, a dhéanamh de réir critéar sláinte agus sábháilteachta.



Léar 31: Infheictheacht chlaochadán tuirbíní agus fostáisiún.

6.15 Tionchar Fheidhmiú agus Dhíchoimisiúnú na Forbartha Fuinnimh Ghaoithe ar an Tírdhreach

Ba chóir monatóireacht leictreonach a dhéanamh go cúramach ar inoibritheacht tuirbíní ionas go n-íoslaghdófar a fhad is a bheidh tacar statach lann nach bhfuil ag feidhmiú, ar siúl, nó d'fhéadfaí cur isteach ar an radharc dá thoradh.

Ba chóir go mbainfí amach gach ceann de na heilimintí os cionn talún a bhaineann leis an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe mar chuid den díchoimisiúnú agus an láithreán a fhágáil i riocht maith, ach amháin bóithre agus cosáin b'fhéidir sa chás gur féidir úsáid bhreise éigin a aimsiú dóibh agus go mbíonn sin faofa ag an údarás pleanála. Is féidir pillíní dúshraithe a chlúdach le hithir áitiúil agus

a fhágail go dtiocfaidh fásra ar ais go nádúrtha, cé gur chóir iad a chur síos athuair i suímh a bhíonn ar fhíorbheagán cosanta ón tsíon.

6.16 Meastachán maidir le Méid an Tionchair is Dócha a Bheidh ar an Tírdhreach

Tagtar ar mheastachán maidir le tionchar ar an tírdhreach agus úsáid á baint as fachtóirí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon. Tá sé comhdhéanta den cheithre chuid seo a leanas:

- **Leochaileacht an tírdhreacha** (idir leochaileacht an-íseal agus leochaileacht iontach ard) – baineann sé seo lena inghlactha is a bheidh athruithe ar an tírdhreach. Bíonn an measúnú bunaithe ar thuairim chiallmhar, bhreathnadóireacht agus eolas gairmiúil.
- **Láithreachta na forbartha fuinnimh ghaoithe sa radharc radharc** - baineann sé seo lena mhéid is bhíonn an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe níos suntasaí ná aon rud eile i radharc an tírdhreacha, ach ní ionann sin agus tionchar aimhleasach nó ní thugann sé comhartha gurb é sin atá i gceist. Is féidir na critéir seo a mheasúnú trí fhótamontáiseanna den fhorbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe a scrúdú, agus na fachtóirí seo a leanas á dtógáil san áireamh: achar amhairc, scáthlán, struchtúr spásúil an tírdhreacha agus cumas an radhairc leis an bhforbairt a shú isteach.
- **Tionchar aeistéitiúil na forbartha fuinnimh ghaoithe ar chomhthéacs a tírdhreacha** (idir tionchar mór dearfach agus tionchar mór aimhleasach) – baineann sé seo le gaol aeistéitiúil na forbartha fuinnimh ghaoithe lena comhthéacs. An dtagann an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe go maith le carachtar an tírdhreacha faoi mar atá molta sna Treoirínnte seo, agus gaol aeistéitiúil á baint amach lena comhthéacs atá dearfach ar an iomlán?
- **A shuntasá is atá an tionchar** (idir neamhshuntasach agus mórshuntasach) - ráiteas a mbaintear úsáid as chun achoimre a dhéanamh ar thionchar foriomlán na forbartha fuinnimh ghaoithe agus a dhéantar amach de réir leochaileacht an tírdhreacha faoi mar a measúnaíodh roimhe sin, de réir láithreachta sa radharc agus tionchair aeistéitiúil. Ní fheidhmítear an fachtóir seo sa chás go meastar go raibh an tionchar aeistéitiúil dearfach.

TABLA 1: : **MAITRÍS LENA nDÉANTAR ACHOIMRE AR MHOLTÁI BUNAITHE AR CHARACHTAR TIRDHREACHA**

	Suíomh	Fairsinge Spásúil	Eifeacht Charnach	Spásáil	Leagan Amach	Airde/Mountain
Móinteán Sleibhe	Bíonn dromanna agus diallaití sléibhte inghlactha go ginearálta.	Mór de ghnáth, ag brath ar scála an chomhthéacs iarbhair.	Inghlactha, ag brath ar thopagrafaíocht chomh maith le láithreánú agus dhearadh forbairtí fuinnimh ghaoithe atá i gceist.	Féadfaidh aon spásáil a bheith inghlactha, ach féadfaidh spásáil rialta a bheith ar an rogha is fearr ar dhroim shimpli sléibhe nó ar limistéir leathana fairsinge.	Féadfaidh aon leagan amach a bheith inghlactha, ach féadfaidh leagan amach randamach nó cnuasaithe a bheith ar an rogha is fearr ar dhromanna agus bhairr chnoic, faoi seach agus ar nós greille ar limistéir leathana fairsinge.	Airde ar bith
Cnoic agus Feirme Comhréidh	Áit ar bith.	Teoranta d'fhorbairtí beaga fuinnimh ghaoithe go ginearálta, ar bhairr chnoic.	Inghlactha ag brath ar láithreánú agus dhearadh feiliúnach.	Rialta.	Leagan amach líneach agus líneach tuislithe ar dhromanna sléibhte agus cnuasaithe	Meánairde is fearr leis Talamh na húdaráis srl. go tipiciúil ach féadfaidh a bheithinghlactha agus é ard
Portach Comhréidh	Áit ar bith.	Mór.	Féadfaidh an dara forbairt fuinnimh ghaoithe a bheithinghlactha ach amháin agus é iontach fada amach ón gcéad cheann agus gan le feiceáil ach ar éigean ar fad sa radharc.	Rialta.	Leagan amach lena mbaineann doimhneas go ginearálta, .i. greille, mura leanann sé gné líneach, sa chás go bhféadfaidh leagan amach líneach nó líneach tuislithe a bheith inghlactha.	Ard.
Talamh Imeach Idirthréimhs each	Dromanna agus bairr chnoic is fearr leis na húdaráis srl.	Beag i gcoibhneas le scála an chomhthéacs go ginearálta agus gan droichead á dhéanamh dir dhá chlúdach dhifriúla talun m.sh. limistéir mhóinteáin agus pháirceanna.	Ní bhíonn inghlactha go ginearálta ach amháin sa chás nach bhfuil an dara forbairt fuinnimh ghaoithe le feiceáil ach ar éigean ar fad sa radharc.	D'fhéadfaidh gach rogha a bheith inghlactha. .	Leagan amach líneach agus tuislithe ar dhromanna sléibhe agus cnuasaithe ar bhairr chnoic.	Meánaird agus gearr go ginearálta. Bíonn próifíl éagsúlaithe inghlactha i dtirdhreach droimneach.
Uirbeach / Tionsclaíoch	Gar do struchtúir ar chomh-theorainn leis ach idirdhealaithe uathu.	Beag de ghnáth – baineann scála le hairde agus fairsinge spásúil struchtúir ar chomh-theorainn leis.	Is beag a gcuirtear suas leo.	Spásáil rialta is fearr leis na húdaráis srl. Féadfaidh spásáil chéimnithe a bheith inghlactha sa chás go ndéantar é i gcoibhneas le struchtúir atá ann cheana féin.	Leagan amach líneach nó tuislithe is fearr leis na húdaráis srl. Féadfaidh greille a bheith inghlactha ar chomh-theorainn le struchtúir atá níos mó.	Sách gearr is nach mbeidh sé i bhfad níos suntasaí ná foirgnimh atá ann cheana féin. B'fheidir go n-éireoidh le dornán beag tuirbíní arda i gcoibhneas le scála na bhfoirgneamh atá ann cheana féin.
Cineál Cósta	Suite siar ón uisce.	Ná trasnaíodh sé idir trána agus cinn tíre rocky promontories.	Féadfaidh an dara forbairt fuinnimh ghaoithe a bheith inghlactha ach	Rialta an rogha is feiliúnaí. Féadfaidh spásáil chéimnithe a bheith inghlactha ar	Líneach, go háirithe feadh trána. Féadfaidh leagan amach cnuasaithe a bheith inghlactha ar chinn tíre.	Féadfaidh forbairt ard a bheith inghlactha, go háirithe feadh trána. Ba chloir go mbeadh an phróifíl cothrom.

Caibidil 7

Coinníollacha Pleanála

7.1 Réamhrá

Ba chóir go laghdófar an gá le liosta cuimsitheach de choinníollacha pleanála, chomh maith le haon am breise a bheadh riachtanach le haighneachtaí a phróiseáil dá bharr maidir leis na coinníollacha sin a chomhlíonadh, má ullmhaítear iarratas pleanála a ndearnadh taighde leordhóthaineach faoi agus lena mbaineann leordhóthain mionsonraí. Ní féidir an iomarca béime a leagan ar thábhacht na gcomhráite réamhiarratais idir an t-iarratasóir agus an t-údarás pleanála sula gcuirtear iarratas isteach (féach cuid 4.1).

Tá coinníollacha agus cúiseanna caighdeánacha ceaptha ag roinnt údarás pleanála le húsáid i ndáil le cineálacha difriúla iarratas. Bíonn an cleachtas seo úsáideach ar mhaithe le comhleanúnachas. Ba chóir go bhfeidhmeofaí na critéir seo a leanas i leith coinníollacha pleanála, mar atá, an bhfuil an choinníoll:

- Riachtanach?
- An mbaineann leis an bhforbairt atá le ceadú?
- Beacht?
- Réasúnach?
- In-fhorfheidhmithe?

Le cois a dhéanamh amach a oiriúnaí is atá coinníollacha pleanála, bíonn sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil an chúis le gach coinníoll a cheangal, soiléir agus neamh-athbhríoch, agus go mbeidh tuiscint iomlán ag an bhforbróir ar a bhfuil riachtanach. Caithfear cúinsí áirithe gach forbairt dá mbeartaítear a bhreithniú go cúramach agus coinníollacha á ndruchtú agus cinneadh á dhéanamh cén coinníollacha a bheidh riachtanach agus cuí.

Tá mionsonraí thíos maidir le ceisteanna a fhéadfar déileáil go cuí leo trí choinníollacha a chur san áireamh le cead pleanála le haghaidh forbartha fuinnimh ghaoithe. Ní chuirtear an liosta agus an míniú a ghabhann leis san áireamh ach mar threoir amháin agus níl sé cuimsitheach:

- Láithreánú, dearadh agus leagan amach
- Solúbthacht leagan amach na dtuirbíní ar an láithreán

- Fásra, ainmhithe agus gnáthóga
- An tSeandálaíocht
- Torann
- Tionchar ar an gcomhshaol agus monatóireacht
- Obair thógála
- Claiseanna iasachtaithe agus cairéalú
- Bóithre agus bealaí rochtana
- Struchtúir agus trealamh gaolmhar
- Naisc le greille
- Saincheisteanna maidir leis an láithreán a bhainistiú
- Preabadh scátha
- Trasnaíocht leictreamaighnéadach
- Sábháilteacht ó thaobh cúrsaí aeirloingseoireachta
- Gabháil Ghaoithe
- Ranníocaíochtaí airgeadais
- Crainn tomhais ghaoithe
- Díchoimisiúnú
- Teorainneacha Ama

7.2 Dearadh maidir le láithreánú

Ní mór dul i gceann coinníollacha a fhágfaidh go ndéanfar athruithe ar láithreánú, fairsinge spásúil, leagan amach, spásáil, airde, phróifíl agus dhath tuirbíní, go cúramach go háirithe sa chás go ndearnadh comhráite mionsonraithe réamh-phleanála maidir leis an iarratas fuinnimh ghaoithe agus gur moladh réiteach comhaontaithe maidir leis an dearadh le haghaidh tírdhreacha áirithe. Féadfaidh an gá le coinníollacha den sórt sin teacht chun cinn trí ionchur ó chomhlachtaí forordaithe nó ó uirill tríú páirtithe. Caithfear an gá le leagan amach a “mhionathrú”, a chothromú i gcoinne an tionchair a fhéadfaidh a bheith ag an gcoinníoll sin ar dhearadh tionscadail áirithe fhuinnimh ghaoithe.

7.3 Solúbthacht maidir le mar a Shuítear Tuirbín

Toisc go mb’fhéidir go gcaithfear suíomh beacht tuirbíní a mhionathrú i gcúrsa na forbartha mar gheall ar cheisteanna amhail an réimeas gaoithe, coinníollacha talún, nó buairimh faoi chúrsaí oidhreachta, srl., b’fhéidir go mbeidh sé ina chúnamh, faoi mar ar tagraíodh dó in alt 6.6. maidir le leagan amach a dhearadh agus coinníollacha a fhrámú, go gceadófaí leibhéal áirithe solúbachta maidir leis an mbealach a dhéanfar tuirbíní a láithreánú sa deireadh. Sa chás go gcomhaontófar an tsolúbthacht seo, ba chóir mionsonraí

na sonraíochta deiridh a chur faoi bhráid an údarais phleanála agus a chomhaontú i scríbhinn sula gcuirtear tús leis an bhforbairt.

7.4 An tSeandálaíocht

Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh le coinníollacha maidir le forbairtí fuinnimh ghaoithe atá gar go maith do shéadchomharthaí agus láithreáin atá ar taifead:

- Go maoiníodh an t-iarratasóir measúnú seandálaíochta, suirbhéireacht gheofhisiceach, tástáil seandálaíochta, tochailt seandálaíochta agus/nó monatóireacht laistigh den limistéar arna chlúdach leis an gcead pleanála;
- Go gcaomhnófaí gach cuid nó cuid de na hiarsmaí seandálaíochta (in situ nó trína dtaifeadadh) sa limistéar arna chlúdach leis an gcead pleanála;
- Go n-athshuífí suíomh an tuirbín (na dtuirbíní) sa chaoi go n-íoslaghdófar tionchar ar an oidhreacht seandálaíochta agus/nó chun criosanna deighilte a chruthú;
- Go ndéanfaí séadchomharthaí seandálaíochta a imfhálú go sealadach i rith oibre tógála, deisiúcháin agus díchoimisiúnaithe chun na séadchomharthaí a chosaint agus a chaomhnú; agus
- Bearta cuí eile go mb'fhéidir go measfar a bheith riachtanach le tionchar ar chúrsaí seandálaíochta a mhaolú.

7.5 Torann, lena n-áirítear torann na tógála

Ceanglaítear coinníollacha a bhaineann le leibhéil torainn le ceadanna pleanála le haghaidh forbairtí fuinnimh ghaoithe chun taitneamhacht suíomh atá in aice láimhe agus a ngoillfeadh torann orthu, a chosaint. Ba chóir go dtabharfadh coinníollacha a bhaineann le torann aghaidh ar na saincheistanna seo a leanas:

- Teorainneacha na leibhéal;
- Suímh a bhfeidhmítear na leibhéil sin ina leith;
- Am an lae a bhfuil an teorainn infheidhmithe ina leith;
- Paraiméadair atá le tomhas chun críocha rialaithe; agus
- Rochtain ar shonraí arna nginiúint ag an gclár monatóireachta.

Má bhíonn saincheist ann i ndáil le bheith ag cur isteach ar thaitneamhachtaí maoina a ngoillfeadh torann ó obair thógála orthu, b'fhéidir gur chúí coinníoll a cheangal leis an gcead chun na huaireanta a chloig go bhféadfar bheith i mbun oibre tógála, a rialú, seachas coinníollacha a cheangal chun torann ó na hoibreacha tógála iarbhír a rialú, coinníollacha a bheadh sealadach. Agus coinníoll den sórt sin á ceangal áfach, bheadh sé tábhachtach a chinntiú go dtógfar ceisteanna oibriúcháin san áireamh, mar shampla, lastais iontach fada a bheith á n-iompar istoíche chun brú tráchta a sheachaint.

7.6 Tionchar ar an gComhshaol: Bearta Maolaithe/Cúiteacha

Deartar bearta maolaithe/cúiteacha a shonraítear nó a dhéantar mar choinníoll sa Ráiteas Tionchair ar an gComhshaol chun na tionchair na forbartha ar an gcomhshaol a theorannú. Bearta is ea iad **nach mór a chur i ngníomh** agus ba chóir go léireofaí sin i ráiteachas an RTC. Má bhíonn seans ann go mbeifí in amhras cibé an bhfágann an RTC go mbeidh an beart maolaithe/cúiteach oibleagáideach nó a mhalairt, ba chóir é sin a shoiléiriú nó a atreisiú le coinníoll phleanála, nó ba chóir don údarás pleanála soiléiriú a lorg ag céim níos luaithe. Ba chóir coinníoll i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar an mbealach a chuirfear bearta maolaithe arna sonrú sa RTC i ngníomh, a bhreithniú freisin.

7.7 Monatóireacht Chomhshaoil

Ba chóir coinníollacha ginearálta maidir le monatóireacht chomhshaoil a sheachaint, seachas sa chás go bhfuil ceanglais shonracha i ndáil le ceisteanna comhshaoil ina gcuid den chead pleanála. Bíonn monatóireacht éifeachtach riachtanach chun fianaise a sholáthar go bhfuil coinníollacha comhshaoil á gcomhlíonadh, amhail teorainneacha torainn nó nithe maidir leis an bhfiadhúlra nach mór a chur san áireamh.

Is féidir le clár comhaontaithe monatóireachta/bainistíochta, arna mhaoiniú ag an bhforbróir, athdhearbhú a sholáthar d'idir an t-údarás pleanála agus d'aon tríú páirtithe atá buartha, go bhfuiltear ag déanamh de réir na gcoinníollacha sin agus an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe á bhfeidhmiú go laethúil, agus sa chás go sárófaí na coinníollacha, go ndéanfar bearta cúí leigheasacháin. Bhainfeadh clár den sórt sin le hábhar go háirithe i dtréimhse oibriúcháin tosaigh na forbartha, in imeacht an chéad 2 bhliain, b'fheidir le foráil le haghaidh tuilleadh monatóireachta má leanann

an fhadhb ar aghaidh. Is féidir le speisialtóirí neamhspleácha comhaontaithe an mhonatóireacht chomhshaoil a dhéanamh, nó an t-údarás pleanála, ar chostas an fhorbróra.

7.8 Céim na Tógála

Féadfaidh sé a bheith riachtanach, i gcúinsí áirithe, coinníollacha a cheangal maidir leis na saincheisteanna seo a leanas a thagann chun cinn i rith chéim thógála an tionscadail fhuinnimh ghaoithe:

- Uaireanta oibre tógála;
- Monatóireacht agus maoirseacht ar an gcéim tógála ag innealtóir(i) cáilithe geothicniúla a bhfuil taithí acu agus/nó ag éiceolaí (éiceolaithe) cáilithe a bhfuil taithí acu, sa chás go meastar sin a bheith riachtanach;
- Gluaiseachtaí tráchta feithiclí a bhaineann leis an obair thógála, lena n-áirítear cineálacha feithicle agus bealaí i ndáil le hábhar a tochlaíodh a thabhairt ar shiúl, agus ábhair, codanna tuirbíní agus trealamh a iompórtáil;
- A mhéid is a chuirfear isteach ar an talamh i rith na hoibre tógála;
- Mar a bhainistear carrageacha agus ithir a thochlaítear i rith na hoibre tógála, agus mar a chaithfear leis na carrageacha agus an ithir sin;
- Stóráil agus aistriú ábhair, lena n-áirítear úsáid limistéir stórála imfhálaithe le húsáid i rith na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin chun seachaint is nach dtruaillíofar uisce ar an dromchla nó screamhuisce;
- Tionchair ar dhraenáil uisce ar an dromchla agus ar dhraenáil screamhuisce;
- An láithreán a chur ar ais mar a bhí sa chás go bhfágann oibreacha tógála go gcuirfear isteach ar an talamh nó go ndéanfar dochar dó nó don dromchla nó go gcreimfear iad; agus
- Trealamh tógála fo-ghabhálach a thabhairt ar shiúl lena n-áirítear oifigí ar an láithreán, portakabins agus leithreasa iniompair.

7.9 Claiseanna Iasachtaithe agus Cairéalú

Féadfaidh coinníollacha a bheith riachtanach i ndáil le carrageacha agus ithir a thochailt, agus i ndáil le claiseanna iasachtaithe a fhorbairt agus a shuíomh - claiseanna a bhaineann le tograí le fuinneamh gaoithe a fhorbairt. Féadfaidh coinníollacha aghaidh

a thabhairt ar na saincheisteanna maidir le sciorradh talún a sheachaint agus a leigheas, sa chás gur cú sin. Sa chás go dtarlaíonn sciorradh talún, ba chóir an scéal a chur in iúl don údarás áitiúil agus na hoibreacha ar fad a chur siar go dtí go mbeidh an scéal curtha ina cheart.

7.10 Bóithre agus Cosáin Rochtana

Féadfaidh coinníollacha a bheith riachtanach i ndáil le cosáin laistigh den láithreán a dhearadh, i ndáil le leithead na gcosán, ábhair a ndromchlaí, mionsonraí tógála, gairis le siolta a cheapadh, oibreacha gaolmhara cré (amhail gearradh nó claífoirt), agus mar a leagfar na cosáin síos laistigh den láithreán, ní amháin chun a infheicthe is a bheidh siad a íoslághdú, ach ó thaobh chreimeadh na talún agus an tionchar ar ghnáthóga a íoslághdú.

7.11 Struchtúir agus trealamh fo-ghabhálacha

Go hidéalach, ba chóir ceisteanna maidir le trealamh agus struchtúir fo-ghabhálacha a bhreithniú ag céim réamh-phleanála an iarratais mar chuid de réiteach foriomlán ó thaobh dearthóireachta don láithreán agus iad a chur san áireamh san iarratas pleanála ina dhiaidh sin. Sa chás nach dtarlaíonn sin, b'fhéidir go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar láithreánú, dhearadh agus bhailchríocha struchtúr fo-ghabhálach lena n-áirítear fostáisiúin, claochladáin agus foirgnimh sheirbhíse, le coinníollacha. Go ginearálta, ba chóir go mbeadh coinníollacha lena n-éileofar go suífead claochladáin laistigh de thuirbíní nó lasmuigh de bhonn an túir, treoraithe ag an meastóireacht a rinneadh ar an tírdhreach agus ag na critéir shláinte agus shábháilteachta. Ba chóir gan ach an mhéid is lú agus is féidir d'fhálú a úsáid, ach b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach i ndáil le hábhair a stóráil agus ó thaobh na slándála. Sa chás go mbíonn fálú riachtanach, b'fhéidir go mbeidh coinníollacha riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le leagan amach, cearta slí agus bailchríoch.

7.12 Nasc le Dáileoírí Aibhléise

Sa chás nach ndéanann na hoibreacha a bhíonn riachtanach chun an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe a nascadh leis an ngréille náisiúnta, cuid den iarratas pleanála, nó sa chás nach mbíonn an nasc leis an ngréille ina fhorbairt dhíolmhaithe¹⁴, beidh sé riachtanach

¹⁴ Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha, 2001, Sceideal 2, Cuid 1 Aicmí 26-29 Forbairt Dhíolmhaithe ag Gealltóirí Reachtúla aon ghnóthas aibhléise.

iarratas pleanála ar leithligh a chur isteach chuig an údarás pleanála. Ní cuí coinníollacha a cheangal maidir le naisc leis an ngréille ar thalamh atá lasmuigh d'úinéireacht an iarratasóra mar chuid den chead don fhorbairt fhuinnimh ghaoithe.

7.13 Saincheisteanna maidir le Láithreáin a Bhainistiú

Féadfaidh coinníollacha cuí i ndail le saincheisteanna maidir le láithreáin a bhainistiú, aghaidh a thabhairt ar an mbealach a dhéanfar trealamh agus tuirbíní a fheidhmiú agus a chothabháil, ar thuirbíní nach bhfuil ag feidhmiú a dheisiú/athsholáthar/thabhairt ar shiúl, agus ar dhea-nósanna imeachta maidir leis an láithreán a chothabháil agus a bhainistiú.

7.14 Preabadh Scátha

Ní gnách gur rud criticiúil an preabadh scátha. I gcúinsí neamhghnácha áfach, sa chás go dtugann na ríomhaireachtaí le fios go mbeadh tithe áitribh áitithe thíos leis go suntasach, b'fhéidir gur chúí coinníoll, lena n-éileofar nach bhfeidhmeofar tuirbíní ag tráthanna go bhféadfadh an preabadh scátha a thuartar tionchar aimhleasach a imirt ar aon áitreabh áitithe laistigh de 500m de thuirbín.

Féadfaidh coinníollacha aghaidh a thabhairt ar theorainneacha maidir le líon na n-uaireanta a chloig in aghaidh na bliana nó nóiméid in aghaidh an lae, gur chóir don phreabadh scátha dul i bhfeidhm ar áitreabh áitithe freisin (féach alt 5.12).

7.15 Trasnaíocht Leictreamaighnéadach

B'fhéidir go mbeidh coinníollacha riachtanach maidir le bearta atá le déanamh chun trasnaíocht le tarchur comharthaí raidió agus teilifíse, cumarsáidí maidir le hiompar aeir agus mara agus le córais tarchuradóireachta eile sa limistéir, a íoslaghdú. Sa chás go mbíonn sé deacair an trasnaíocht leictreamaighnéadach a thuar, féadfaidh coinníollacha éileamh ar an bhforbróir go rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an soláthraí seirbhíse atá i gceist agus go dtabharfaidh sé nó sí faoi oibreacha leigheasacháin chun aon trasnaíocht a thugtar, a leigheas.

7.16 Sábháilteacht Aerloingseoireachta

Ba chóir coinníollacha a chur san áireamh maidir le mar a dhéanfar struchtúir a shoilsiú, chomh maith le comhordanáidí maidir le riocht na dtuirbíní a chur isteach, faoi mar atá siad tógtha, agus/nó coinníollacha cuí eile a chur san áireamh, sa chás gurb é sin an chomhairle a thugann Údarás Eitlíochta na hÉireann.

7.17 Gabháil Ghaoithe

D'fhéadfaí coinníollacha a chur san áireamh maidir le gabháil ghaoithe lena chinntiú go suífear tuirbíní gaoithe ar bhealach a ghéilleann do phoitéinseal forbartha an láithreáin atá ar chomhthearainn, le haghaidh forbartha comhchosúla. Sa chás go bhfeidhmítear coinníollacha den sórt sin, ba chóir go gceadóidh siad go ginearálta go mbeidh achar nach lú ná dhá lann rótair ann ó theorainneacha an láithreáin ar chomhthearainn, ag cuimhneamh ar an acmhainn ghaoithe ag an láithreán, seachas le comhaontú scríofa úinéir(i) na talún ar chomhthearainn. Bheadh sé níos cuí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo sula ndéantar iarratas (féach alt 5.13).

7.18 Ranníocaíochtaí Forbartha

Ranníocaíochtaí ginearálta: Go ginearálta, ba chóir go mbeadh aon tobhach a bhfuil faoi údarás pleanála a fheidhmiú i leith forbartha fuinnimh ghaoithe soiléir ón Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha, arna cur le chéile faoi alt 48 d'Acht 2000. Níl aon achomharc i gcoinne ranníocaíochta forbartha ginearálta seachas ar an mbonn nár feidhmíodh téarmaí na scéime mar ba cheart. Sa chás nach bhfuil aon tagairt don fhorbairt fuinnimh ghaoithe sa Scéim Ranníocaíochtaí Ginearálta áfach, nó sa chás nach ndéantar socruithe do na costais a bheidh i gceist leis an bhforbairt sa scéim, b'fhéidir gur chúí coinníoll speisialta ranníocaíochta a cheangal, a dtagrófar di thíos.

Ranníocaíochtaí Speisialta: B'fhéidir gur ghá don údarás pleanála caiteachas breise a dhéanamh ar líonra na mbóithre mórthimpeall nó ar an mbonneagar áitiúil mar gheall ar an trácht breise – go háirithe ó thaobh feithiclí a iompraíonn earraí troma agus a thiocfadh i rith chéim thógála forbartha fuinnimh ghaoithe.

Sa chás go dtaraingíonn an t-údarás áitiúil costais sonracha eisceachtúla den sórt sin i leith bonneagair agus áiseanna poiblí a théann chun tairbhe don fhorbairt atá beartaithe, ach nach bhfuil na costais sin clúdaithe ag an scéim ranníocaíochtaí ginearálta, féadfar coinníoll a fhorchur lena n-éileofar go n-íocfar ranníocaíocht

speisialta forbartha, faoi Alt 48 (2)(c) den *Acht Pleanála agus Forbartha, 2000*. I gcás den sórt sin, ba chóir go sonrúfaí leis an gcoinníoll phleanála, na hoibreacha ar leith arna ndéanamh, nó atá beartaithe le déanamh, ag an údarás áitiúil lena mbaineann an ranníocaíocht speisialta (Alt 48). Neamhchosúil le ranníocaíochtaí a ghearrtar le tobhaigh faoi scéim ghinearálta, féadfar na ranníocaíochtaí seo a achomharc.

7.19 Díchoimisiúnú agus á Chur Ar Ais Mar a Bhí

Baineadh úsáid roimhe seo as coinníollacha lenar éilíodh go lóisteálfaí bannaí airgeadais mar iarracht lena chinntiú go dtarlódh díchoimisiúnú ar bhealach freagrach. Cuireann úsáid bhannaí fadtéarmacha lena dhaingniú go gcuirfean an láithreán ar ais mar a bhí go sásúil agus deireadh tagtha leis an tionscadal, ualach mí-réasúnach ar fhorbróirí áfach mar gheall ar an achar fada ama a bhaineann le forbairtí fuinnimh ghaoithe agus is deacair coinníollacha den sórt sin a fhorfheidhmiú. Ba chóir go gclúdódh luach athchúrsála chomhchodanna na dtuirbíní, go háirithe copar agus cruach, na costais airgeadais a bhaineann leis an díchoimisiúnú go maith agus go mbeadh breis os cionn na gcostas sin fágtha. Dá réir sin, ní mholtar úsáid a bhaint as banna fadtéarmach.

7.20 Teorainneacha Ama

Agus aird á tabhairt ar na forálacha reachtúla maidir le ré cead pleanála, níor chóir go n-éileoidh coinníollacha go mbeadh tús curtha le forbairt faoi dháta áirithe, nó go mbeadh sé críochnaithe faoi dháta áirithe.

Cuireadh coinníollacha isteach roimhe seo lenar teorannaíodh ré forbartha fuinnimh ghaoithe do thréimhse áirithe ama chun cur ar chumas an údaráis phleanála athmheasúnú a dhéanamh ar fheidhmiú nó ar ath-threalamhú na forbartha fuinnimh ghaoithe i bhfianaise cúinsí mar a bheadh ag an am. Is féidir é sin a bhaint amach le coinníoll ina áit sin, lena n-éileofar go gcomhaontófar ath-threalamhú amach anseo i scríbhinn leis an údarás pleanála nó go mbeadh sé ina ábhar iarratais phleanála ar leithligh. Ba chóir a sheachaint nach gcuirfean coinníoll isteach lena dteorannaítear saolré forbartha fuinnimh ghaoithe, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

Féadfaidh údaráis phleanála cead a dheonú le haghaidh tréimhse níos faide ná 5 bliana sa chás go meastar gur cuí sin, mar shampla, lena chinntiú nach dtéann an cead in éag sula ndeonaítear nasc le greille. Tá sé d'fhreagracht ar na hiarratasóirí áfach, faid níos faide den sórt sin, a iarraidh i gcúinsí cuí ar an gcéad dul síos.

Aguisín 1

Modheolaíocht le hAnailís a dhéanamh ar Leochaileacht an Tírdhreacha

Is féidir tabhairt faoi roinnt staidéar difriúil chun tírdhreach contae a aicmiú de réir a leochailí is a bheidh sé d'fhorbairt fhuinnimh ghaoithe. D'fhéadfadh an pobal, an t-údarás pleanála áitiúil agus/nó na sainchomhairleoirí tírdhreachta a bheith i gceist leis sin ar leibhéal éagsúla idirghníomhaíochta. Soláthraítear breac-chuntas thíos ar nós imeachta ar féidir úsáid a bhaint as ina chéimeanna.

Léirbhreithnithe ón Deasc – Léirbhreithniú ó thaobh na litríochta a dhéanamh ar na cáipéisí is mó a bhaineann le hábhar maidir le leochaileacht tírdhreacha, lena n-áirítear an Plean Forbartha Contae (PFC) reatha.

Comhairliúchán le Foireann Phleanála – Cleachtadh a réachtáil le cáilíocht an tírdhreacha a mhapáil le cúnaimh sainchomhairleoirí tírdhreachta, má mheastar gur cuí sin.

Léarscáileanna mórsála den chontae a sholáthar don foireann phleanála leis an méid seo a leanas a mhapáil, agus úsáid á baint as a dtaithe agus a dtuairimí féin acu:

- (a) na bealaí sciamhacha sin atá ainmnithe sa PFC faoi láthair ach a d'fhéadfadh an oiread de mheath a bheith tagtha orthu le himeacht ama nach bhfuil údar ainmniúcháin den sórt sin a thuilleadh acu;
- (b) bóithre nach bhfuil ainmnithe sa PFC faoi láthair mar bhealaí sciamhacha ach a fheictear do dhaoine go mbaineann cáilíocht chomh hard sin leo go bhféadfadh údar ainmniúcháin a bheith acu;
- (c) limistéir tírdhreacha lena mbaineann cáilíocht chomh hard sin nach bhféadfaí socruithe a dhéanamh le feirmeanna gaoithe a shuíomh orthu; agus
- (d) limistéir tírdhreacha a bhféadfaí socruithe a dhéanamh le feirmeanna gaoithe a shuíomh orthu.

Obair Allamuigh Thosaigh – Caitheann foireann phleanála agus/nó sainchomhairleoirí tírdhreachta am allamuigh ag scrúdú na dtírdhreach agus ag aithint na suíomh sin a mheastar go

mbaineann cáilíocht an-ard leo. Is gnách gurb ionann limistéir ardháilíochta agus na cinn siúd a cuireadh chun suntais sa chleachtadh mapála a rinneadh thuas.

Comhairliúchán Poiblí – Ba chóir cruinniú oscailte amháin de ghrúpa fócais a reáchtáil ar a laghad (2 cheann nó níos mó i gcontaetha atá níos mó b'fhéidir) chun dul i gcomhairle le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile maidir le straitéis fhuinnimh ghaoithe don chontae a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh fógraíocht mhaith déanta faoi na himeachtaí seo agus ba chóir cuireadh foirmiúil a thabhairt do gach dream reachtúil a bhfuiltear le dul i gcomhairle leo. Tar éis réamhláithrithe ón bhfoireann phleanála agus/nó sainchomhairleoirí, is féidir le lucht freastail na ngrúpaí fócais páirt a ghlacadh i sraith de chleachtaí mapála ar pháipéar leis an aidhm is go n-aithneofar:

- (a) tírdhreacha lena mbaineann cáilíocht sár-ard;
- (b) gnáth-thírdhreacha (neamh-shuntasacha);
- (c) suímh nach mbeadh sé inghlactha (ag na daoine a bhfuiltear ag dul i gcomhairle leo) go bhforbrófar feirm ghaoithe; agus
- (d) suímh mar a mbeadh feirmeanna gaoithe inghlactha.

Meán an-éifeachtach is ea cleachtaí mapála den sórt sin le leochaileacht tírdhreacha a aicmiú de réir luachanna difriúla a bhíonn ag an lucht freastail. In aineoinn na ndearcaí iléagsúla a bhíonn ag daoine agus grúpaí difriúla (idir dhaoine a bheadh go mór ar son na forbartha agus dhaoine a bheadh iontach coimeádach), is minic a aimseofar comhdhearcaí agus léirbhreithníú déanta ar na léarscáileanna in éineacht le chéile. Is minic a bheidh aicmiú an ghrúpa fócais maidir le leochaileacht tírdhreacha ó thaobh feirmeanna gaoithe a fhorbairt orthu, ag teacht go dlúth le torthaí an chomhairliúcháin leis an údarás phleanála, chomh maith leis na conclúidí a fuarthas ón obair allamuigh thosaigh ag an bhfoireann phleanála agus/nó sainchomhairleoirí tírdhreachta.

Dréachtléarscáil Leochaileachta a Ullmhú – Déantar grinnscrúdú ar na léarscáileanna marcáilte uile arna n-ullmhú ag na grúpaí fócais agus is féidir aicmiú leathan maidir le leochaileacht a fhorbairt agus úsáid á baint as Córais Fhaisneise Geografaí (CFG). Mar shampla, d'fhéadfadh limistéir a aithnítear mar chriosanna eisiatachta ag an údarás phleanála agus ag na grúpaí fócais araon, agus a measúnaíodh mar limistéir ardháilíochta, a bheith aicmithe mar limistéir atá iontach leochaileach. A choinbhéarta sin,

d'fhéadfadh limistéir ar beag an inní a léiríodh ina leith maidir le feirmeanna gaoithe, agus lenar bhain cáilíocht nach raibh suntasach dar leis na sainchomhaireoirlí, a bheith aicmithe mar limistéir lenar bhain leochaileacht réasúnta, nó i roinnt cás, leibhéal íseal leochaileachta. D'fhéadfadh limistéir a bheadh aicmithe mar seo a leanas a bheith san áireamh san aicmiú leochaileachta:

- (a) inghlactha i bprionsabal,
- (b) oscailte lena bhreithniú, nó
- (c) doghlactha.

Tuilleadh Oibre Allamuigh agus Staidéar CFG – Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí, ba chóir tuilleadh staidéar allamuigh a dhéanamh chun an dréachtléarscáil atá ag teacht chun cinn maidir le leochaileacht an tírdhreacha a thástáil. Is é an ghné is dúshlánaí faoi sin ná teorainneacha na gcriosanna difriúla a shainmhíniú (m.sh. idir crios eisiatachta agus crios inghlactha). Mar gheall gur ar an tírdhreach go príomha a bhíonn fócas an staidéir, is féidir úsáid éifeachtach a bhaint as staidéir ríomhairebhunaithe a dtugtar criosanna infheictheachta teoiriciúla (CIT) orthu, chun teorainneacha den sórt sin a aithint. Bíonn sé iontach tábhachtach freisin go dtéitear i gcomhairle le húdaráis phleanála in aice láimhe chun féachaint conas a thagann aicmithe i gcontae amháin le haicmithe a gcomharsan.

I gcás, mar shampla, mar a bhfuil teirlimistéir ar dhá thaobh limistéir atá molta agus a ritheann taobh le teorainn pholaitiúil amhail líne droma sléibhe nó abhainn, b'fhéidir go mbeidh roinnt plé riachtanach idir an dá pháirtí chun aicmiú a tháirgeadh a bheidh loighiciúil agus cothromaithe. D'fhéadfadh “gnáth”-thírdhreach i gcontae amháin a bheith ina thírdhreach “speisialta” i gcontae comharsanach agus b'fhéidir gur ghá don chéad chontae úsáid a bhaint as crios deighilte a bheadh, abair, oscailte lena bhreithniú, mar gheall ar bhuairimh an chontae deiridh chun leibhéal cosanta éigin a sholáthar.

Rinne Comhairle Chontae Phort Láirge an cleachtadh seo go praiticiúil, le cúnaimh sainchomhairleoirí tírdhreachta, agus a nDréachtstraitéis Fhuinnimh Ghaoithe á forbairt acu.

Aguisín 2

Comhairle d'Fhorbróirí maidir le Scothchleachtas sa Phróiseas Comhairliúcháin Réamh-iarratais

Is féidir coimhlint amach anseo a sheachaint ach sruth maith faisnéise a sholáthar don phobal maidir le forbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe ina ndúiche sula gcuirtear iarratas foirmiúil isteach. Faisnéis a bhaineann leis an togra don daonra atá díreach mórthimpeall agus a bhfuil a maoine laistigh de chileamadar amháin den fhorbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe, agus do ghrúpaí pobail, eaglaisí agus chlubanna faoi 10 gcileamadar timpeall. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh san fhaisnéis a scaipfear:

Litir fhoirmiúil chun:

- Tionscnóirí na forbartha fuinnimh ghaoithe a chur in aithne agus mionsonraí a thabhairt faoin bhforbairt atá beartaithe.
- Riachtanas le fuinneamh gaoithe a fhorbairt i gcomhthéacs polasaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, a léiriú.
- Scóp an réamh-chomhairliúcháin a shonrú (cé eile a bhfuiltear ag dul i dteagmháil leo).
- Cuireadh a thabhairt d'fhaighteoir na litreach teacht chuig tuilleadh taispeántas poiblí, agus dáta, amanna agus suíomh na dtaispeántas a leagan amach.

Bheadh sé ina chúnamh dá mbeadh bileog fhaisnéise maidir leis an tionscadal in éineacht leis an litir.

Ba chóir do bhileog fhaisnéise an tionscadail:

- Mionsonraí a thabhairt faoi shuíomh (léarscáil bheag), agus scála na forbartha atá beartaithe.
- Mionsonraí a thabhairt faoi chlár ama a mbeifí ag súil leis don tionscadal (lena n-áirítear taispeántais phoiblí).
- Na sochair don chomhshaol agus na sochair shóisialta a bheidh ag an bhforbairt, ar leibhéal áitiúil agus domhanda araon, a leagan amach, lena n-áirítear aon sochar ó thaobh pleanála don phobal áitiúil.

- Ainm teagmhála agus mionsonraí teagmhála thionscnóirí na forbartha a shonrú le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Póstaeir agus Fógraíocht

Sa chás go mbíonn teacht ag faighteoir ar ghrúpaí nó chlubanna pobail (m.sh., in eaglaisí, hallaí pobail, áiseanna spóirt, srl.) smaoineamh maith is ea úsáid a bhaint as póstaeir chun na taispeántais phoiblí a fhógairt agus cuireadh a thabhairt do dhaoine freastal orthu.

Foirm Fhreagartha

D'fhéadfadh foirm fhreagartha réamhíoctha le comhlánú ag an bhfaighteoir, a bheith curtha san áireamh leis an litir fhaisnéise chun an méid seo a leanas a shonrú:

- Ar mhaith leis an bhfaighteoir tuilleadh faisnéise a fháil faoin togra;
- An féidir leis an bhfaighteoir daoine eile a shonrú nár dhírigh an fhaisnéis bholscaireachta orthu; agus
- Murar mian leis an bhfaighteoir tuilleadh faisnéise gaolmhaire a fháil.

Aguisín 3

Measúnú Tionchair Tograí Forbartha Fuinnimh Ghaoithe ar an Tírdhreach

- **Struchtúr tuairisce measúnaithe maidir leis an tionchar ar an tírdhreach**

Déanann foirmeanna measúnaithe maidir leis an tionchar ar an tírdhreach dlúthchuid den Mheasúnú Tionchair ar an gComhshaol a dhéantar ar thograí fuinnimh ghaoithe. Ba chóir go mbeadh na tuairiscí ar aon dul le moltaí a rinneadh i dTreoirlínte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le measúnú tionchair ar an gcomhshaol, mar sin ba chóir go mbeadh na céimeanna seo a leanas san áireamh sna tuairiscí measúnaithe tionchair ar an tírdhreach:

1. Cur síos ar an bhforbairt atá beartaithe, lena n-áirítear roghanna malartacha a breithníodh i rith an phróisis dearthóireachta;
2. Cur síos ar an suíomh geografach agus ar chomhthéacs an tírdhreacha;
3. Sainmhíniú ar an limistéar staidéir a aithint, arna threorú trí chrios teoiriciúil an tionchair ar an radharc;
4. Cur síos ginearálta ar thírdhreach an Limistéir Staidéir;
5. Rogha de phointí tagartha cró amhairc ón áit mar a ndéantar an togra a ghrinnsrúdú;
6. Measúnú a dhéanamh ar leochaileacht an tírdhreacha ó gach pointe tagartha cró amhairc;
7. Fótamontáiseanna a ullmhú;
8. Meastachán maidir le méid an tionchair is dócha a bheidh ar an tírdhreach;
9. Moladh maidir le bearta maolaithe;

Déantar Céimeanna 3, 5, 7 agus 8 a bhreithniú go mion thíos:

- **Sainmhíniú maidir leis an limistéar staidéir agus Crios na hInfheictheachta Teoiriciúla**

Nós imeachta ríomh-chuidithe is ea an Crios Infheictheachta Teoiriciúla (ar tagraíodh dó roimhe seo mar Chrios an Tionchair ar an Radharc), a fhéachann leis an áit óna bhféadfadh na tuirbíní a bheith le feiceáil, a thuar. Déantar na moltaí seo a leanas i ndáil le léarscáileanna Chrios Infheictheachta Teoiriciúla a ullmhú:

1. Le haghaidh reann lainne chomh mór le 100m ar airde, ba leor raon 15 chiliméadar timpeall mar Chrios Infheictheachta Teoiriciúla (is mó sin ná an caighdeán reatha faoi thart faoi 50% ach léiríonn sé an deacracht teicniúil a bhaineann le bheith ag tabhairt cuntais ar thuirbíní “beaga agus ar mheánmhéid” ag 20 ciliméadar).
2. Le haghaidh reann lainne os cionn 100m, ba leor raon 20 ciliméadar timpeall mar Chrios Infheictheachta Teoiriciúla (is mó faoi dhó é sin ná gnáth-thairsigh agus léiríonn sé go mbíonn struchtúir níos airde níos feiceálaí).
3. I limistéir ina bhfuil tírdhreacha a bhfuil cáil náisiúnta nó idirnáisiúnta orthu suite laistigh de 25 chiliméadar d’fhorbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe, ba chóir an Crios Infheictheachta Teoiriciúla a shíneadh a fhad le (agus i dtreo) an tírdhreacha sin. Léiríonn sé sin an fhíríc gur chóir d’fhorbróirí agus do phleanálaithe caitheamh go hiontach cúramach le tírdhreacha atá iontach leochaileach.
4. Moltar gur chóir go measúnófar le Crios Infheictheachta Teoiriciúla méid na hinfeictheachta bunaithe ar líon na dtuirbíní a bhíonn infheicthe go dtí leath fhad na linne sa bhreis ar airde an mhoil. Ní leor gan ach airde an mhoil a úsáid agus léarscáileanna Crios Infheictheachta Teoiriciúla á n-ullmhú toisc go gcuirfeadh sé sin as an áireamh a fheiceálaí is a d’fhéadfadh an lann iomlán a bheith. Ar an gcaoi chéanna, ní gá gur chuí a bheith ag baint úsáide as airde rinn na lainne toisc go n-aithneodh sé sin gach suíomh as ar féidir díreach rinn na lainne amháin a fheiceáil agus gan tada eile.
5. Bíonn sé tábhachtach léarscáil Chrios Infheictheachta Teoiriciúla a fhorleagan ar shraith 1:50,000 léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis agus a chóbhualadh, mar an rogha ab fhearr, ar scála 1:50,000 nó ar scála eile á chinntiú go mbeidh sé éasca suímh a bheidh infheicthe go teoiriciúil, a aithint. Ba chóir go mbeadh cáilíocht chlóbhuailte agus scála na léarscáile(anna) sa chaoi is go mbeidh an fhaisnéis atá mar bhonn leis an léarscáil amhail logainmneacha agus bóithre, soléite go soiléir.
6. Ba chóir go mbeadh daoine a bheadh ag breathnú ar an léarscáil in ann dathchódú léarscáil Chrios Infheictheachta Teoiriciúla de réir líon na dtuirbíní a bhíonn le feiceáil ag

aon suíomh ar bith, a thuiscint go héasca. Tá sé bunriachtanach go soláthrófaí fotheidil soiléire.

7. Ba chóir go mbeadh taifeach Shamhail Dhigiteach an Tír-raoin a mbaintear úsáid aisti chun léarscáil an Chreasa Infheictheachta Teoiriciúla a ullmhú, 50 x 50 méadar ar a mhéad chun ardaifeach a chinntiú.
8. Ba chóir éifeachtaí carnacha roinnt forbairtí difriúla fuinnimh ghaoithe a léiriú go soiléir agus úsáid á baint as léarscáileanna Chrios Infheictheachta Teoiriciúla.
9. Le cois Crios Infheictheachta Teoiriciúla a bheith bunaithe ar shonraí maidir le comhairde talún amháin, féadfar nithe a cheileann na tuirbíní a thabhairt isteach i léarscáil Chrios Infheictheachta Teoiriciúla amhail foraoiseacht, foirgnimh, srl.

Cleachtadh an-úsáideach ag céim thosaigh na dearthóireachta agus leagan amach na forbartha fuinnimh ghaoithe á ullmhú, na “*cúlchrios infheictheachta teoiriciúla*” (cúl-CIT) a dhéanamh ó shuímh arb eol iad a bheith iontach leochaileach agus ó limistéir mar ar chóir radhairc ar thuirbíní a sheachaint. Is féidir gach suíomh a bheadh infheicthe go teoiriciúil ón ionad amhairc leochaileach a aithint agus, más ann d’aon trasnú thar láithreán na forbartha fuinnimh ghaoithe, is féidir iad a dhíothú ón limistéar inoibrithe. Ciallaíonn sé sin go héifeachtach gur féidir an fhorbairt fhuinnimh ghaoithe a dhearadh ina dhiaidh sin agus a fhios ag lucht a fhorbartha nach mbeidh aon tuirbíní nochta le feiceáil ón suíomh roghnaithe.

- **Roghnú pointí tagartha cró amhairc/pointí amhairc impórtáilte**

Baineann an chéim seo leis na suímh sin a aithint ónar bhféadfaí infheictheacht ar an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe a sholáthar. Bíonn sé ina chúnamh dul i gcomhairle leis an údarás/na húdaráis áitiúla ábhartha agus pointí tagartha cró amhairc á n-aithint agus á roghnú toisc gur féidir moileanna mar gheall ar nithe a fágadh amach, a sheachaint. Ba chóir an treoir seo a leanas a leanúint agus pointí tagartha cró amhairc á roghnú:

1. Ba chóir go léireoidís ainmniúcháin áitiúla faoi mar a d'fhéadfadh a bheith ábhartha ón bPlean Forbartha Contae nó ón bPlean Limistéir Áitiúil, lena n-áirítear Radhairc agus Amhairc agus ainmniúcháin eile mar thaitneamhachtaí sciamhacha.
2. Ba chóir go mbeidís suite fad achair éagsúla ón bhforbairt fhuinnimh ghaoithe agus, sa chás go mbaineann sin le hábhar, go dtabharfaidís radhairc as gach treo ionas gur féidir breathnú agus braistint mhaith a fháil ar a bhfuil beartaithe. D'fhéadfadh suímh atá díreach lasmuigh de dhlínse an údaráis phleanála a bhfuil an togra á lóisteáil leo, a bheith san áireamh leis sin.
3. Ba chóir go gcuirfidís an cás is measa (is oscailte) i láthair i gcónaí maidir leis an radharc a bheadh le fáil ó aon suíomh ar leith.
4. Bheadh sé inmholta dul i gcomhairle leis an údarás/na húdaráis áitiúla ábhartha agus pointí tagartha cró amhairc á n-aithint agus á roghnú ionas gur féidir moileanna mar gheall ar nithe a fágadh amach, a sheachaint.

- **Fótamontáiseanna den fhorbairt a ullmhú**

Soláthraíonn fótamontáiseanna cur síos grafach ar an radharc ó gach pointe tagartha cró amhairc tar éis na tuirbíní a bheith tugtha isteach. Ba chóir an treoir seo a leanas a leanúint agus fótamontáiseanna á n-ullmhú:

1. Moltar go mbainfí úsáid as lionsa ceamara lena mbaineann fad fócasach 50-70mm le grianghraif a ghlacadh chun fótamontáiseanna a ullmhú.
2. Ba chóir grianghraif lánléargais a chuirtear isteach chun an comhthéacs ina bhféadfadh an fhorbairt a bheith le feiceáil, a ullmhú trí ghrianghraif arna nglacadh le lionsa 50-70mm a tháthú agus ní trí radhairc arna nglacadh le lionsa leathanuilleach a chur isteach.
3. Mura n-iarrann an t-údarás pleanála ábhartha nó dreamanna reachtúla a bhfuiltear le dul i gcomhairle leo, é seo go sonrach, ba chóir formhór mór na bhfótamontáiseanna a ullmhú ó áiteanna a sholáthraíonn radhairc ar an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe. Ullmhaítear an Crios Infheictheachta Teoiriciúla chun áiteanna a chur chun suntais nach soláthraíonn radhairc agus ní gá iad a bhreithniú tuilleadh ina dhiaidh sin go ginéarálta.

4. Ba chóir go léireodh an tírdhreach a gcuirtear síos air san fhótamontáis, an radharc is oscailte agus is féidir i dtreo na forbartha fuinnimh ghaoithe. Ba chóir a bheith cúramach nach gcuirtear rud amhail fásra nó struchtúir idir láithreán na forbartha fuinnimh ghaoithe agus an ceamara.
 5. Níor chóir tuirbíní nach bhfuil le feiceáil ó phointe tagartha an chró amhairc (a thagann de bharr a bheith ceilte go headrannach) a léiriú ar na fótamontáiseanna.
 6. Rud a bhaineann lena bhfuil thuas, ba chóir go mbeadh radharc peirspictíoch, lena ngabhann fráma sreanga arna ghiniúint ag ríomhaire, ar an tírdhreach, in éineacht leis an bhfótamontáis, nó samhail rilífe faoi scáthú, lena dtugtar léaráid ar gach tuirbín a bheadh le feiceáil go teoiriciúil. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na léaráidí seo lena ngabhann fráma sreanga chun tuirbíní nach bhfuil le feiceáil go hiomlán a chomharthú freisin, nó nach bhfuil cuid díobh le feiceáil mar gheall ar a bheith ceilte, díreach chun an pointe sin a chruthú. Ba chóir go mbeadh frámaí sreanga agus fótamontáiseanna ar aon scála le chéile agus curtha i láthair in éineacht ionas gur féidir comparáid/comhghaolmhaireacht dhíreach a dhéanamh.
 7. Ba chóir go mbeadh an t-achar molta ón éadan, ar chóir an leathanach a bhfuil an fhótamontáis léirithe air a choinneáil sa láimh leis an bhforbairt a fheiceáil, a bheith ráite go soiléir (níor chóir go mbeadh sé sin níos lú ná 30cm).
 8. Ba chóir go mbeadh cáilíocht chlóbhuailte na bhfótamontáiseanna ar thaifeach ard-íseal nó níl fótachóipeanna a bhfuil an dath tar éis iad a thréigean, inghlactha.
 9. Ba chóir léarscáil tagartha, agus comhordanáidí domhanfhaid agus domhanleithid an ghreille náisiúnta a sholáthraítear le haghaidh gach riocht ina raibh an ceamara suite, ar baineadh úsáid astu chun na grianghraif a ghlacadh, a chur isteach chun críocha treoshuímh in éineacht le comhordanáidí an spriocphointe. Cuirfidh sé sin ar chumas an údaráis phleanála cruinneas frámaí sreanga a thástáil agus úsáid á baint acu as a sonraí comhairde talún féin.
- **Meastachán maidir le méid an tionchair is dócha a bheidh ar an tírdhreach**

Moltar struchtúr don chuid chriticiúil seo den Mheasúnú Tionchair ar an Tírdhreach thíos, déanta i leith gach pointe radhairc buntábhachtach.

1. Cuir síos ar an tírdhreach go ginearálta, lena n-áirítear tírghné, clúdach talún, struchtúir agus tréithe, sruth spásúil/idirnascadh agus méid na nádúrthachta nó tionchair an duine.
2. Measúnú a dhéanamh ar láithreach na forbartha fuinnimh ghaoithe sa radharc, mar shampla, a shuntasáí is atá sé i gcomparáid le nithe eile sa spás. (Ní gá go bhfreagraíonn sé sin don tionchar iomlán ar an tírdhreach sa deireadh).
3. Measúnú a dhéanamh ar thionchar aeistéitiúil na forbartha fuinnimh ghaoithe ar an tírdhreach, ag tagairt go háirithe do Chaibidil 6 de na Treoirlínte seo agus á dhéanamh amach an bhféadfadh an tionchar a bheith aimhleasach nó dearfach.
4. Agus úsáid á baint as torthaí an mheastacháin a rinneadh níos luaithe maidir le **leochaileacht** an tírdhreacha ó gach pointe amhairc buntábhachtach in éineacht leo siúd maidir le **láithreacht** sa radharc agus **tionchar aeistéitiúil**, meastachán a dhéanamh maidir lena **shuntasáí** is a bheidh an tionchar ar an tírdhreach.

Aguisín 4

Scotchleachtas le haghaidh Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt i bPortaigh

Fágfaidh forbairt a dhéantar ar fhormhór na láithreán portach (lena n-áirítear cineálacha portaigh ar ardtailte agus ísealchríocha, seascanna agus fraocha) go mbeidh tionchair ar an oidhreacht nádúrtha go ginearálta. Eisceachtaí suntasacha maidir leis sin ná limistéir phortaigh a rinneadh a dhúshaothrú amhail limistéir lastigh de na portaigh fhorleathana mhóna meilte, i lár na hÉireann go príomha, agus iad siúd a ndearnadh talamh feirme díobh.

Sa chás go gceadaítear forbairtí fuinnimh ghaoithe ar phortaigh, má chuirtear na treoirlínte tógála seo a leanas i ngníomh (in éineacht le cinn eile a mholtar sa Ráiteas Tionchair ar an gComhshaol), d'fhéadfaí cabhrú le tionchair a laghdú, lena n-áirítear a mhéid is a chuirtear isteach ar ghnáthóga is a chailltear iad, a íoslaghdú, chomh maith le cur isteach ar chúrsaí hidreolaíocha agus riosca go dtarlóidh creimeadh:

1. Imscrúdú críochnúil ar an talamh, lena n-áirítear imscrúduithe hidreo-gheolaíocha sa chás gur cuí, agus meastóireacht mhionsonraithe ar mhianach na móna, a tréithe geotheicniúla agus an riosca neamhbhuanseasmhachta a bhaineann léi agus go gcuirfeadh isteach ar nó go gcaillfeadh gnáthóg le linn don fhorbairt fuinnimh ghaoithe a bheith á tógáil agus á feidhmiú. Tá an t-imscrúdú le déanamh mar a bhfuil doimhneas na móna os cionn 50 cm.
2. Seachain is nach dtógfar, más féidir, ar limistéir fhliucha, shruthluithe agus ithreacha ar féidir a chreimeadh go héasca.
3. Seachain a bheith ag tochailt draenacha, sa chás gur féidir, mura mbíonn sé riachtanach ar chúiseanna geotheicniúla nó hidreolaíocha.
4. Má bhíonn draenacha do-sheachanta, cinntigh go dtógfar gaiscí le haghaidh siolta agus nach scaoiltear uisce ach ar bhealach réscapthe.
5. Seachain is nach gcuirtear aon rud i mbealach draenacha atá ann cheana féin.
6. Sa chás go bhfuiltear ag baint úsáide as pléascghaí i nó in aice le limistéir phortaigh, le haghaidh claiseanna iasachtaithe, dúshraitheanna srl, ba chóir an eifeacht a d'fhéadfaí a imirt ar bhuanseasmhacht na móna a mheasúnú.

7. Seachain aon bheithigh a chur ar féarach ar aon mhóin ar cuireadh isteach uirthi go dtí go mbeidh fásra an phortaigh áitiúil tar éis teacht chuige féin (m.sh., trí úsáid a bhaint as fálú aibhléise sealadach).

- **Cosáin/Bóithre Rochtana a Thógáil i Limistéir Phortaigh**

1. Tóg bóithre go nglacfaidh siad leis na hualaithe riachtanacha feithiclí, agus aird chuí á tabhairt ar bhuanseasmhacht fhoriomlán an láithreáin.
2. Bíodh innealra agus feithiclí a mbaintear úsáid astu le bóithre a thógáil, á bhfeidhmiú ón mbóthar agus é á thógáil.
3. Bíodh leithead an bhóthair agat ar an íosleithead a thagann le cleachtas stuama innealtóireachta.
4. Bain úsáid as carraig chrua chun baitéir an bhóthair a thógáil.
5. Ba chóir lintéir a chur faoi bhun bóithre, sa chás gur cuí sin, chun bealaí draenála atá ann cheana féin ar an dromhchla a chaomhnú.

- **Dúshraitheanna a Thógáil le haghaidh Thúir na dTuirbíní**

1. Ní mór anailís gheoiteicniúil a dhéanamh, le haghaidh bonn gach tuirbín, ar mhodh na tochailte agus ar an suíomh a bhfuil ábhar tochailte le cur agus le stóráil lena chinntiú nach gcruthaítear fána nó mí-bhuanseasmhacht sa láithreán de bharr na n-oibríochtaí seo.
2. Ba chóir bonn gach tuirbín a mheasúnú ar bhonn aonair chun críocha buanseasmhachta.
3. Leag amach agus stóráil scraitheanna/ábhair ithreach a bhfuil ábhar orgánach ann agus atá faoi fhásra ar an dromchla, agus a bheidh le haghaidh limistéar loma a athnuachan, lasmuigh den láithreán agus cuir uisce orthu agus an aimsir tirim.
4. Má tharlaíonn sé, i rith na hoibre tochailte, gur dóigh go dtitfidh cuid dá bhfuil carta ar dhromchla an phortaigh in aice láimhe, cosain an dromchla le cláir chomhlaí nó geoghreille/geoiteicstíl.
5. Déan monatóireacht agus rialú go cúramach ar aon uisce a chaidéalaítear ó bhoinn a tochlaíodh le haghaidh tuirbíní lena chinntiú go dtreoraítear uisce go díreach isteach i gcúrsaí uisce, draenacha foraoise atá ann cheana féin, nó i ndraenacha a tógadh go speisialta, agus leordhóthain cumais acu uile le déileáil le líon an uisce a bhíonn rompu.

- **Cáblaí Ardvoltais a Shuiteáil**
 1. Ba chóir cáblaí a chur isteach taobh leis na bealaí rochtana ar na tuirbíní chun méid an tionchair ar an láithreán ó thaobh na héiceolaíochta a íoslaghdú.
 2. Ba chóir gach innealra agus modhanna tógála ar an láithreán a roghnú d'fhonn tionchar ar ghnáthóga a íoslaghdú.
 3. Ba chóir úsáid a bhaint as innealra speisialaithe rianaithe lena ngabhann brú íseal ar an talamh, ar bhrataí portaigh má táthar á bhfeidhmiú ar dhromchla an phortaigh.
 4. Cuir scraitheanna portaigh atá faoi fhásra ar chomhlaí nó gheoghreille (nó ar an mbóthar) taobh le trinsí mura dtarlaíonn aislíonadh go luath tar éis na tochailte.
 5. Cuir ábhar carnta móna taobh leis na scraitheanna portaigh ar chomhlaí nó ar gheoghreille nó ar an mbóthar.
 6. Aislíon na trinsí go cúramach leis an móin a cartadh.
 7. Cuir na scraitheanna/ábhair ithreach a bhfuil ábhar orgánach ann agus atá ar an dromchla, ar ais, taobh a bhfuil fásra air le haer, agus daingnigh iad le cúl an bhuicéid tochtóra.

Aguisín 5

Gluais

AIF: Aonad na nIarratas Forbartha na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fialdhúlra.

Ainéimiméadar: Trealamh a shocraítear ar chrann tomhais le luas na gaoithe thar láithreán ar leith a thomhas. Struchtúir chaola is ea crainn ainéimiméadrachta de ghnáth a dhaingnítear sa talamh le sreanga teanntáin.

Airde an mhoil: Airde thúr an tuirbín ghaoithe ón talamh go dtí líne láir rótar an tuirbín.

An Gheolaíocht: Eolaíocht maidir leis an domhan, lena n-áirítear comhdhéanamh, struchtúr agus bunús a charrageacha.

An Hidreolaíocht: Eolaíocht a bhaineann le láithreach agus cúrsaíocht an uisce ina chéimeanna agus ina mhóid uile.

ASIR: Acmhainn lena Shú Isteach sa Radharc. Déantar iarracht leis seo leis an gcumas a bheidh go nádúrtha ag tírdhreach le forbairt a shú isteach gan sláine an radhairc a chailliúint, a thomhas .i. carachtar a radhairc a choinneáil fós. Dá chasta an tírdhreach, is ea is airde an ASIR.

BIRF: Bunriachtanas Iomlán Fuinnimh.

Clais Iasachtaithe: Limistéar mar a bhfuil carraig agus/nó ithir á tochailt agus a mbaintear úsáid aisti áit éigin eile laistigh de theorainneacha fhorbartha an láithreáin.

Coimisiúnú: Tionscadal á chur ag feidhmiú ina iomláine.

Comhshaol Tógtha: Tagraíonn d'oidhreacht ailtireachta agus oidhreacht seandálaíochta araon.

CIT: Crios Infheictheachta Teoiriciúla. Bíonn na léarscáileanna a tháirgtear teoiriciúil toisc go ndéantar meastachán leo ar a mhéid agus a bheidh forbairt atá beartaithe le feiceáil bunaithe ar shonraí

maidir le tírghné amháin, agus ní thógánn siad san áireamh aon cheilt a dhéanann fásra nó struchtúir go headrannach ar an bhforbairt. Déantar meastachán maidir le hinfheictheacht na forbartha atá beartaithe le léarscáileanna CIT sa tírdhreach mórthimpeall agus ní ar “an tionchar a bheidh aige ar an radharc”.

CTR: Crios an Tionchair ar an Radharc: Soláthraíonn léiriú físiúil, a chuirtear i láthair mar léarscáil le marcanna nó limistéir dhaite de ghnáth, ar an limistéar thar a bhféadfaidh láithreán agus/nó forbairt atá beartaithe, a bheith le feicéail.

dB (deicibeil): Tomhas fuaime, an scála lena gcuirtear leibhéal bhrú na fuaime in iúl. Agus torann sa chomhshaol á thomhas, baintear úsáid as líonra meáchain lena scagtar minicíocht na fuaime, agus a chuirtear in iúl mar dB(A).

dB(A) nó dB(A): Deicibeil “A-oiriúnaithe” - tomhas ar an leibhéal torainn foriomlán trasna an raoin mhinicíochta inchloiste (20Heirts-20 ciliHeirts) le hoiriúnacht mhinicíochta A (.i. oiriúnacht “A”) chun leochaileacht athraitheach chluas an duine d’fhuaim ar mhinicíochtaí difriúla a chúiteamh. Scála logartamach atá sa scála deicibil. Is ionann gach méadú 10 dB(A) ar an leibhéal fuaime agus dúblú ar threise na fuaime. Athrú 3 dB(A) an mhéid is lú a bhíonn inbhraite i gcúinsí normálta.

Díchoimisiúnú: Dúnadh deiridh forbartha nó tionscadail nuair atá sé tagtha go deireadh a shaoil infheidhmithe/úsáide.

Éiceolaíocht: Staidéar ar ghaoil idir orgánaigh bheo agus idir orgánaigh agus a gcomhshaol (go háirithe pobail ainmhithe agus phlandaí), a sruthanna fuinnimh agus a n-idirghníomhaíochtaí lena bhfuil mórthimpeall orthu.

Fostáisiún: Nascann an líonra aibhléise áitiúil le córas aibhléise an tionscadail fhuinnimh ghaoithe trí shraith de lascanna uathoibríocha sábháilteachta.

Fótamontáis: Íomhá lena bhforchuirtear imprisean d’fhorbairt fhéideartha ar ghrianghraf iarbhír.

GCC: Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Gnáthóg: Limistéar ina maireann orgánach nó grúpa orgánach.

Heirts: Hs: Aonad minicíochta fuaime, i dtimthriallta in aghaidh an tsoicind. Bíonn airde na fuaime de réir na minicíochta.

LA90,T: Leibhéal A-oiriúnaithe maidir le brú fuaime (i ndeicibeil, dB) a fhaightear agus úsáid á baint as oiriúnacht-ama “Gasta” a dtéitear thairis le haghaidh 90% den eatramh ama (T), m.sh. le haghaidh leibhéal an torainn sa chúlra. Is é an t-eatramh ama a thugtar ná deich nóimeád le haghaidh LA90,10min.

Laftán: Meall leathnaithe ithreacha, forualach nó struchtúr a thógtar mar bhacainn ar amharc, fhuaim nó uisce.

Láithreán Eorpach: Láithreán Eorpach ainmnithe, a dtugtar Láithreáin Natura 2000 orthu freisin agus a áiríonn Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCS) faoin Treoir maidir le Gnáthóga 1992 atá sa phróiseas liostaithe, ina iarrthóir comhaontaithe nó ainmnithe. Limistéir Faoi Chosaint Speisialta (LIMSTÉAR FAOI CHOSAINT SPEISIALTA) faoin Treoir maidir le hÉin 1985.

Láithreán Natura 2000: Láithreán Eorpach ainmnithe. Déanfaidh Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta, in éineacht le chéile, líonra Natura 2000 de láithreáin atá faoi chosaint do ghnáthóga agus speicis ar fud an AE.

LCS: Limistéar Caomhantais Speisialta faoin Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), a ainmnítear le haghaidh gnáthóg agus speiceas ata tearc, goilliúnach agus i mbaol (m.sh. plandaí, mamaigh agus éisc), liostaithe in Annéacsanna I agus II.

Léaráid lena ngabhann fráma sreanga/líne shreanga: Léaráidí arna nginiúint le ríomhaire lena léirítear cén chuma a bheidh ar fhorbairt ar thírghnéithe ó phointí amhairc aitheanta. Uirlis úsáideach le tionchar ar an radharc a léiriú, go háirithe agus úsáid á baint astu in éineacht le grianghraif ón radharc céanna.

Leibhéal Torainn sa Chúlra: Tomhas ar an leibhéal torainn atá sa chomhshaol cheana féin agus gan oibríocht fhorbartha fuinnimh ghaoithe ann.

Leochaileacht: Poitéinseal go ndéanfaí athrú suntasach ar aon eilimint sa chomhshaol a thagann faoi thionchair.

LfCS: Limistéar faoi Chosaint Speisialta faoin Treoir maidir le hÉin (79/409/CEE), ainmnithe le haghaidh speiceas éin arna liostú in Annéacs I den Treoir, go háirithe comhchruinnithe d'éin imirceacha agus bogaigh lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta. Dirítear ainmniúchán ar ghnáthóga na speiceas seo.

Líon Fuinnimh a Fhaightear: Cuireann síos ar an aschur aibhléise ó thionscadal fuinnimh ghaoithe. Baineann sé go dlúth le luas na gaoithe, dá airde luas na gaoithe, is ea is mó an líon fuinnimh a fhaightear.

Luas Inghearrtha na Gaoithe: Luas na gaoithe ar a dtáirgeann tuirbín glan-aschur cumhachta. Bíonn sé seo ar luasa gaoithe 4-5 méadar in aghaidh an tsoicind ar airde an mhoil.

Maolú: Bearta atá deartha chun éifeachtaí aimhleasacha aitheanta ar an gcomhshaol a sheachaint, a laghdú, a leigheas nó a chúiteamh.

Meigeavata & Cileavataí: Baintear úsáid as mar thomhas ar an gcumas le haibhléis a ghiniúint. Is ionann meigeavata (MV) agus 1,000 cileavata (cV) nó 1,000,000 vata (V).

Monatóireacht: Breathnadóireacht, tomhas agus meastóireacht leanúnach a dhéantar arís is arís eile ar shonraí comhshaoil chun athruithe thar thréimhse ama a leanúint, chun éifeachtúlacht beart rialaithe a mheasúnú.

MTC: Measúnú Tionchair ar an gComhshaol: Cleachtadh ordúil arna dhearadh chun go mbeifí in ann tionchair fhorbartha/tionscadail atá beartaithe ar an gcomhshaol, a thuar sula gcuirtear an tionscadal i ngníomh.

MTT: Measúnú Tionchair ar an Tírdhreach.

Oidhreach Chomhshaoil: Áiríonn oidhreacht nádúrtha agus thógtha, lena n-áirítear oidhreacht seandálaíochta.

Oidhreacht Nádúrtha: Tagraíonn do ghnáthóga agus speicis fhásra agus ainmhithe.

PíA: Pointí Amhairc.

PNB: Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta (2002), ullmhaithe mar fhreagairt ar Airteagal 6 den Choinbhinsiún maidir le Bithéagsúlacht.

Pointí Amhairc Buntábhachtacha: Áiteanna ónar féidir forbairt a fheiceáil atá rithábhachtach agus leochaileach maidir le líon agus suim na ndaoine a bheadh ag breathnú air.

Preabadh Scátha – Téarma a mbaintear úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar an éifeacht nach maireann i bhfad ach a thagann de bharr scáthanna a chaitheann lanna tuirbíní gaoithe ag dul timpeall dóibh agus an ghriain ag dul thar bráid taobh thiar díobh, rud a tharlaíonn agus suímh gheografacha áirithe agus amanna den lá ag tarlú in éineacht le chéile.

PTCA: Pointí Tagartha an Chró Amhairc. Na suímh sin óna bhféadfaí infheictheacht a sholáthar ar an bhforbairt fhuinnimh ghaoithe atá beartaithe.

Roghanna Malartacha: Cur síos ar shuímh mhalartacha, dhearaí malartacha agus próisis mhalartacha.

RTC: Ráiteas Tionchair ar an gComhshaol: Ráiteas torthaí ón gcleachtadh ordúil lena ndírítear ar a bheith ag tuar gach tionchar suntasach a bheidh ag forbairt atá beartaithe ar an gcomhshaol, roimh obair lena cur i ngníomh nó a thógáil, agus lena sonraítear na bearta sin ar chóir a dhéanamh chun tionchair den sórt sin a dhíothú nó a mhaolú go dtí go mbeidh siad ar leibhéal inghlactha.

Scópáil: Próiseas lena n-aithnítear na saincheistanna suntasacha ar chóir go dtabharfaí aghaidh orthu le Measúnú Tionchair áirithe ar an gComhshaol.

Seabhrán Laine: Modhnú torainn leathanbhanda ar mhinicíocht na lann ag dul timpeall.

Sruthluithe: Limistéir fhásra atá difriúil le fásra mórthimpeall agus a dtagann faoi thionchar screamhuisce nó uisce dromchla atá ag bogadh.

Suíomh a nGoillfidh Torann Air: I gcás forbartha fuinnimh ghaoithe, áiríonn sé sin aon teach áitribh, bhrú, fhoirgneamh sláinte

áitithe nó ionad adhartha agus féadfaidh limistéir lena mbaineann cáilíocht sciamhach ar leith nó tábhacht speisialta mar thaitneamhacht áineasa, a bheith san áireamh leo.

Suirbhé Bonnlíne: Cur síos ar an gcomhshaol atá ann cheana féin ar féidir athruithe amach anseo a thomhas ina choinne.

Tairseach: Méid tionscadail, má théitear os a cionn, a fhágfaidh gur gá Measúnú Tionchair ar an gComhshaol a dheanamh.

Tionchar: A mhéid d'athrú i gcomhshaol de thoradh forbartha.

Torann: Aon fhuaim a d'fhéadfadh cur isteach ar rud/dhuine a chloisfidh é, nó a chuirfidh as do chompord an duine sin srl. nó a fhágfaidh faoi strus síceolaíoch é nó í. Cuirtear síos air mar “fhuaim nach bhfuil á iarraidh”.

Torann Comhthimpeallach: An meánleibhéal torainn thar thréimhse áirithe ama, arna dhéanamh de ghnáth d'fhuaim ó go leor foinsí, i bhfad is i ngar.

TSÁ: Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, na léarscáileanna contae lena dtaispeántar na láithreáin seandálaíochta agus lámhleabhair a théann leo.

TSfC: Taifead na Struchtúr faoi Chosaint, taifead ar struchtúir faoi chosaint i limistéar feidhme an Údaráis Phleanála agus ina bhfuil uimhir agus seoladh aitheantais le haghaidh gach struchtúr faoi chosaint agus léarscáil amháin nó níos mó lena n-aithnítear suíomh gach struchtúr faoi chosaint.

Úsáid Talún: Na gníomhaíochtaí a tharlaíonn laistigh de limistéar áirithe spáis.

Aguisín 6

Tagairtí

Burton, T., Sharpe, D., Jenkins, N., & Bossyani E., *Wind Energy Handbook*

Church J.M., Hodgetts N.G., Preston C.D. & Stewart N.F. (2004) *British Red Data Books: Mosses and Liverworts*. Joint Nature Conservation Committee, Peterborough.

Church J.M., Coppins B.J., Gilbert O.L. et al. (1996) *Red Data Books of Britain & Ireland: Lichens. Volume 1: Britain*. Joint Nature Conservation Committee, Peterborough.

COMHAR (2001) *Principles for Sustainable Development* COMHAR (National Sustainable Development Partnership) Dublin

Cork County Council /Wind Consult /Gestanga/MosArt (2000) *Wind Energy and Landscape: Co. Cork Planning Study* (Altener Project AL/98/542) Final Report Cork County Council

Curtis T.G.F & McGough H.N (1988) *Irish Red Data Book 1. Vascular Plants*. Stationery Office, Dublin.

Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands (1999), *Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage*

Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands (2002) *National Biodiversity Plan*

Department of the Environment, Heritage & Local Government (2003) *Environmental Impact Assessment (EIA) Guidance for Consent Authorities regarding Sub- Threshold Development*.

Department of the Environment, Heritage and Local Government (2002) *Implementation of the National Climate Change Strategy - Progress Report*

Department of the Environment & Local Government (2002) *National Spatial Strategy 2002-2020*

Department of the Environment & Local Government (2000)
National Climate Change Strategy

Dept of the Environment & Welsh Office (1993) *Planning Policy Guidance: PPG22: Renewable Energy. Annex.* HMSO, London

Department of the Marine & Natural Resources (2001) *Offshore Electricity Generating Stations – Note for Intending Developers*

Department of Public Enterprise (1999) *Green Paper on Sustainable Energy*

Dept of Trade & Industry UK (ETSU) (1996) *The Assessment and Rating of Noise from Wind Farms* Energy Technology Support Unit

Douthwaite, R. (Ed), (2003) *Before the Wells Run Dry.* Feasta (Foundation for the Economics of Sustainability), Lilliput Press (Dis.)

Duddleston, A., (2000) *Public Attitudes towards Wind Farms in Scotland: Results of a Residents Survey* Scottish Executive Central Research Unit, Edinburgh

Environmental Protection Agency (2002) *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements* EPA Wexford

Environmental Protection Agency (2003) *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements)* EPA Wexford

Environmental Protection Agency (2003) *Environmental Noise Survey - Guidance Document* EPA Wexford

European Communities (2001) *Assessment of Plans and Projects Significantly Affecting Natura 2000 Sites. Methodological Guidance on the Provisions of Article 6(3) & (4) of the Habitats Directive 92/43/EE* Office for Official Publications of European Communities, Luxembourg.

Fossitt, J.A. (2000) *A Guide to Habitats in Ireland* Heritage Council, Kilkenny

Galvin, P. (2001) *BirdWatch Ireland Policy on Wind farms*. BWI Policy.

Gilbert, G.; Gibbons, D.W. & Evans, J. (1998) *Bird Monitoring Methods – A Manual of Techniques for Key UK Species*. RSPB, Sandy.

Institute of Geologists of Ireland (2002) *Geology in Environmental Impact Statements - A Guide* Dublin

Institute of Public Administration/CAAS Environmental Services (1994) *EIS Evaluation Handbook for Local Authorities* IPA Dublin

Irish Energy Centre Renewable Energy Information Office (2000) (now SEI) *Development Plans and Renewable Energy*

Landscape Institute & Institute of Environmental Management and Auditing (UK) (2002) *Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment*. 2nd Edition, Spon Press, London

Madders, M. (2002) *Survey Methods to Assess Wind Farm Impacts on Upland Bird Communities*. Scottish Natural Heritage.

Møller & Grønberg AS (1996) *Wind Turbines in harmony with the landscape* Løgstør Municipality, Denmark

MORI Scotland. (2002) *Tourist Attitudes Towards Wind Farms*. Scottish Renewables Forum & British Wind Energy Association.

National Assembly for Wales (1996) *Renewable Energy - Planning Guidance (Wales)*, Technical Advice Note (Wales) 8

National Parks and Wildlife/Birdwatch Ireland/*Irish Raptor Study Group (2003) Recommended methodology for assessment of impacts of proposed wind farms on breeding hen harrier within the known range of the species in Ireland.*

Newton, S., Donaghy, A., Allen, D. & Gibbons, D. (1999) *Birds of Conservation Concern in Ireland*. Irish Birds 6, 333-344.

Norriss, D.W., Marsh, J., McMahon, D. & Oliver, G.A. (2002) *A National Survey of Breeding Hen Harriers *circus cyaneus* in Ireland 1998-2000* Irish Birds 7: 1-10.

Parsons, A., Hunt J., & McGrath B., (2002) *Review of the Implications for Heritage of the Expansion of the Wind Industry in Ireland* Report prepared for Heritage Council.

Pasqualetti, M. J., P. Gipe and R. W. Righter (Eds.), (2002) *Wind Power in View – Energy Landscapes in a Crowded World*. Academic Press.

Percival, S. M. (2003) *Birds and Wind Farms in Ireland: A Review of Potential Issues and Impact Assessment*. Report to Sustainable Energy Ireland.

Pilcher, J. & Hall V (2001) *Flora Hibernica* Collins Press. Cork .

PREDAC *Spatial planning of Wind Turbines Guidelines & Comparisons of European Experiences* France.

Renewable Energy Strategy Group (2000) *Strategy for Intensifying Wind Energy Deployment*, Stationery Office, Dublin.

Scottish Executive (2002) *PAN (Planning Advice Note) 45, Renewable Energy Technologies*, Revised, The Scottish Office, Edinburgh.

Scottish Executive (2001) *NPPG (National Planning Policy Guideline) 6, Renewable Energy Development*, The Scottish Office, Edinburgh.

Scottish Natural Heritage (2001), *Guidelines in the Environmental Impacts of Wind Farms and Small Scale Hydroelectric Schemes Redgorton*, Perth

Stanton, C., (1996) *The Landscape Impact and Visual Design of Wind Farms* School of Landscape Architecture, (Landscape Publication NoLP/9603) Herriot Watt University, Edinburgh

Sustainable Energy Ireland (2003) *Attitudes towards the Development of Wind Farms in Ireland*.

Sustainable Energy Ireland. (2003) *Wind Atlas for Ireland*.

Trocme, M. ed. (2002) COST 341. *Habitat Fragmentation Due to Transport Infrastructure: The European Review*. European Commission. Brussels.

Transmission System Operator (Annual) *Forecast Statement Ireland*.

University of Newcastle (2002) *Visual Assessment of Wind Farms Best Practice*. Scottish Natural Heritage Commissioned Report F01AA303A.

Watson D. (1977) *The Hen Harrier*, T&AD Poyser, Berkhamsted.

Watson D. (1997) *The Golden Eagle*, T&AD Poyser, London.

Whilde, A.(1993) *Threatened Mammals, Birds, Amphibians and Fish in Ireland*. Irish Red Data Book 2. Vertebrates. HMSO, Belfast.

Treoirínte Phleanála